

Intreoir

Tá an leabhar seo, *Staidéar Gnó: TGMO*, dírithe ar chúrsa TGMO de chuid CCEA.

Tá sé chaibidil déag sa leabhar agus iad bunaithe ar na topaicí éagsúla.

Cuireadh an leabhar seo le chéile i gColáiste Feirste. Ní raibh leabhar ar fáil as Gaeilge nuair a thosaigh mé a dh'obair sa scoil agus le cuidiú ó nótaí a bhí déanta ag mo chomhghleacaí, Wayne Pickering, thosaigh mé a chur leabhráin le chéile.

Tá súil agam go mbeidh sé ina chuidiú ag idir dhaltaí agus oidí agus iad ag dul don Staidéar Gnó.

Edel Ní Chorráin



Daoine i Saol an Ghnó



Cad é an pháirt atá ag na daoine seo i saol an ghnó?

Infheisteoirí:

Fiontraithe:

Oibrithé:

Ceardchumannaithe:

Bainisteoirí:



Tomhaltóirí agus Táirgeoirí:

Soláthraíonn táirgeoirí earraí críochnaithe agus earraí leathchríochnaithe. (Cuireann siad iad ar fáil). Má choinníonn siad a gcuid costas chomh híseal agus is féidir chun an brabús is airde a fháil, faigheann siad toradh maith ar an infheistíocht.

Soláthraíonn sé/sí earraí críochnaithe do na tomhaltóirí nó amhábhair do ghnólachtaí eile (píosáí de rudaí/páirteanna de na hearraí).



Nuair a aontaíonn soláthraí/táirgeoir ar amhábhair a chur ar fáil don phróiseas táirgthe, bíonn conradh idir an duine sin agus an táirgeoir eile maidir le praghsanna, dátaí agus tairiscintí speisialta. Caithfidh siad beirt cloí leis an chonradh sin. Bíonn iomaíocht ar siúl chun conarthaí a fháil.

Nuair atá na hearraí críochnaithe, ceannaíonn na tomhaltóirí iad. Bíonn iomaíocht ansin chomh maith, mar bíonn an táirgeoir ag iarraidh an praghas is airde agus is féidir a chur ar an earra agus bíonn an tomhaltóir ag iarraidh an praghas is ísle a íoc don earra.

Infheisteoirí

Infheisteoirí a chuireann an t-airgead ar fáil le haghaidh tionscnaimh nua. Ní dhéanann siad infheistiú ach nuair a bhíonn seans maith ann go bhfaighidh siad toradh maith ar a gcuid airgid. Bealach coitianta le hairgead a infheistiú is ea scaireanna a cheannach i gcomhlacht. Is páirt-úinéir i gcomhlacht é an **scairshealbhóir** agus faigheann sé/sí cuid den bhrabús – **díbhinn** a thugtar ar an chuid sin.

Déanann bainc agus cumainn fhoirgníochta infheistiú i ngnólacht trí iasachtaí a thabhairt do na fiontraithe. Ní thugann siad an iasacht go dtí go mbíonn plean gnó an ghnólachta scrúdaithe acu.

Fostóirí agus Fostaithe

Fostóirí

Nuair a thugann duine post d'fhoireann, is fostóir é/í. Fostaíonn siad bainisteoirí agus saineolaithe eile le cuidiú leo mura bhfuil na bunscileanna bainisteoireachta acu.

Bíonn orthu bheith ag smaoineamh faoin dlí:



- coinníollacha cearta oibre
- pá réasúnta
- áiseanna san áit oibre, mar shampla,
 - leithris
 - páirceáil
 - ceaintín

Caithfidh siad an fhoireann a spreagadh sa dóigh go n-oibreoidh siad go crua agus go mbainfidh siad taitneamh as an obair fosta.

Fostaithe


Fostaí – duine a ndéantar comhaontú leis nó léi chun post áirithe a dhéanamh ar phá nó ar thuarastal.

nó

duine a shíníonn Conradh ag rá go bhfuil sé/sí sásta obair a dhéanamh ar phá áirithe.

Oibríonn na daoine níos fearr má tá pá cóir agus coinníollacha maithe oibre acu.

In amanna, ní aontaíonn an fostóir agus na fostaithe agus mar gheall air sin, téann a lán oibrithe isteach i gceardchumann chun cosaint a fháil.





Soláthraithe Seirbhísí

– Na daoine a chuireann seirbhísí ar fáil do ghnólachtaí

Samplaí:

- Gníomhaireachtaí taighde margaidh – déanann siad taighde ar an mhargadh. Tugann siad comhairle do na gnólachtaí.
- Institiúidí airgeadais – a chuireann iasachtaí, cuntais reatha agus comhairle ar fáil.
- Cuntasóirí – a chuireann comhairle ar fáil agus na scileanna teicniúla atá de dhíth chun cuntas a ullmhú.
- Dlídóirí – a chuireann comhairle dhlí ar fáil.
- Cuideachtaí árachais - a chuireann árachas ar fáil.
- Cumainn fostóirí agus cumainn fostaithe – cumainn do na daoine a thugann poist do dhaoine **agus** cumainn do na daoine atá fostaithe – bíonn comhairle agus seirbhísí eolais ar fáil uathu.
- Gnólachtaí iompair.
- Gníomhaireachtaí fógraíochta – a chuireann gach cineál fógraíochta ar fáil.





Tairgeadh 1



Táirgeadh

Chun earraí agus seirbhísí a sholáthar bíonn acmhainní de dhíth ar ghnólachtaí. Baineann siad úsáid as amhábhair chun rudaí a dhéanamh.

Mar shampla, canna pónairí – pónairí
anlann dearg
cannaí
páipéar



Is **acmhainní** nó **earraí táirgeora** iad na rudaí seo. Déanann gnólacht amháin na hearraí seo agus díolann siad iad do ghnólacht eile.

Baineann na hoibrithe úsáid as na hacmhainní seo chun earraí a dhéanamh. Baineann siad úsáid as meaisíní agus innill chun earraí a dhéanamh sa mhonarcha.

Is **earraí caipitil** iad na meaisíní agus an mhonarcha.

Tugtar fachtóirí táirgthe ar na rudaí seo atá de dhíth chun earra nó seirbhís a sholáthar.

Amhábhair – rud ar bith a thagann ón talamh nó ón fharraige – na coillte, móin, gual, glasraí, iarann, mianraí, éisc, feamainn srl.

Oibrithe – bíonn oibrithe de dhíth i gcónaí – tiománaithe, bainisteoirí, dlíodóirí, srl.

Caipiteal - rudaí atá déanta ag daoine – meaisíní, áireamháin, ríomhairí, siopaí, monarchana srl. a úsáideann na hoibrithe.

Fiontar – bíonn daoine le heolas maith de dhíth chun daoine eile a stiúradh sa treo ceart.

Is iad na hollmhargaí na custaiméirí atá ag Heinz, mar shampla. Ceannaíonn siadsan na cannaí agus díolann siad iad dá gcustaiméirí féin. Nuair a itheann muid na pónairí, is tomhaltóirí muid.

Bíonn **riachtanais** againn uile. Tá difear idir na rudaí atá de dhíth orainn agus na rudaí ba mhaith linn.

Riachtanais: na rudaí atá de dhíth orainn

Bia
Deochanna
Dídean
Teas
Éadaí

Bíonn na rudaí seo de dhíth orainn le fanacht beo ach bímid i gcónaí ag iarraidh níos mó earraí agus seirbhísí.

Mianta: na rudaí ba mhaith linn a bheith againn

Teilifíseán
Páipéar nuachta
Dlúthdhioscaí
Leabhair
Seodra
Ríomhaire
Liathróidí peile

Tá difear idir na rudaí a bhíonn daoine ag iarraidh a bheith acu in Éirinn agus san Afraic mar shampla. In amanna ní bhíonn go leor bia acu ansin ach bíonn barraíocht bia ag Éireannaigh, de ghnáth. Bímidne ag iarraidh bia atá níos deise agus níos fusa a ullmhú.



Ceisteanna

- Cad é an rud gnólacht?
- Tá otharlann na cathrach san earnáil phoiblí. Cad é a chiallaíonn sin?
- Cad iad na hacmhainní atá de dhíth chun ‘*Big Mac*’ a dhéanamh?
- Cad iad na ceithre fhachtóir táirgthe?
- Cad é an difear idir custaiméir agus tomhaltóir?
- Léigh an liosta agus scríobh síos:
 - (a) na hearraí tomhaltóra
 - (b) na hearraí táirgeora
- canna pónairí, meaisín níocháin, bríste, monarcha, cupán agus sásar, tarracóir.
- Cad iad na riachtanais bhunúsacha atá ag daoine?
- Cad é an difríocht idir an rud atá de dhíth ar dhaoine agus an rud ba mhaith leo?

Gnólachtaí beaga agus gnólachtaí móra

Nuair a bhunaíonn fiontraí gnólacht, bíonn cuid mhór oibre le déanamh aige/aici. In amanna, ní bhíonn an t-airgead aige/aici chun daoine a fhostú agus déanann sé/sí an obair uilig leis/léi féin ag an tús. Díolann sé/sí na hearraí nó na seirbhísí agus íocann na tomhaltóirí as na hearraí nó na seirbhísí. Nuair a thosaíonn an t-airgead ag teacht isteach, síleann na fiontraithe - in amanna - go bhfuil cuidiú de dhíth orthu agus fostaíonn siad daoine eile.

Thig leo bainisteoir a fhostú chun cuid de na dualgais a ghlacadh. Nuair a bhíonn an gnólacht beag, bíonn sé furasta go leor súil a choinneáil ar gach rud, ach nuair a éiríonn sé níos mó, caithfidh gach duine eolas a bheith acu ar na freagrachtaí atá acu sa ghnólacht.

Le gnólachtaí beaga, siopa nuachtán, mar shampla, bíonn na freagrachtaí uile ar dhuine amháin, an chuid is mó den am. Bíonn siad ag obair leis na hoibrithe, na tomhaltóirí, na táirgeoirí srl.

Ceist

Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an chineál seo gnólachta?

Buntáistí:

- 1.
- 2.
- 3.

Míbhuntáistí:

- 1.
- 2.
- 3.

In amanna, bíonn sé níos fearr gnólacht beag a choinneáil beag.
Cad chuige? Tabhair sampla den chineál seo gnólachta.

Nuair a éiríonn an gnólacht níos mó, ollmhargadh, mar shampla, bíonn ar an fhiontraí, nó an t-úinéir nó an bainisteoir cuid de na dualgais a thabhairt do dhaoine eile. Ní thig le duine amháin gach rud a dhéanamh, cé go mbíonn sé deacair in amanna muinín a chur i ndaoine eile an rud a dhéanamh. Bíonn leibhéil dhifriúla ann i ngnólachtaí móra. Bíonn an t-úinéir ag an bharr, ansin na bainisteoirí agus ansin na hoibrithe. Bíonn freagrachtaí difriúla acu uile ach tá siad ar fad iontach tábhachtach má tá an gnólacht ag dul a fheidhmiú mar is ceart.

Ceist

Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an chineál seo gnólachta?

Buntáistí:

1. Thig leo níos mó rudaí a chur ar fáil do na custaiméirí.
- 2.
- 3.

Míbhuntáistí:

- 1.
- 2.
- 3.

**Cad iad na haidhmeanna nó na cuspóirí atá ag na daoine seo
a leanas i saol an ghnó?**

Custaiméirí:

- Roghanna
- Luach a gcuid airgid a fháil



Lucht fostaithe/oibrithe:

-
-

Úinéirí:

-
-

Bainisteoirí:

-
-

Na táirgeoirí:

-
-

Na scairshealbhóirí:

-
-

TÁIRGEADH

Cén dóigh a ndéanann gnólachtaí cinneadh ar cén sórt earraí atá siad ag dul a dhéanamh nó cén sórt seirbhísí atá siad ag dul a chur ar fáil?

San am atá caite, rinne na gnólachtaí na hearraí ar tús agus ansin thosaigh siad a smaoineamh ar cad é mar a bhí siad ag dul a ndíol.

Sa lá atá inniu ann, déanann na gnólachtaí **taighde** ar an mhargadh agus faigheann siad amach, ag an tús, cad iad, agus cén sórt earraí agus seirbhísí atá na custaiméirí a iarraidh. Thig leo plean a dhéanamh ag brath ar thorthaí an taighde.

Dá mbeadh gnólacht ag smaoineamh ar charr úr a chur ar an mhargadh cén sórt taighde a dhéanfadh siad?

- An praghas atá na custaiméirí sásta a íoc
-
-
-
-
-

Nuair atá an taighde déanta, déanann na fiontraithe rogha – an fiú an carr a dhéanamh nó arbh fhearr an t-airgead a chur isteach i bhfiontar eile.



Nuair atá siad measartha cinnte gur smaoineamh maith é, tosaíonn siad ag obair ar phleananna. Bíonn orthu labhairt le baineannas faoi iasachtaí nó faigheann siad amach cén sórt deontas atá ar fáil. In amanna, bíonn infheisteoirí ag iarraidh airgead a chur isteach i ngnólaí agus faigheann an fiontraí an t-airgead ar an dóigh seo.

Bíonn ar an fhiontraí foirgneamh nó monarcha a fháil chun an t-earra a dhéanamh.

Cad iad na rudaí eile atá le déanamh sula dtosóidh an táirgeadh?

-
-
-
-
-



An Margadh

Nuair atá an t-earra réidh ag an ghnólacht, déanann siad iarracht é a dhíol ar an phraghas is airde a thig leo a fháil. Buaileann na táirgeoirí agus na custaiméirí le chéile sna **margaí**.


Má bhíonn taighde maith déanta ag an ghnólacht, bíonn tuairim mhaith acu cén sórt praghais atá siad ag dul a fháil ach in amanna ní fhaigheann siad an praghas seo.

Cad chuige?

-
-
-

Má tá an gnólacht ag díol an earra ag an phraghas a bhí siad a iarraidh, ba chóir go mbeadh brabús acu. Mura bhfuil na custaiméirí sásta na hearraí a cheannach ag an phraghas seo, caillfidh an gnólacht airgead.

Ní mhairfidh gnólachtaí nach ndíolann na hearraí ar an phraghas a bhí siad a iarraidh má leanann sin ar aghaidh ar feadh tamaill fhada.



Thig leis an cheannach agus an díol seo bheith ag dul ar aghaidh i do cheantar áitiúil, sa tír (margadh náisiúnta) nó sa mhargadh idirnáisiúnta (gnó idir tíortha difriúla)

Uaireanta, buaileann an díoltóir leis an cheannaitheoir agus thig leo an praghas a phlé. In amanna eile, bíonn siad i dteagmháil ar an ghuthán, tríd an phost nó trí ríomhphost.

Ceisteanna:

Scríobh amach na ceisteanna agus na freagraí i do leabhar.

1. Bíonn dhá ghrúpa ann i margadh ar bith.
 - (a) Cé hiad?
 - (b) Cad é a dhéanann siad sa mhargadh?
2. Is margadh é an margadh ola.
Scríobh síos cúig shampla eile.
3. Tabhair sampla de ghnólacht a oibríonn
 - (a) i do mhargadh áitiúil ag díol aráin
 - (b) sa mhargadh náisiúnta ag díol carranna
 - (c) sa mhargadh idirnáisiúnta ag ceannach pónairí caife.



Geilleagar margaidh

Bíonn an córas seo ag brath ar na táirgeoirí agus na tomhaltóirí chun na roghanna sin a dhéanamh – i.e. an margadh.

Má tá daoine sásta praghas áirithe a íoc chun táirge áirithe a cheannach, cuirfidh táirgeoirí an táirge sin ar fáil.

Cad é an aidhm atá ag gnólacht i ngeilleagar margaidh?

Earraí agus seirbhísí a sholáthar ar an chostas is ísle agus ar an phraghas is airde a thig leo a fháil chun brabús ard a dhéanamh.

Cad é a chuireann siad ar fáil?
Cibé rud atá daoine a iarraidh.

Sa gheilleagar margaidh:

- Ní fhaigheann na daoine bochta mórán.
Gan airgead, ní thig leo earraí ná seirbhísí a cheannach.
- Ní bheadh duine ar bith ag iarraidh oideachas/otharlanna/bóithre a chur ar fáil – níl mórán brabúis le fáil ó na rudaí sin.
- Cuireann **an earnáil phríobháideach** an chuid is mó de na hearraí agus na seirbhísí ar fáil.

Samplaí: Stáit Aontaithe Mheiriceá, an tSeapáin.

Bíonn fadhbanna ann leis an chóras seo agus mar gheall air sin, cuidíonn an rialtas leis na daoine.
Tugann siad airgead dóibh.

Cuireann an rialtas earraí agus seirbhísí ar fáil nach bhfuil daoine eile ag iarraidh a dhéanamh. Úsáideann siad an t-airgead a fhaigheann siad ó cháin. Déanann na rialtais seo tríd **an earnáil phoiblí**.


Geilleagar measctha

Cuireann an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí earraí agus seirbhísí ar fáil.

Bíonn ról níos tábhachtaí ag an rialtas sa gheilleagar mheasctha. Cad chuige?

- Dífhostaíocht
- Bóithre/soilse tráchta/scoileanna
- Cáin ar rudaí contúirteacha – toitíní, alcól
- Dlíthe – gan cead ag gnólachtaí an timpeallacht a scrios
- Deontais a chur ar fáil
- Airgead do dhaoine nach bhfuil post acu
- Cúram sláinte saor

Samplaí: An Bhreatain Mhór, Éire



Earnálacha gnó

Úsáidtear trí phríomhearnáil le gnólachtaí a chur i ngrúpaí:

An earnáil phríomhúil

Gnóthaí bainte le hamhábhair – rudaí a fhaigheann siad ón talamh nó ón fharraige.

Samplaí: iascaireacht, feirmeoireacht.



An earnáil thánaisteach


Gnóthaí a bhaineann úsáid as na hamhábhair chun earraí críochnaithe a dhéanamh.

Samplaí: déantóirí ríomhairí/carranna comhlachtaí éadaí.

An earnáil threasach

Gnóthaí a thugann seirbhísí do thomhaltóirí.

Samplaí: bainc, dlíodóirí, bialanna



Nuair a éiríonn tíortha níos saibhre athraíonn siad ón earnáil phríomhúil go dtí an earnáil threasach – cosúil leis an Bhreatain Mhór nó Éire. San am atá caite, bhí an tír seo ag brath ar an earnáil phríomhúil – feirmeoireacht go háirithe. Anois níl an méid céanna béime ar an fheirmeoireacht ná ar an iascaireacht. Tharla seo mar gheall ar iomaíocht ó thíortha eile. Tá an earnáil thánaisteach agus an earnáil threasach níos tábhachtaí sa lá atá inniu ann.

Bíonn na hearnálacha gnó ag brath ar a chéile i gcónaí.

Sampla: Síol caife → Nescafe → Tesco.
(1) (2) (3)

Ní oibríonn an córas seo mura bhfuil siad ag obair le chéile.



An Earnáil Phríobháideach



Gnólachtaí éagsúla

Thig linn gnólachtaí a chur i ngrúpaí ag brath ar chúinsi áirithe: cé leis an gnólacht, cad é mar a fhaigheann siad an t-airgead agus cad iad na freagrachtaí atá acu.

Nuair atá an t-úinéir ag bunú an ghnólachta caithfidh sé/sí smaoineamh ar na rudaí seo:

- an bhfuil sé sásta an seans a ghlacadh go gcaillfidh sé gach rud?
- an bhfuil sé ag iarraidh bheith i mbun gach rud?
- an bhfuil sé ag iarraidh go mbeidh an brabús ar fad aige – gan é a roinnt le duine ar bith?
- an bhfuil sé sásta leis na freagrachtaí?
- an bhfuil sé ag iarraidh go mbeidh a fhios ag daoine rudaí faoi ghnólacht s'aige?
- cad é a tharlódh don ghnólacht s'aige dá bhfaigheadh sé bás?

Trádálaí aonair:

Más le duine amháin an gnó is trádálaí aonair é.

Is é an duine sin an t-úinéir agus déanann sé na socrúithe uile agus bíonn na freagrachtaí uile air/uirthi.

Oibríonn trádálaí aonair faoina (h)ainm féin.



Buntáistí:

- Furasta a bhunú:

Caithfidh tú áit a fháil agus cead a fháil rudaí a dhíol ach thig leis an trádálaí seo a dhéanamh go furasta agus go gasta.

- Furasta a reáchtáil:

Ní gá don úinéir cead a fháil ó dhaoine eile má tá sé ag iarraidh rudaí a dhéanamh nó a athrú. Thig leis an trádálaí an obair uile a dhéanamh gan a bheith buartha faoi bhainisteoirí ná faoi dhaoine eile.

- Buntáistí cánach
Ráta níos fearr do thrádálaí aonair.



- Cumhacht
Tá an gnó faoi smacht s'aige féin – tá an chumhacht uile aige. Mura bhfuil an t-úinéir ag iarraidh dul isteach i rud, ní chaithfidh sé. Tá an rogha sin aige.
- Airgead
Níl mórán airgid de dhíth ar thrádálaí aonair i gcomparáid le cineálacha eile gnólachtaí. Faigheann an t-úinéir an brabús uile – níl duine eile ann chun cuid den airgead a fháil. Má oibríonn an duine go crua, de ghnáth ciallaíonn sé seo go bhfaighidh sé brabús mór.
- Príobháideach
Níl a fhios ag duine ar bith cá mhéad airgid atá ag an úinéir.
- Caidreamh maith
Réitíonn an fhoireann go maith le chéile de ghnáth i ngnólacht beag. Bíonn aithne mhaith acu ar a chéile.



Míbhuntáistí:

- Fiachas neamhtheoranta:
Thiocfadh leis an trádálaí aonair an t-airgead ar fad a chuir sé isteach sa ghnólacht a chailleadh. Má theipeann ar an ghnó, caillfidh an t-úinéir airgead s'aige. Níl teorainn ann den mhéid airgid a thiocfadh a chailleadh.
- Nuair nach bhfuil an t-úinéir ag iarraidh an gnó a choinneáil ag dul, seans nach mbeidh duine ar bith eile ag iarraidh é a choinneáil ag dul ach oiread.
- Tinneas
Má tá an t-úinéir tinn, caillfidh sé airgead.
- Obair chrua agus uaireanta fada
- go háirithe ag an tús. Bíonn cuid mhór le déanamh agus ní bhíonn an t-airgead acu chun daoine a fhostú ag an tús go minic.
- Caipiteal
Bíonn sé deacair caipiteal/airgead a fháil. Bíonn sé deacair infheisteoirí a fháil.

- Brú

Caithfidh an trádálaí aonair gach rud a dhéanamh. Tá an gnó ag brath air. Mothaíonn siad faoi bhrú in amanna mar gheall ar na freagrachtaí a bhíonn orthu. Thig leo bheith uaigneach fosta. Bíonn sé maith tuairimí daoine eile a fháil in amanna agus fadhbanna a phlé le daoine.

Comhpháirtíocht

De réir an dlí, thig le 2 – 20 a bheith sa chomhpháirtíocht.

Bíonn fiachas neamhtheoranta acu. Ciallaíonn sé seo go dtiocfadh leo airgead s'acu a chailleadh dá dteipfeadh ar an ghnólacht. Má tá airgead le tabhairt ar ais ag an ghnólacht – chuig an bhanc, mar shampla, caithfidh na húinéirí é seo a íoc, fiú dá mbeadh orthu teach s'acu féin a dhíol nó rudaí eile atá acu atá fiúntach. Dá mbeadh an locht ar dhuine amháin go bhfuil siad i dtrioblóid, bheadh ar gach duine íoc.



De ghnáth, bíonn Conradh ag an chomhpháirtíocht.

Deir sé seo:

- Cé hiad na daoine atá sa chomhpháirtíocht
- Cá mhéad airgid atá curtha isteach sa ghnólacht acu
- Cad é mar atá siad ag dul a roinnt an bhrabúis
- Cá mhéad vóta a bheidh ag gach duine ag na cruinnithe
- Cad é a dhéanfaidh siad má tá duine éigin ag iarraidh imeacht nó má tá duine úr ag iarraidh teacht isteach.

Mura bhfuil an Conradh seo ann, bíonn gach duine mar an gcéanna de réir an dlí – iad uile chomh tábhachtach is atá na daoine eile. Faigheann siad an t-airgead céanna agus bíonn an méid céanna vótaí acu uile.

In amanna ní bhíonn na daoine páirteach sa ghnólacht ó lá go lá. Cuireann siad airgead isteach ag an tús ach ní thig leo rud ar bith a athrú.

Buntáistí atá ag comhpháirtíocht

Tá cuid mhór de na buntáistí céanna ag comhpháirtíochtaí is atá ag trádálaí aonair.

- Furasta a bhunú:

Ní gá dóibh dlíodóirí ná cuntasóirí a fhostú, de ghnáth.

- Airgead

Níl mórán airgid de dhíth ar chomhpháirtíochtaí i gcomparáid le cineálacha gnólachtaí eile. Is leis na daoine atá sa chomhpháirtíocht an brabús uile.

- Príobháideach

Níl a fhios ag duine ar bith cá mhéad airgid atá ag na daoine sa chomhpháirtíocht.

- Caidreamh maith

Réitíonn an fhoireann go maith le chéile, de ghnáth, i ngnólacht beag. Bíonn aithne mhaith acu ar a chéile. Bíonn caidreamh maith idir na daoine uile atá sa chomhpháirtíocht, de ghnáth.

- Tacaíocht



Ní bhíonn an brú céanna ar na comhpháirtithe as siocair go dtig leo tacaíocht agus cuidiú a fhail ó na daoine eile. In amanna bíonn smaointe úra ag na daoine úra a thagann isteach sa chomhpháirtíocht a chuidíonn leis an ghnólacht.

- Caipiteal

Níos mó caipitil cionn is go bhfuil beirt nó níos mó ag cur airgid isteach.

Míbhuntáistí atá ag comhpháirtíocht:

- Fiachas neamhtheoranta:

Thiocfadh leis an chomhpháirtíocht an t-airgead ar fad a chuir siad isteach sa ghnólacht a chailleadh. Má theipeann ar an ghnó, caillfidh na húinéirí airgead s'acu. Níl teorainn ar an mhéid airgid a thiocfadh leo a chailleadh.

- Obair chrua agus uaireanta fada

– go háirithe ag an tús. Bíonn cuid mhór le déanamh agus ní bhíonn an t-airgead acu chun daoine a fhostú ag an tús, go minic.



- Daoine ag argóint

Thig leis seo dochar mór a dhéanamh don ghnólacht. Má thosaíonn daoine a throid agus gan conradh a bheith acu, éiríonn an fhadhb seo níos mó.

Comhpháirtíochtaí

Samhlaigh go bhfuil tusa páirteach i gcomhpháirtíocht.

- Cén sórt gnó é? _____

- Cad é an t-ainm atá air? _____

- Cad iad na hearraí nó na seirbhísí a chuireann sibh ar fáil?

- Cá mhéad duine eile atá sa ghnó?

- Cén ról nó post atá agat féin?

In amanna, briseann daoine muinín na comhpháirtíochta – ciallaíonn sé seo nach bhfuil muinín ag na páirtithe (daoine) eile astu.

Bíonn conradh nó **GNÍOMHAS COMHPHÁIRTÍOCHTA** ag an chuid is mó ar eagla go dtarlaíonn sin.

- Scríobh amach an gníomhas comhpháirtíochta atá agaibh. Cuir isteach na gnáthrudaí ach cuir isteach cúpla rud eile a bheadh tábhachtach duitse dá mbeifeá páirteach i gcomhpháirtíocht.

GNÍOMHAS COMHPHÁIRTÍOCHTA

Trádálaí Aonair agus Comhpháirtíochtaí

Fiachas neamhtheoranta

Ciallaíonn sé seo go bhfuil na húinéirí freagrach as airgead an ghnó.

Bíonn comhpháirtíochtaí coitianta ag ceirdeanna – cosúil le dochtúirí, dlíodóirí, srl. – níl cead acu teorainn a chur le fiachas s’acu – níl cead acu teorainn a chur ar an mhéid airgid a thiocfadh leo a chailleadh.

Ní chuireann siad sonraí a ngnó ar fáil go poiblí.

Tagann airgeadas óna gcuid acmhainní féin, deontais ón rialtais, ó iasachtaí bainc agus ó infheisteoirí, in amanna.



An bhfuil rud ar bith eile a bhaineann leis an bheirt acu?

-
-
-
-

CEIST:

D'oscail Eoin siopa mar thrádálaí aonair i 1991. Chuidigh a bhean chéile leis. Ba ghnách leis bheith ag obair i sraith ollmhargaí ach ansin bhí sé ag iarraidh dúshlán úr a bheith aige. Bhí £5000 ar an fhiontar seo a bhunú ach nuair a tháinig tinneas ar a bhean, bhí air cuid mhór ama a chaitheamh ag obair ar an ábhar go raibh air an obair uile a dhéanamh leis féin.

Thug sé post do leasbhainisteoir chun cuidiú a thabhairt dó. Ach, go fóill, bhí na seilfeanna leathfholamh agus thosaigh sé a chailleadh airgid. Shocraigh Eoin go rachadh sé isteach i gcomhpháirtíocht le cara dá chuid.

Bain úsáid as an scéal thuas agus d'eolas féin agus freagair na ceisteanna thíos:

- a) Cad é a chiallaíonn:
 - Fiachas neamhtheoranta
 - Comhpháirtíocht
- b) Scríobh trí bhuntáiste a bhaineann le trádálaí aonair.
- c) Cén fáth a dtéann 1/3 de thrádálaithe aonair as obair sa chéad bhliain dóibh bheith ag obair.

Chun ceist **a)** a dhéanamh, bain úsáid as an sampla thuas (nó do shampla féin) leis an fhreagra a scríobh go mion. Cad é a chiallaíonn na téarmaí seo d'Eoin?

Beidh do fhreagra ar cheist **c)** níos faide. Beidh eolas maith de dhíth ort ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí. Bheadh níos mó marcanna ag dul don cheist seo.

Is cuma cé acu – trádálaithe aonair nó comhpháirtíochtaí – atá i gceist, nuair atá daoine ag dul a bhunú gnó, is iad seo na príomhghnéithe a bhíonn de dhíth:

- Cead trádála
– B’fhéidir go mbeadh ceadúnas ón chomhairle áitiúil de dhíth
- Clárú chun Cáin Bhreisluacha (CBL) a íoc
– má tá an gnó mór go leor
- Cuntais bhrabúis agus chailteanais
– Beidh siad ábalta an gnó a mheasúnú do cháin agus d’árachas
- Fios acu ar dhlíthe sláinte agus sábháilteachta agus a bheith réidh chun na rialacha seo a leanúint.



COMHLACHTAÍ TEORANTA

Tá difear idir na comhlachtaí agus na trádálaithe aonair nó na comhpháirtíochtaí.

Bíonn difear idir an dóigh a maoinítear iad (an bealach a fhaigheann siad a gcuid airgid), an dóigh a n-oibríonn siad agus an fiachas a bhíonn ar na húinéirí (teoranta nó neamhtheoranta).



Gnó le fiachas teoranta = Comhlacht

Fiachas teoranta

Bíonn teorainn ar an mhéid airgid a thiocthadh leis an húinéirí a chailleadh. Ní chailleann siad gach rud má theipeann ar an chomhlacht.

Tá dhá chineál comhlachta ann

- **COMHLACHTAÍ TEORANTA PRÍOBHÁIDEACHA**
- **COMHLACHTAÍ TEORANTA POIBLÍ**

Díolann siad scaireanna le daoine. Is iad na scairshealbhóirí seo a bhíonn ina n-úinéirí ar an chomhlacht seo. Faigheann siad díbhinní gach bliain. Is leis na scairshealbhóirí an comhlacht agus má theipeann ar an ghnólacht agus fiacha aige go fóill (iasachtaí/ airgead le tabhairt ar ais do dhaoine) ní chaillfidh na húinéirí ach an méid a chuir siad isteach. Is é sin le rá, caillfidh siad an t-airgead a chuir siad isteach sa ghnó - an luach a bhí ar na scaireanna nuair a cheannaigh siad iad. Ní bheidh orthu rudaí s'acu féin a dhíol chun an t-airgead a thabhairt ar ais. Is fearr le húinéirí **fiachas teoranta** a bheith acu má tá seans ann go mbeidh fiacha móra ar an ghnó. Tá an brabús nó an t-airgead a fhaigheann na scairshealbhóirí (na díbhinní) ag brath ar cá mhéad scair a bhíonn acu.

De réir an dlí, tá difear idir an gnó agus an t-úinéir i gcomhlacht teoranta. Is é seo ceann de na difríochtaí is mó idir na comhlachtaí seo agus trádálaithe aonair nó comhpháirtíochtaí. Tá ionannas dlíthiúil ag na comhlachtaí iad féin atá scartha ó na scairshealbhóirí - aithnítear comhlacht mar 'rud' ann féin.

Thig leis an chomhlacht bheith bunaithe go háitiúil agus láimhdeachas (an tsuim airgid a thógann comhlacht i dtréimhse áirithe) measartha aige nó thig leis a bheith ina chomhlacht ilnáisiúnta (i gcuid mhór tíortha) agus láimhdeachas ollmhór aige agus scairshealbhóirí aige fosta.

Uaireanta, bíonn an láimhdeachas a bhíonn ag na comhlachtaí ilnáisiúnta níos mó ná ioncam na tíre í féin.


COMHLACHTAÍ TEORANTA **PRÍOBHÁIDEACHA**

Buntáistí:

- Fiachas teoranta
- Ní chaithfidh na scairshealbhóirí bheith buartha faoin bhainisteoireacht
- Ionannas dlíthiúil difriúil
 - ní hionann an comhlacht agus na húinéirí, de réir an dlí.

Míbhuntáistí:

- Caithfidh siad eolas a fhoilsiú faoin chomhlacht do na scairshealbhóirí – eolas faoin bhrabús srl.
- Cruinniú bliantúil
- Thig leis na húinéirí a bhunaigh an comhlacht smacht a chailleadh
 - vóta – thig leo smacht a chailleadh ag an chruinniú bhliantúil
- Ní thig leo scaireanna a dhíol ar an stocmhalartán.



COMHLACHTAÍ TEORANTA POIBLÍ

Buntáistí:

- Fiachas teoranta
- Ní chaithfidh na scairshealbhóirí bheith buartha faoin bhainisteoireacht
- Ionannas dlíthiúil difriúil
 - ní hionann an comhlacht agus na húinéirí de réir an dlí.
- Thig leo scaireanna a dhíol ar an stocmhalartán
- Thig leo na scaireanna a fhógairt – fógraí, bileoga eolais.

Míbhuntáistí:

- Caithfidh siad eolas a fhoilsiú faoin chomhlacht do na scairshealbhóirí – eolas faoin bhrabús srl.
- Cruinniú bliantúil
- Costasach a bhunú – caithfidh siad bileoga eolais a fhoilsiú le heolas faoin chomhlacht.
Iontach furasta do na húinéirí a bhunaigh an comhlacht smacht a chailleadh – cuid mhór scairshealbhóirí.
Trí vóta – thig leo smacht a chailleadh ag cruinniú ar bith.
- Ní bhaineann na scairshealbhóirí uile úsáid as vóta s'acu.
- Bíonn na comhlachtaí iontach mór agus bíonn sé deacair rudaí a shocrú;
 - bainisteoireacht dheacair – caithfidh siad dul i dteagmháil le cuid mhór daoine.



SAINCHEADÚNAIS

Thig le trádálaithe beaga ainm comhlachta mhóir a úsáid má tá saincheadúnas acu.

Thig leo íomhá agus táirge a úsáid agus caithfidh siad táille a íoc go rialta.

Thig leis an chomhlacht bogadh go dtí áiteanna úra agus bainisteoirí ón cheantar sin a fhostú – daoine a bhfuil eolas acu ar an cheantar.

Samplaí:

McDonalds

The Body Shop

Holiday Inn

Kentucky Fried Chicken



I 1994 bhí breis agus 19 000 saincheadúnas sa Bhreatain Mhór.

Thig le gnólachtaí níos mó a dhíol agus iad ag baint úsáide as ainm comhlachta cháiliúil.

Buntáistí don duine a íocann le bheith sa saincheadúnas:

- Faigheann siad cuidiú agus oiliúint ón chomhlacht ag an tús
- Trealamh – don siopa/bialann
- Níos fusa custaiméirí a mhealladh isteach, de ghnáth
- ainm déanta cheana féin
- Tacaíocht agus comhairle ón chomhlacht
- Fógraíocht

Míbhuntáistí:

- Cuid mhór le híoc ag an tús agus gach mí nó bliain ina dhiaidh sin.
- Níl siad ábalta a rogha rud a dhéanamh – bíonn conradh ann le coinníollacha.


COMHARCHUMAINN

De ghnáth, bíonn gnólachtaí ag iarraidh airgead a shaothrú. Is é seo an aidhm is mó atá ag gnólachtaí. Ach, in amanna, bíonn aidhmeanna eile acu – mar shampla, aire a thabhairt don timpeallacht nó rudaí a chur ar fáil do na tomhaltóirí. Is gnóthaí stiúrtha iad na comharchumainn le grúpa daoine a bhfuil suim acu uile sa ghnó, ar mhaithe le gach duine sa ghnó.

Nuair a thosaigh na comharchumainn, thart fá 1840, cheannaigh grúpa oibrithe bia agus earraí eile le chéile. Dhíol siad an hearraí seo do theaghlaigh a bhí ag obair. Roinn siad an t-airgead seo eatarthu de réir an mhéid a chuir siad isteach.

I **gcomharchumainn na n-oibrithe**, cuireann gach saothraí/oibrí an t-airgead céanna isteach. Tá difear idir comharchumainn na n-oibrithe agus comharchumainn na dtomhaltóirí. Is leis na hoibrithe an gnó agus cuireann siad an t-earra nó an tseirbhís ar fáil – is iad na húinéirí na táirgeoirí fosta. De ghnáth, bíonn na comharchumainn seo beag i gcomparáid le gnólachtaí eile. Caithfidh na hoibrithe roghanna a dhéanamh. Bíonn cuid mhór cruinnithe ag comharchumainn an lucht oibrithe chun socruithe a dhéanamh. Bíonn vóta amháin ag gach oibrí, is cuma cá mhéad scair atá acu.

Cuireann na hoibrithe an comharchumann ar bun agus bíonn na socruithe agus an brabús le roinnt go cothrom eatarthu.



Na buntáistí a bhaineann le comharchumainn na n-oibrithe:

- ☺ Bíonn caidreamh maith idir na hoibrithe.
- ☺ Bíonn an aidhm chéanna acu agus oibríonn siad le chéile chun an aidhm sin a chur i bhfeidhm – bíonn inspreagadh maith soiléir ag na hoibrithe.
- ☺ De ghnáth, bíonn siad ag infheistiú airgid i bhfiontair atá ar son leas an phobail.
- ☺ Oibríonn na hoibrithe go crua mar bíonn a fhios acu go bhfaighidh siad níos mó airgid má oibríonn siad go maith.

Na míbhuntáistí a bhaineann le comharchumainn na n-oibrithe:

- ☹ Bíonn sé deacair airgead a fháil, ar an ábhar nach mbíonn na bainc sásta airgead a thabhairt dóibh mar ní bhíonn muinín acu astu.
- ☹ Bíonn sé deacair oibrithe eile a fháil ar an ábhar go bhfuil sé níos fusa comhpháirtíocht a bhunú.
- ☹ Má éiríonn go maith leo, ceannaíonn na comhlachtaí teoranta iad agus bíonn na hoibrithe/húinéirí sásta an t-airgead a ghlacadh.
- ☹ Má tá níos mó airgid de dhíth orthu, ní thig leo scairshealbhóirí úra a ghlacadh isteach. Bíonn sé deacair an gnó a fhorbairt nó é a dhéanamh níos mó.
- ☹ De ghnáth, bíonn teorainn ar an mhéid a fhaigheann an t-oibrí atá ina bhun agus bíonn sé deacair bainisteoirí maithe a fháil mar gheall air seo – mar bíonn a fhios acu go dtiocfadh leo níos mó airgid a fháil i ngnáthghnólacht.
- ☹ Tá seans maith ann nach mbeidh mórán taithí ag na hoibrithe.



Comhlachtaí Teoranta agus Comharchumainn

Cosúlachtaí:


Bíonn comharchumainn cosúil le comhlachtaí teoranta, mar shampla Tesco's, i gcuid mhór bealaí.

- Bíonn scairshealbhóirí ag comharchumainn fosta.
- Bíonn fiachas teoranta ag na scairshealbhóirí.
- Bíonn ionannas dlíthiúil difriúil ag na scairshealbhóirí.

Difríochtaí:


Bíonn difríochtaí eatarthu fosta.

- Bíonn comhlachtaí ag iarraidh airgead a shaothrú agus an brabús is mó is féidir a fháil a bheith acu. Bíonn na scairshealbhóirí ag iarraidh cuid mhór airgid a fháil ó na comhlachtaí ach ní bhíonn sé mar seo le comharchumainn. Bíonn na húinéirí ag iarraidh earra nó seirbhís a chur ar fáil atá déanta de réir ardchaighdeáin.
- Bíonn vóta ag na scairshealbhóirí ag brath ar an líon scaireanna atá acu ach le comharchumann bíonn focal cothrom ag gach rannpháirtí. Bíonn vóta amháin ag gach duine. Is cuma faoin mhéid scaireanna atá acu.



D'éirigh go maith leis na comharchumainn le 60 bliain anuas, go háirithe agus iad ag cur seirbhísí ar fáil. Bhí deacrachtaí ag na siopaí grósaera ó 1945 ar aghaidh mar gheall ar iomaíocht bheith ag teacht ó na hollmhargaí móra cosúil le Tesco's nó Sainsbury's.

- Thig leis na siopaí móra cuid mhór earraí a cheannach le chéile (ar an mhórchóir) ar phraghas níos saoire agus iad a dhíol leis na tomhaltóirí ar phraghas níos ísle ná na comharchumainn.
- Bhí cuid mhór siopaí beaga áitiúla ag na comharchumainn agus bhí sé deacair na praghsanna a choinneáil íseal dá réir.
- Bhí sé deacair ag na comharchumainn ollmhargaí móra a oscailt mar gheall ar easpa airgid. Ní raibh siad ábalta mórán airgid a fháil as a bheith ag díol scaireanna ar an stocmhalartán.
- Ní raibh siad ag iarraidh na siopaí beaga a dhruidim ach oiread de bhrí gur mhothaigh siad go raibh siad ag cur seirbhísí ar fáil do na daoine áitiúla – go háirithe seandaoine agus daoine bochta. Ní bhíonn carranna ag na daoine seo, de ghnáth, agus ní bheadh sé furasta acu dul chuig na hollmhargaí móra.
- Ba ghnách go mbíodh na daoine dílis mar gheall ar na díbhinní a bhí siad a fháil agus dhéanadh siad gnó leis na comharchumainn ach d'athraigh sin nuair a chonaic siad na praghsanna níos saoire i siopaí eile.



An Earnáil Phoiblí (An Rialtas)

EAGRAÍOCHTAÍ SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Caithfidh an rialtas rogha a dhéanamh idir cé acu earraí agus seirbhísí a chuirfidh an earnáil phríobháideach ar fáil agus cé acu a chuirfidh an earnáil phoiblí/an rialtas ar fáil.


Má sholáthraíonn an earnáil phríobháideach an t-earra nó an tseirbhís – ar chóir go ndéanfaidh gnólachtaí ón earnáil phoiblí nó gnólachtaí de chuid an rialtais iad.

Is leis an rialtas cuid de na comhlachtaí tábhachtacha. Baineann an rialtas úsáid as an airgead a fhaigheann siad ó cháin chun na comhlachtaí seo a bhunú. Faigheann siad airgead ó na hearraí agus na seirbhísí a dhíolann siad, chomh maith.

Tá na comhlachtaí seo san **‘Earnáil Phoiblí’**.

AN EARNÁIL PHOIBLÍ

Ta Oifig an Phoist san earnáil phoiblí.
Is leis an stát í.



- Is é an Príomh-aire nó an tUachtarán atá i mbun gach rud sa rialtas lárnach.
- Bíonn airí eile ann fosta. Is é an rialtas áitiúil an rialtas atá ag obair i gcomhairlí contae agus ceantair.

Tá na comhlachtaí stáit seo tábhachtach ar chúiseanna airithe:

– SÁBHÁILTEACHT

- Coinníonn an rialtas smacht ar chomhlachtaí áirithe chun an tír agus an timpeallacht a chosaint le bheith cinnte nach scriosann rudaí contúirteacha an tír.
- Bheadh sé contúirteach dá mbeadh an tArm nó an Péas mar chomhlacht/ghrúpa príobháideach.

Cad chuige?

– AIRGEAD

- Bíonn sé iontach daor cuid de na hearraí agus na seirbhísí a chur ar fáil, mar shampla, soilse bóthair agus ní bheadh comhlachtaí príobháideacha ag iarraidh iad a sholáthar.

– CÚISEANNA SÓISIALTA

- Cuireann comhlachtaí ón earnáil phoiblí seirbhísí riachtanacha ar fáil – mar shampla, oideachas, an péas, cúram sláinte. Caithfidh na seirbhísí seo bheith ar fáil do gach duine.

An Earnáil Phoiblí

- **Soláthar**

Cuireann an earnáil phoiblí cuid mhór rudaí ar fáil, mar shampla, cúram sláinte, oideachas, an t-arm. Bíonn cuid de na rudaí seo curtha ar fáil saor in aisce do thomhaltóirí, mar shampla, oideachas meánscoile. Bíonn praghas i gceist le cuid eile, mar shampla stampaí.

- **Táirgeoir**

Is í an earnáil phoiblí féin a tháirgeann cuid de na seirbhísí agus na hearraí a sholáthraíonn sí – oideachas, cúram sláinte, srl . . .

- **Ceannaitheoir**

Ceannaíonn an earnáil phoiblí cuid eile de na seirbhísí a sholáthraíonn sí ó chomhlachtaí san earnáil phríobháideach – seirbhísí bóithre, áiteanna i dtithe altramaí do sheandaoine.

Corparáid Phoiblí

Is **corparáid phoiblí** í Oifig an Phoist. Is cineál gnó í atá aitheanta sa dlí, cosúil le comhlacht teoranta poiblí. Is leis an rialtas lárnach an chorparáid phoiblí agus tá fiachas teoranta aici. Cuireann an post seirbhísí ar fáil, ó sheirbhísí poist agus bainc idirnáisiúnta go seiceanna leasa shóisialta a thabhairt amach in oifigí beaga.


Tá sé níos fusa go ndéanann comhlacht amháin seo in ionad cúigear fear/ban an phoist ag dul thart ag an am céanna. In amanna, bíonn sé amaideach iomaíocht a bheith ann.

Bhí níos mó comhlachtaí ar an liosta de chorparáidí poiblí i 1979. Bhí British Gas, British Telecom, British Airways agus British Steel air. Le tríocha bliain anuas, áfach, athraíodh cuid mhór de na comhlachtaí ón earnáil phoiblí go dtí an earnáil phríobháideach.

Príobháidiú a thugtar ar an bhogadh ón earnáil phoiblí go dtí an earnáil phríobháideach.

Dhíol an rialtas na corparáidí poiblí do cheannaitheoirí príobháideacha. Bhí siad san earnáil phríobháideach ina dhiaidh sin. Deir daoine go gciallaíonn príobháidiú praghsanna níos saoire agus seirbhís níos fearr mar gheall ar an iomaíocht a théann ar aghaidh sa mhargadh. Measann daoine go n-oibríonn oibrithe níos fearr agus iomaíocht (nó comórtas) agus brabús i gceist.

Is é **Náisiúnú** a mhalairt de sin. Ciallaíonn náisiúnú go gceannaíonn an stát comhlacht ó na scairshealbhóirí san earnáil phríobháideach agus gur leis an stát é as sin amach.



Ta dhá chineál gnólachta san earnáil phoiblí:

- **Corparáidí poiblí – rialtas lárnach**
- **Gnólachtaí bardasacha – rialtas áitiúil**

Bíonn na gnólachtaí seo ag iarraidh seirbhísí a chur ar fáil.

Corparáid Phoiblí

Sampla – BBC – British Broadcasting Corporation

Is leis an rialtas an chorparáid sin.

Bunaíonn an rialtas na corparáidí poiblí nó ceannaíonn siad iad ó dhaoine san earnáil phríobháideach cionn is go síleann siad go mbeadh na gnólachtaí seo níos fearr san earnáil phoiblí.

Náisiúnú a thugtar air seo.

Cén fáth a ndéanann an rialtas seo?

- Seirbhísí riachtanacha a chur ar fáil
- Róchostais ag baint le rudaí áirithe
- Contúirt a mhaolú
- Smacht a choinneáil ar phraghsanna
- Poist a chruthú/a choinneáil
- Ar eagla go mbeadh airgead/ábhair/am curtha amú

Bíonn an rialtas i mbun na ngnólachtaí seo uile agus bíonn airí ann chun súil a choinneáil orthu. Bíonn bord stiúrthóirí ann fosta chun an obair laethúil a dhéanamh.

RIALTAS —————> AIRÍ —————> STIÚRTHÓIRÍ

Gnólacht Bardasach

Is leis an rialtas an cineál seo gnólachta go fóill ach bíonn an smacht ag an rialtas áitiúil nó ag comhairle cathrach.

Sampla: Sólann na bhFál

Cuireann an rialtas áitiúil an tseirbhís ar fáil agus déanann siad iarracht an tseirbhís a sholáthar do gach duine agus gan airgead a chailleadh ag an am céanna.

Iontaobhas

Is iontaobhais iad cuid de na hotharlanna anois. Ciallaíonn sé seo go mbíonn siad neamhspleách ar an rialtas ach go fóill mar chuid den tseirbhís náisiúnta sláinte.


Bíonn bord acu agus cuid de na stiúrthóirí ón cheantar áitiúil agus bíonn an smacht ag an iontaobhas – roghnaíonn siad an dóigh a gcaithfidh siad an t-airgead, tugann siad poist do dhaoine.

Buntáistí:

- Bíonn rogha acu faoin bhainisteoireacht.
- Bíonn rogha acu faoin trealamh a cheannaíonn siad.
- Thig leo an brabús a choinneáil agus a chur isteach san otharlann.
- Thig leo othair phríobháideacha a ghlacadh isteach fosta – chun níos mó airgid a fháil.


Míbhuntáistí:

- Cuid mhór le déanamh ag na hoibrithe – daoine a fhostú, orduithe a chur isteach – in áit bheith ag cuidiú le daoine tinne.
- Seans nach dtabharfaidh cuid acu an cúram is fearr do dhaoine – ar mhaithe le hairgead a shábháil.



Cuspóirí

Gnó



Cuspóirí Gnó

MAIREACHTÁIL

Ag an tús go háirithe, beidh na húinéirí ag iarraidh maireachtáil. Ní bheidh siad ró-bhuartha faoi bhrabús a dhéanamh a fhad is atá an gnólacht ag dul ó neart go neart. Ag an tús, b'fhéidir go gcaillfeadh siad airgead ach ní thig leis sin dul ar aghaidh go deo.

BRABÚS

Seo an aidhm is mó a bhíonn ag gnólachtaí san earnáil phríobháideach, de ghnáth. Beidh sé méid áirithe scríofa síos mar chuspóir do bhliain ar bith. Beidh seo ina chuidiú – gan é seo ní bheadh spreagadh ag na húinéirí. Is ionann brabús agus duais a fhaigheann na húinéirí as an obair. Taispeánann sé cé chomh maith nó cé chomh holc is atá rudaí ag dul sa ghnólacht. Tá an t-airgead de dhíth in amanna chun díbhinní a íoc leis na scairshealbhóirí agus chun níos mó airgid a chur isteach sa ghnólacht.

FÁS

Má dhíolann an gnólacht níos mó earraí agus seirbhísí, beidh níos mó brabúis acu. Má bhogann siad go dtí áiteanna eile, de ghnáth díolfaidh siad níos mó dá dtáirge – mar gheall air sin gheobhaidh siad níos mó brabúis. Nuair a fhásann gnólacht, thig leis réimse níos leithne earraí nó seirbhísí a chur ar fáil. Nuair a éiríonn gnólacht níos mó, ardaíonn cuid de na costais ach fanann cuid acu mar a bhí siad. Faigheann sé níos mó airgid ó na tomhaltóirí. Nuair a fhásann an brabús ag ráta níos gasta ná na costais ciallaíonn sé níos mó brabúis don gnólacht.

SCLAR DEN MHARGADH

Má dhíolann gnólacht amháin táirge nó seirbhís áirithe le cuid mhór den phobal/mhargadh, beidh sé níos tábhachtaí agus beidh níos mó cumhachta aige – ó thaobh praghsanna de, mar shampla. Deirtear go mbíonn monaplacht ag grúpaí áirithe ar an dóigh sin. Bíonn siadsan ábalta praghas a roghnú agus caithfidh na gnólachtaí eile iad a leanúint.

Beidh cuspóirí eile ann fosta. Bíonn an earnáil phoiblí/an rialtas ag iarraidh seirbhísí a chur ar fáil. Sin an phríomhaidhm a bhíonn acu.

An dtig leat smaoineamh ar cheithre shampla eile:

-
-
-
-

Nuair atá na spriocanna roghnaithe acu, de ghnáth scríobhtar síos iad agus cuirtear i bhfeidhm iad.

Samplaí:

- brabús a ardú 5% roimh dheireadh na bliana
- brainse úr a bhunú i gceantar eile an bhliain seo chugainn.

Na daoine a bhíonn ag iarraidh go gcuirfear na cuspóirí seo i bhfeidhm

Bíonn na **fiontraithe** á iarraidh seo sa dóigh go mbeidh an gnólacht ag dul ó neart go neart agus go mbeidh níos mó airgid aige.

Bíonn na **hoibrithe** ag iarraidh go gcuirfear na cuspóirí seo i gcrích sa dóigh is go mbeidh post agus pá acu agus coinníollacha maithe oibre. In amanna bíonn scaireanna ag na hoibrithe fosta.

Bíonn daoine taobh amuigh den gnólacht ag iarraidh go mbainfidh an gnólacht cuspóirí s'aige amach:

- scairshealbhóirí
- táirgeoirí
- custaiméirí


- daoine a thug iasachtaí don ghnólacht
- an pobal

CAD CHUIGE A dTARLAÍONN AIGHNIS?

In amanna, ní aontaíonn gach duine faoi na cuspóirí – agus faoi cé acu is tábhachtaí. Mar shampla, beidh daoine sa phobal buartha faoin timpeallacht agus faoi phoist ach go minic ní bhíonn gnólachtaí ró-bhuartha faoi na rudaí seo agus déanann siad cibé rud is mian leo chun brabús ard a shaothrú, gan a bheith ag smaoineamh faoi na daoine sa cheantar ná faoi impleachtaí timpeallachta.

Athraíonn cuspóirí de réir ama agus de réir mar a fhásann an gnólacht. Ag an tús, tá seans ann go mbeidh sé ag iarraidh maireachtáil agus dea-chlú a bheith orthu, ach i ndiaidh tamaill, éiríonn an brabús níos tábhachtaí agus b'fhéidir go mbeadh sin mar phríomhchuspóir seachas an clú atá orthu.

Scríobh síos na cuspóirí atá ag ollmhargadh agus cuir iad i gcomparáid le cuspóirí siopa bhig.




Caithfidh na cuspóirí bheith . . .

- **Intomhaiste**

Caithfidh an gnólacht bheith ábalta iad a thomhas nó cuntas a dhéanamh orthu.

- **Insroichte**

Caithfidh an gnólacht bheith ábalta iad a bhaint amach.



- **Réalaíoch/indéanta**

Caithfidh ciall a bheith leis na cuspóirí.

- **Ceangailte le spriocdháta**

Caithfidh siad bheith ábalta na cuspóirí a bhaint amach san am atá luaite acu.

An príomhchuspóir de ghnáth – BRABÚS

Ach ní ag praghas ar bith i gcónaí –

- seirbhís
- dea-chlú
- timpeallacht



Cuspóirí Comhlachta Theoranta Phoiblí

Bíonn riachtanais dhifriúla ag grúpaí difriúla daoine maidir leis na rudaí a bhfuil siad ag súil leo ó chomhlacht agus le cuspóirí dá réir.

Scairshealbhóirí – brabús ard – díbhinní

Oibrithe, bainisteoirí, stiúrthóirí – pá, post, coinníollacha maithe oibre

Tomhaltóirí – earraí/seirbhísí d’ardchaighdeán ar fáil




Ceist faoi chuspóirí gnó

Bhunaigh Pól Ó Murchú gnólacht s’aige deich mbliana ó shin. Siopa beag a bhí ann ar shráid ghnóthach a dhíol páipéir nuachta, roinnt bia agus cártaí. Ní raibh mórán airgid aige, agus bhí sé deacair an obair uile a dhéanamh leis féin, ach ní raibh rogha aige.

I ndiaidh cúpla bliain, ba léir dó go raibh daoine ag iarraidh bronntanais bheaga a cheannach agus iad ag ceannach cártaí. Chomh maith leis sin, thug sé faoi deara go raibh réimse leathan d’irisí ar fáil agus bhí daoine i gcónaí ag cur ceiste air faoi irisí agus leabhair nach raibh aige. Bhí a fhios aige go mbeadh air rud éigin a dhéanamh ach ní raibh an spás aige sa siopa.



Faoin am seo bhí Pól pósta agus bhí a bhean chéile, Eithne, ag cuidiú go mór leis. Chuir a bhean chéile cuid mhór airgid isteach sa ghnólacht agus d’oibrigh sí go crua ann. D’athraigh siad an gnólacht de réir an dlí agus bhí an chumhacht chéanna ag an bheirt acu agus d’fhostaigh siad duine eile le cuidiú leo am ar bith a raibh siad ag iarraidh dul áit éigin nó nuair a bhí sos de dhíth orthu, cé nach raibh Pól cinnte faoin fhorbairt seo.



I ndiaidh tamaill, shíl siad gur chóir dóibh siopa eile a oscailt sa dóigh is go dtiocfadh leo réimse níos leithne a chur ar fáil. Bhí sé deacair é seo a dhéanamh ach d'éirigh leo sa deireadh. Cheannaigh siad an áit béal dorais dóibh agus bhunaigh siad an siopa nuachtán ansin le réimse leathan d'irisí agus leabhair, agus d'úsáid siad an chéad áit a bhí acu le cártaí, briontanaís agus bláthanna a dhíol.

Ceisteanna:

1. Cén sórt gnólachta a bhí ag Pól ag an tús?
2. Cad iad na cuspóirí a bhí ag Pól nuair a bhunaigh sé an gnólacht, i do bharúil?
3. Cad chuige nach raibh rogha aige faoin mhéid oibre a bhí le déanamh aige?
4. Cad chuige a raibh sé buartha faoin mhéid spáis a bhí aige?
5. Cén sórt gnólachta a bhí ag Pól agus Eithne le chéile?
6. Cad chuige nach raibh Pól cinnte faoin chinneadh chun duine eile a fhostú?
7. Cad chuige a raibh deacrachtaí acu agus iad ag iarraidh an gnó a fhorleathnú?
Scríobh síos 3 phointe.



8. Cad é mar a d'athraigh na cuspóirí de réir a chéile?
9. Bhí siopa ann a dhíol bláthanna ar an chéad sráid eile. Bhí siadsan ag iarraidh a sciar den mhargadh a choinneáil.
- Cad é a chiallaíonn ‘sciar den mhargadh’?
 - Scríobh síos 3 rud a thiocfadh leo a dhéanamh chun an sciar den mhargadh s’acu a choinneáil.
10. Shíl Pól agus Eithne gur chóir dóibh plan a dhéanamh amach agus cuspóirí s’acu a scríobh amach go soiléir. Scríobh síos:
- Cuspóirí na bliana seo chugainn – caithfidh figiúirí bheith luaite agat agus ba chóir go mbeadh cúig chuspóir agat ar a laghad.
 - Plan 5 bliana – na príomhchuspóirí atá siad ag iarraidh a bhaint amach san am seo – luaigh rudaí difriúla ón chéad chuid agus bíodh cúig cinn agat arís.



Méid an Ghnólahta

Méid an Ghnólachta

Thig le gnólachtaí bheith iontach beag, measartha beag/mór nó iontach mór. Nuair atá daoine ag roghnú cé chomh mór is a bheas an gnólacht, caithfidh siad smaoineamh ar na rudaí seo:

- cé chomh mór is atá an margadh
- cá mhéad trealaimh a bheas de dhíth orthu chun earraí agus seirbhísí a chur ar fáil
- cad é mar a ardaíonn na costais de réir mar a ardaíonn an méid earraí/seirbhísí
- cé chomh solúbtha is a bheas an gnólacht má athraíonn fachtóirí eile – iomaíocht, polasaithe an rialtais agus teicneolaíocht

Tá bealaí difriúla chun méid gnólachta a thomhas:

Luach an ghnólachta

Más fiú cúpla milliún punt gnólacht ar bith, thiocfadh linn a rá gur gnólacht mór é. Thig linn luach an ghnólachta a thomhas má fhaighimid amach cá mhéad a bheadh gnólacht eile sásta a íoc chun an chéad gnólacht a cheannach. Tá bealach eile ann fosta - thiocfadh linn amharc ar an mhéid caipitil atá acu – dá ndíolfadh siad an gnólacht, seo an méid airgid a gheobhadh siad.

Láimhdeachas/Ioncam díolacháin

Ciallaíonn láimhdeachas díolacháin, ioncam nó an méid airgid atá ag teacht isteach ó na hearraí nó na seirbhísí atá an gnólacht a chur ar fáil. Má fhaighimid amach cá mhéad a dhíolann gnólacht ar bith, thig linn luach an ghnólachta a thomhas ar an dóigh sin.



Sciar den mhargadh

Tá bealach furasta ann chun é seo a oibriú amach:

<u>An Méid a dhíolann siad</u>	×	100
An Méid a dhíoltar sa mhargadh iomlán sin		

Má tá an figiúr seo mór, ciallaíonn sé seo go ndíolann siad cuid mhór i gcomparáid le gnólachtaí eile. Is comhartha maith é seo.

Méid oibrithe

Úsáidtear an uimhir seo fosta chun méid gnólachta a thomhas.

- Ní thig leat aon cheann de na figiúirí seo a úsáid leis féin. Mar shampla, beidh an méid daoine ag obair i mbialann níos mó ná i ngnólacht a dhéanann carranna – mar sin de, caithfimid amharc ar na huimhreacha uile chun tomhas a dhéanamh ar cé chomh mór is atá an gnólacht.




Cad chuige a bhfuil roinnt gnólachtaí iontach mór agus cuid eile iontach beag?

- **Barainneachtaí an mhórsála**

Titeann an meánchostas de réir mar a ardaíonn an méid a dhéanann an gnólacht d'earra ar leith ar bith.

Mar shampla, b'fhéidir go nglacfaid sé 30p chun dlúthdhiosca a dhéanamh i ngnólacht beag agus 18p chun an dlúthdhiosca céanna a dhéanamh i ngnólacht mór.

Tarlaíonn sé seo cionn is go bhfanann cuid de na costais mar a bhí siad agus é beag agus ardaíonn cuid eile. Bíonn sé níos saoire dlúthdhiosca amháin a dhéanamh nuair a éiríonn na gnólachtaí níos mó.



- **Costasach a bhunú/caipiteal a fháil**

Ní fiú gnólacht beag a bhunú má ghlacann sé £4 mhilliún chun é a bhunú – meaisíní a cheannach, foirgneamh a fháil srl. Má tá duine éigin ag dul a infheistiú cuid mhór airgid i rud, caithfidh sé brabús mór a shaothrú. Ní bheadh sé ciallmhar cuid mhór airgid a chaitheamh ag an tús mura bhfuil tú ag dul a fháil cuid mhór brabúis in am réasúnta gairid.

- **Méid an mhargaidh**

Siopa nuachtán – bíonn siad beag de bhrí go bhfuil an margadh beag.
Coca-Cola – tá sé iontach mór mar gheall ar mhéid an mhargaidh.

- **Athrú sa mhargadh**

Bíonn roinnt gnólachtaí ag iarraidh bheith ábalta athrú go gasta má thagann athrú ar bith ar an mhargadh. Ní bheadh gnólachtaí móra ábalta é seo a dhéanamh de bhrí go gcaithfidh siad cruinnithe a bheith acu chun gach rud a phlé agus glacann sé tamall orthu rudaí a athrú.

- **Bealach táirgthe**


Bialann iontach maith – bíonn sí beag cionn is go gcaitheann an cócaire cuid mhór ama ag ullmhú gach béile.

McDonald's – tá an gnólacht seo mór ar an ábhar go bhfuil bealach iontach gasta acu chun an bia a ullmhú.

- **Cumhacht**

Más le duine amháin an gnólacht agus mura bhfuil sé/sí ag iarraidh cumhacht a thabhairt do dhuine ar bith eile, tá an gnólacht seo ag dul a fhanacht beag.

STAIDÉAR GNÓ



Trasna

2. Iasachtaí/airgead le tabhairt ar ais do bhainc/daoine eile
8. An duine a oibríonn sa ghnólacht
10. Na rudaí a chuireann an earnáil threasach ar fáil
11. Gnó le fiachas teoranta
12. An duine ar leis an gnólacht
13. An duine a cheannaíonn na hearraí agus na seirbhísí
15. Duine a thugann post do dhaoine eile
17. An duine a bhunaíonn gnólacht nua
18. Rudaí a thagann ón talamh a bhíonn de dhíth ar ghnólacht
19. Daoine a thugann airgead do dhaoine eile chun gnólacht a bhunú
20. Ceannach agus díol earraí agus seirbhísí
21. An earnáil phoiblí

Síos

1. An cuspóir is mó a bhíonn ag gnólacht ag an tús
3. Doiciméad a bhfuil coinníollacha scríofa air
4. An t-airgead a fhaigheann na scairshealbhóirí
5. _____ comhpháirtíochta – Conradh a bhíonn ag comhpháirtíocht
6. Nuair a dhíolann an rialtas comhlacht agus ceannaíonn grúpa san earnáil phríobháideach é
7. Thig le 2-20 a bheith sa chineál seo gnólachta
9. Córas a bhíonn ag gach tír chun earraí agus seirbhísí a sholáthar
13. An duine a dhéanann an t-earra nó a chuireann an tseirbhís ar fáil
14. Suíomh ina bhfuil ceannach agus díol earraí agus seirbhísí ag dul ar aghaidh
15. Thig leis seo bheith teoranta nó neamhtheoranta, ag brath ar an mhéid airgid a thiocfadh leis na daoine a chailleadh
16. Is samplaí iad McDonalds agus KFC

Staidéar Gnó – Ceisteanna

Scríobh freagraí na gceisteanna ar an leathanach seo.
Líon an spás atá tugtha, más féidir leat.



1. Cad é a chiallaíonn ‘fiachas teoranta’ ? (3)

2. Is geilleagar measctha é geilleagar na Breataine Móire.
Cad é a chiallaíonn ‘geilleagar measctha’? (3)

3. Cad chuige a dtarlaíonn náisiúnú? (4)

4. Cad iad na difríochtaí idir an earnáil phríomhúil, an earnáil thánaisteach agus an earnáil threasach? (4)

5. Mínigh na difríochtaí idir cuspóirí gnólachtaí san earnáil phríobháideach agus cuspóirí gnólachtaí san earnáil phoiblí. (5)



Fás an



Ghnólaichta



FÁS AN GHNÓLACHTA

Caithfidh na daoine a bhfuil smacht acu ar an ghnólacht rogha a dhéanamh – an bhfuil an gnólacht ag an mhéid is fearr dó, nó ar chóir go mbeadh sé níos mó (nó b’fhéidir níos lú). Fásann nó leathnaíonn gnólacht chun brabús a ardú agus chun an méid a dhíolann siad a ardú. Caithfidh gnólachtaí rogha a dhéanamh – an bhfaighidh siad tuilleadh brabúis má éiríonn siad níos mó?

Bealaí a bhfásann gnólachtaí

FÁS INMHEÁNACH

De ghnáth, éiríonn gnólachtaí níos mó trí fhás inmheánach/taobh istigh den ghnólacht. Ciallaíonn sé seo go dtáirgeann/go ndéanann siad níos mó de cibé rud a dhéanann siad. Bíonn orthu tuilleadh oibrithe a fhostú, tuilleadh trealamh a cheannach agus, b’fhéidir, foirgneamh úr a fháil.

Scríobh síos 5 shampla d’fhás atá inmheánach.

-
-
-
-
-



FÁS SEACHTRACH

Ach thig leo éirí níos mó trí fhás seachtrach/taobh amuigh den ghnólacht. Tarlaíonn sé seo nuair a cheanglaíonn dhá ghnólacht le chéile chun gnólacht níos mó a dhéanamh.

Tarlaíonn sé seo i gcuid mhór bealaí:


CUMASC

- Nuair a aontaíonn dhá ghnólacht go mbeidh siad rannpháirteach le chéile, tugtar cumasc air seo. De ghnáth, tarlaíonn seo le gnólachtaí atá ar comh-mhéid.

TÁTHCHEANGAL (Gnó eile a ghlacadh)

- Nuair a cheannaíonn gnólacht amháin gnólacht eile. In amanna, beidh sé seo **socraithe** eatarthu, nuair atá an gnólacht sásta leis na téarmaí agus sásta gnólacht s'acu a dhíol. Ach, in amanna, bíonn táthcheangal naimhdeach ann. Tarlaíonn sé seo mura bhfuil an gnólacht ag iarraidh bheith ceannaithe ag gnólacht eile.

Téann gnólacht amháin in áit gnólachta eile i mbun gnó má tá ceann amháin acu beag agus an ceann eile mór, de ghnáth. Tarlaíonn sé seo de bhrí go mbíonn go leor airgid ag na gnólachtaí móra chun na gnólachtaí beaga a cheannach.



Cad chuige a mbeadh gnólacht a tháirgeann irisí ag iarraidh monarcha a tháirgeann páipéar nó siopa nuachtán a cheannach?

Comhtháthaíonn gnólachtaí ar bhealaí éagsúla, mar shampla, cumasc agus táthcheangal - nuair a ghlacann gnólacht amháin gnólacht eile. Nuair a cheannaíonn gnólacht amháin gnólacht eile ní bhíonn na gnólachtaí i gcónaí mar an gcéanna ach in amanna eile bíonn siad. Seo iad na bealaí a imeascann gnólachtaí:

1. Cothrománach - ag an leibhéal céanna den táirgeadh

Nuair a nascann gnólachtaí atá mar an gcéanna le chéile.

Sampla: gnólacht a fhoilsíonn irisí agus nuachtáin
+ gnólacht eile a fhoilsíonn irisí agus
nuachtáin.



Bíonn **barainneachtaí an mhórsála** ann nuair a éiríonn gnólachtaí níos mó. Thig leo earraí a chur ar fáil ag an phraghas chéanna ach costais níos lú.

Mar shampla:

- Is fiú trealamh daor a cheannach má tá tú ag dul a bhaint go leor úsáide as.
- Thig leat earraí a cheannach ó tháirgeoirí ar phraghas níos ísle má bhíonn ordú mór le cur isteach agat.

Samplaí eile:

1. —

2. —

3. —

4. —

Bíonn míbhuntáiste ann do thomhaltóirí in amanna:

Má cheannaíonn gnólacht amháin gnólachtaí eile, éiríonn siad iontach mór agus, in amanna, ní bhíonn daoine eile ag cur an earra ar fáil a thuilleadh. Ar an ábhar nach bhfuil iomaíocht sa mhargadh thig leis an ghnólacht earraí a dhíol ar phraghas níos airde.

2. Ingearach – ag leibhéal difriúil den táirgeadh

In amanna, ceannaíonn gnólacht amháin gnólachtaí eile nach ndéanann an t-earra céanna ach a bhfuil baint acu leis an earra a chuireann siad féin ar fáil.

Faigheann gnólachtaí earraí ó ghnólachtaí eile agus baineann siad úsáid astu chun earraí críochnaithe a dhéanamh.



Sampla 1: Má cheannaíonn gnólacht a fhoilsíonn irisí agus nuachtáin gnólacht a dhéanann páipéar, is sampla de chomhtháthú é seo. Tugtar **cúlchumasc** air seo – nuair a cheannaíonn gnólacht amháin gnólacht eile atá níos faide siar sa slabhra táirgthe.

Samplaí eile:

1. –

2. –

3. –




Sampla 2: Má cheannaíonn gnólacht a fhoilsíonn irisí agus nuachtáin gnólacht a dhíolann irisí agus nuachtáin, is sampla de chomhtháthú é seo fosta. Tugtar **réamh-lánpháirtiú** air seo – nuair a cheannaíonn gnólacht amháin gnólacht eile atá chun tosaigh sa slabhra táirgthe.

Samplaí eile:

1. –


2. –

3. –



3. Cliathánach – gnólachtaí difriúla

Cumascan dhá ghnólacht nach ndéanann an t-earra céanna ná nach gcuireann an tseirbhís chéanna ar fáil le chéile. Níl baint ar bith ag gnólacht amháin leis an ghnólacht eile.



Ceisteanna:

Scríobh síos cén sórt imeasctha atá i gceist.

1. Gnólacht a tháirgeann carranna a cheannaíonn gnólacht a tháirgeann miotal.

2. Banc a chumascan le gníomhaireacht taistil.

3. Siopa éadaí ban a chumascan le siopa éadaí fear.

4. Táirgeoir busanna a chumascan le táirgeoir carranna.



5. Grúdlann a cheannaíonn slabhra tithe tábhairne.

6. Ceannaíonn *Top Shop* gnólacht a tháirgeann éadaí.

7. Ceannaíonn gnólacht a fhoilsíonn leabhair siopa leabhar.


8. Monarcha a dhéanann pinn a chumascan le monarcha a tháirgeann deochanna boga.

9. Ollmhargadh a cheannaíonn gnólacht a tháirgeann cannaí pónairí.

10. Feirmeoir a fhásann torthaí agus glasraí ar a fheirm a cheannaíonn bialann.

Nuair a éiríonn gnólachtaí níos mó bíonn buntáistí ann, de ghnáth.

- Brabús níos airde – tuilleadh airgid do na scairshealbhóirí, bainisteoirí, stiúrthóirí, . . .
- Barainneachtaí an mhórsála
- Ní bhíonn an seans céanna ann go dtig le gnólacht eile níos mó ná 50% de scaireanna s'agat a cheannach – gnólacht s'agat a ghlacadh uait.
- Bíonn níos mó airgid acu le cur ar ais sa ghnólacht – infheistiú.
- Ní bhíonn na gnólachtaí ag brath ar mhargadh amháin ná ar cheantar amháin – níl an chontúirt chéanna ann go dteipfidh ar do ghnólacht.



Mínigh na pointí thuas i do leabhar ag tabhairt samplaí eile.
3 abairt do gach pointe ar a laghad.

In amanna, ní bhíonn gnólachtaí **ag iarraidh** fás mar bíonn siad sásta leis an ghnólacht agus ní bhíonn siad ag iarraidh smacht a chailleadh nó tuilleadh oibre a dhéanamh.

In amanna, ní bhíonn gnólachtaí **ábailta** fás. Bíonn teorainn ann agus ciallaíonn sé seo nach dtig le gnólachtaí bheith ró-mhór.

Fachtóirí/Cúiseanna a theorannaíonn Fás an Ghnólachta

Bíonn teorainneacha ann a stopann roinnt gnólachtaí de bheith ag éirí ró-mhór. Bíonn cúiseanna áirithe leis sin.

- In amanna, ní bhíonn an margadh mór go leor agus ní fiú don ghnólacht bheith níos mó cionn is nach bhfuil go leor custaiméirí ann chun tuilleadh earraí agus seirbhísí a cheannach. Má bhíonn cuid mhór gnólachtaí ag díol leis an mhargadh chéanna bíonn sé deacair an sciar den mhargadh atá agat a ardú.
- Bíonn sé deacair infheistíocht a fháil in amanna. Bíonn an fhadhb seo ag gnólachtaí beaga, go háirithe trádálaithe aonair. Mura bhfuil an t-airgead acu agus mura bhfuil siad ábalta airgead a fháil ó infheisteoir nó ó bhanc nó ó fhoinse ar bith eile, ní bheidh siad ábalta fás. Bíonn airgead i gcónaí de dhíth má tá an ghnólacht le héirí níos mó.
- Má tá cuid mhór oiliúna agus scileanna de dhíth ar na hoibrithe, in amanna beidh deacrachtaí ag an bhainisteoireacht oibrithe úra a bhfuil na scileanna acu a fháil.

Fás agus Meath an Ghnólachta

Scríobh amach fachtóirí a mbeadh tionchar acu ar mhéid an ghnólachta:

– Cad é mar a fhásann gnólachtaí?

– Cad chuige a dtagann meath ar ghnólacht?



Ceisteanna – Fás an Ghnólachta

1. Fásann gnólachtaí ar bhealaí éagsúla – fás inmheánach agus fás seachtrach. Mínigh na focail seo agus tabhair sampla d'fhás inmheánach agus d'fhás seachtrach.

2. Tá dhá bhealach ina dtarlaíonn fás seachtrach. Ainmnigh iad agus mínigh an difear eatarthu.

3. Scríobh síos an focal ceart in aice leis na habairtí seo.

**ingearach
cothrománach
cliathánach**

- Gnólachtaí atá difriúil a chumascann le chéile:

Samplaí:

(i) —

(ii) —

- Gnólachtaí atá ag leibhéil dhifriúla den táirgeadh

Samplaí:

(i) —

(iii) —

- Gnólachtaí atá ag an leibhéal céanna den táirgeadh

Samplaí:

(i) —

(ii) —

4. Cad é a chiallaíonn **barainneachtaí an mhórsála**?
5. Tabhair trí shampla de ghnólachtaí nach bhfuil chomh láidir anois i dTuaisceart Éireann agus a bhí fiche bliain ó shin. Cad chuige ar tharla an meath seo, dar leat?
6. Nuair atá gnólachtaí iontach mór i bpobal nó i gceantar beag, bíonn tionchar aige seo ar ghnólachtaí eile sa cheantar. Cad iad na torthaí/rudaí a tharlaíonn mar gheall ar fhás an ghnólachta?
7. Nuair nach bhfuil ach gnólacht amháin ag plé le 100% den mhargadh, deirimid gur **MONAPLACHT** é an gnólacht sin. Thig leo úsáid a bhaint as barainneachtaí an mhórsála agus airgead a shábháil chun brabús iontach ard a shaothrú. Cuirtear dlíthe i bhfeidhm sa dóigh is nach dtig le roinnt gnólachtaí bheith ina monaplachtaí.

Cad chuige a dtarlaíonn sé seo?

i.e. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le monaplachtaí?



Méid an Ghnnólachta

Cad chuige a mbíonn dlíthe i bhfeidhm maidir le monaplachtaí agus táthcheangal?

Ba chóir go mbeadh na pointí seo clúdaithe sa fhreagra agat:


- cad chuige nach dtig le gnólachtaí éirí iontach mór?
- na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gnólachtaí móra.





Eagrú

Gnóilachta



Eagrú Gnólachtaí san Earnáil Phríobháideach

Caithfidh gach gnólacht roghanna a dhéanamh faoi cén bealach atá siad ag dul a eagrú an ghnólachta.

I ngnólacht beag, b'fhéidir go mbeidh sé furasta gach rud a eagrú. Beidh a fhios ag gach duine na freagrachtaí atá acu agus beidh an chumarsáid furasta go leor idir na daoine atá páirteach sa ghnó.

Ach le gnólacht mór, beidh sé deacair an gnólacht a choinneáil ag obair mar is ceart, mura bhfuil sé eagraithe mar is ceart. Bíonn ranna difriúla ann agus in amanna bíonn sé deacair cúpla míle oibrí a eagrú agus a spreagadh.



Caithfidh gnólachtaí rogha a dhéanamh:

- cad é mar a chuirfear daoine i ngrúpaí chun obair a dhéanamh le chéile.
- cé a bheas i mbun rudaí – údarás acu agus ag tabhairt orduithe amach.
- cá mhéad bainisteoir agus oibrí a chaithfidh a bheith ann.
- cad é mar a rachaidh an t-eolas agus na teachtaireachtaí ó dhuine amháin go dtí duine eile – mar shampla ó bhainisteoir go dtí na hoibrithe.

Bíonn daoine de dhíth ar ghnólacht chun rogha a dhéanamh sa dóigh is go mbeidh an gnólacht eagraithe mar is ceart agus go mbeidh a fhios ag gach duine cad é atá ag tarlú, cé atá ag dul a dhéanamh, cad chuige a bhfuil siad ag dul a dhéanamh rud áirithe sa dóigh sin agus cén uair atá sé ag dul a tharlú.

Mar is eol dúinn, tá ceithre fhachtóir táirgthe ann:
Ainmnigh iad:

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____

Caithfidh gnólachtaí smaoineamh ar an bhealach is fearr chun earra nó seirbhís s'acu a chur ar fail sa dóigh is go ndéanfaidh siad an brabús is mó a thig leo.

Agus na fachtóirí táirgthe seo in úsáid agat, scríobh síos na roghanna a bhíonn ag gnólachtaí agus iad ag eagrú rudaí i ngnólacht s'acu féin?

‘Tuigeann fiontraithe go maith an bealach is fearr chun an gnólacht a eagrú’.


Cad é a chiallaíonn sé sin?

Nuair a bhunaíonn fiontraí gnólacht úr, déanann siad a ndícheall rudaí a eagrú mar is ceart sa dóigh go n-éireoidh leis an ghnólacht. De ghnáth, bíonn ról difriúil ag gach oibrí ag brath ar cháilíochtaí


s'acu nó scileanna s'acu. Bíonn roinnt daoine ag obair mar chigirí, daoine eile mar bhainisteoirí nó rúnaithe srl. Caithfidh na hoibrithe uile bheith ar an eolas faoi na freagrachtaí atá acu, cé atá i gceannas agus cén post atá acu féin sa ghnólacht.

Thig linn sé seo a thaispeáint ar **chairt eagrúcháin**.

CAIRT EAGRÚCHÁIN




Bíonn struchtúr **grádlathach** ag formhór na ngnólachtaí .i. bíonn sé cosúil le pirimid.




Ciallaíonn sé sin go mbíonn duine amháin ag an bharr, dream beag ar an dara leibhéal – stiúrthóirí, mar shampla, grúpa níos mó daoine ar an chéad leibhéal eile – bainisteoirí srl. Agus ag an bhun, bíonn scaifte mór oibrithe – daoine a tháirgeann na hearraí, rúnaithe agus fostaithe eile.

Líon isteach an phirimid chun é seo a thaispeáint:



Slabhra Ceannais

Bíonn slabhra ceannais/ordaithe ag gnólachtaí. Bíonn údarás ag an duine ag an bharr thar gach duine eile atá níos faide síos sa phirimid. Bíonn níos mó cumhachta agus údaráis ag an stiúrthóir bainisteoireachta ná duine ar bith eile – fiú na stiúrthóirí eile.



Bíonn slabhra mar seo ag cuid mhór gnólachtaí – agus thart ar cheithre leibhéal ann. Athraíonn fad an tslabhra – ag brath ar an líon oibrithe a bhíonn ann agus méid an ghnólachta.

Nuair a éiríonn slabhra níos faide, thig leis an ghnólacht cuid mhór fadhbanna a chruthú dó féin:

- Thig le teachtaireachtaí dul ar strae nó bheith trína chéile nuair a théann siad síos ón bharr go dtí na hoibrithe nó an bealach eile (cosúil leis an Chogarnach Shíneach!).
- Má bhíonn daoine ag pointe ar bith sa slabhra ag iarraidh rud éigin a athrú, glacann sé tamall, agus b'fhéidir go mbeadh deacrachtaí ann ar an bhealach mura n-aontaíonn daoine leis an ordú ná leis an duine atá á thabhairt.



Ceisteanna

1. Ainmnigh na ceithre fhachtóir táirgthe agus mínigh an tábhacht atá ag gach ceann acu i saol an ghnó.

2. Má bhíonn cuid mhór eolais ag daoine ar cad é mar a oibríonn gnólachtaí, deirimid go bhfuil siad fiontraíoch. Scríobh síos trí thréith a bhaineann le fiontraí/duine atá fiontraíoch agus mínigh an tábhacht atá leis na tréithe.

3. Cad chuige a gcaithfidh gnólachtaí bheith eagraithe?

4. Cad é an difear idir bainisteoireacht atá cothrom agus bainisteoireacht atá grádlathach.

5. Scríobh síos trí cheist atá le freagairt ag gnólachtaí – mar shampla cén t-earra atá siad ag dul a dhéanamh?

Slabhra Ceannais agus Réise Rialúcháin

In amanna, síleann daoine go mbíonn barraíocht fadhbanna ann nuair a éiríonn an slabhra ceannais rófhada. Má bhíonn barraíocht daoine sa lár, ní théann teachtaireachtaí tríd an slabhra go furasta. Má tharlaíonn sé seo glacann an gnólacht daoine amach as an slabhra. Glactar daoine amach ón lár. Ciallaíonn sé sin go mbíonn níos mó brú ar na daoine níos faide suas sa slabhra agus níos faide síos sa slabhra.

Cén sórt rudaí atá le déanamh ag na hoibrithe níos faide suas sa slabhra?

Cén sórt freagrachtaí a bhíonn ar na hoibrithe níos faide síos sa slabhra?

Má thugtar níos mó cumhachta do na hoibrithe, spreagann sí iad in amanna. Mothaíonn siad go bhfuil muinín ag daoine astu agus déanann siad a ndícheall lena thaispeáint go bhfuil siad ábalta níos mó freagrachtaí a ghlacadh.

An dtiocfadh le rud ar bith eile tarlú?



Níl gach duine iontach maith ag glacadh freagrachtaí. De ghnáth, bíonn daoine níos oilte sa dóigh go mbeidh siad ábalta cur suas leis na freagrachtaí úra. Cruthaíonn sé seo fadhb eile fosta – caithfidh an bainisteoir níos mó airgid a thabhairt do na hoibrithe má bhíonn siad níos oilte agus ag glacadh le níos mó freagrachtaí.

Ba chóir go mbeadh níos lú oibrithe ag an ghnólacht ina dhiaidh seo – as siocair go mbíonn níos lú oibrithe ag déanamh an mhéid chéanna oibre – déanann an gnólacht **LAGHDÚ MÉIDE**.

Réise rialúcháin

Ní eagraíonn an stiúrthóir bainisteoireachta gach rud a tharlaíonn ná gach oibrí atá ag obair sa ghnólacht. Bheadh an post sin

rómhór. Ina áit sin, bíonn smacht ag an stiúrthóir bainisteoireachta ar an cheathrar nó ar an chúigear stiúrthóirí a bhíonn díreach faoi/fúithi sa slabhra ceannais. **Is ionann an réise rialúcháin agus an méid daoine atá faoi smacht ag duine.**

Cé chomh mór is a bhíonn an réise rialúcháin?

Athraíonn sí seo de réir mar a athraíonn na próisis sa ghnólacht.

- Má ghlacann sé tamall obair na ndaoine a sheiceáil nó a scrúdú, ní bheidh an duine ar an chéad leibhéal eile ábalta bheith i mbun mórán daoine – go háirithe mura mbíonn na hoibrithe ró-mhaith ag post s’acu.
- Ní thig leis na daoine atá faoi smacht s’agat bheith rófhada ar shiúl uait. Má bhíonn grúpa amháin in áit amháin agus grúpa eile 50 míle ar shiúl, beidh deacrachtaí ag an duine atá i gceannas in amanna.
- Má bhíonn an stiúrthóir maith, beidh sé/sí ábalta níos mó daoine a stiúradh. Beidh níos mó smachta acu ar na hoibrithe agus beidh rudaí eagraithe níos fearr acu.
- Ní thig leis an stiúrthóir gach rud a dhéanamh. Caithfidh siad obair a roinnt le daoine eile. Má bhíonn an stiúrthóir maith ag tiomnú údaráis do dhaoine eile, beidh níos mó ama aige/aici féin agus thig le níos mó a bheith le stiúradh aige/aici. Déanann sé seo maitheas do na hoibrithe fosta mar bíonn siad spreagtha nuair a chuireann daoine muinín iontu.

Scríobh síos na tréithe (ar a laghad trí thréith) a bhíonn de dhíth ar:

Stiúrthóir bainisteoireachta

Stiúrthóirí eile

Bainisteoirí i monarchana

Cuntasóir

Tiománaí

Rúnaí

Oibrí i monarcha a dhéanann pinn

Cúntóir siopa áitiúil

Bainisteoir ollmhargaidh

Ceisteanna


1. Cad é a tharlaíonn má éiríonn an slabhra ceannais rófhada?

2. Cén sórt fadhbanna a chruthaíonn sé nuair a thugtar níos mó smachta do na hoibrithe?

3. Cad é a chiallaíonn grádlathas?

4. Tarraing cairt eagrúcháin do chomhlacht ina bhfuil 32 duine ag obair:

bord stiúrthóirí, stiúrthóir bainisteoireachta, ceathrar bainisteoirí a bhfuil beirt leasbhainisteoirí acu uile. Tá smacht ag na leasbhainisteoirí ar an líon céanna oibrithe.



5. 'Bíonn réise rialúcháin an stiúrthóra bainisteoireachta iontach beag.'

Cad é a chiallaíonn sé seo?



Grúpaí

Bíonn grúpaí ann i ngach gnó – cuid acu foirmiúil agus cuid eile neamhfoirmiúil.

Bíonn ranna agus earnálacha difriúla i ngnólachtaí. Is grúpaí foirmiúla iad sin. Bunaíonn an gnólacht iad chun obair áirithe a dhéanamh agus bíonn aidhmeanna difriúla ag na grúpaí difriúla.

Bíonn cuid mhór buntáistí ag baint leis na grúpaí foirmiúla seo:

- Thig leis na daoine díriú isteach ar phost s'acu féin agus feabhas a chur ar scileanna s'acu. Ciallaíonn sé seo go ndéanann na hoibrithe **speisialtóireacht** ar phost s'acu. Thig le gnólachtaí airgead a shábháil ar an dóigh seo. Cuireann siad níos mó earraí ar fáil agus glacann sé níos lú ama. Ciallaíonn sé seo go dtiteann na costais don ghnólacht.
- Bíonn a fhios ag gach duine cad é a dhéanann na grúpaí difriúla. Ciallaíonn sé seo go mbíonn a fhios ag daoine cá háit ar chóir dóibh dul nuair a bhíonn ceist acu. Mar shampla, nuair a bhíonn ceist acu a bhaineann le hairgead, téann siad chuig duine sa roinn airgeadais. Thig le gnólachtaí am a shábháil mar gheall air seo agus ní ghlacann sé an méid céanna ama fadhbanna agus ceisteanna a shocrú.
- Bíonn cumarsáid níos fearr sa ghnólacht agus téann teachtaireachtaí tríd gan deacracht, de ghnáth.
- Bíonn na hoibrithe páirteach i bhfoireann agus thig leo tacaíocht agus cuidiú a fháil ó dhaoine eile ar an fhoireann.

Ní bhíonn grúpaí eagraithe ag an ghnólacht i gcónaí ach, in amanna, tarlaíonn siad cibé. Mar shampla, scaifte a imríonn sacar le chéile gach seachtain. Thig leis na grúpaí neamhfhoirmiúla seo bheith iontach maith don ghnólacht. De ghnáth, réitíonn na daoine seo go maith le chéile agus seans go n-oibreoidh siad níos fearr le chéile mar gheall air sin. In amanna, téann eolas tríd nuair a labhraíonn daoine ar bhealach níos éifeachtaí ná mar a rachadh sé, de ghnáth.



In amanna, caitheann daoine barraíocht ama ag caint agus ag gearán le chéile agus déanann seo dochar don ghnólacht.

Is cuma cé acu maith nó olc iad, ní thig le gnólachtaí deireadh a chur le grúpaí neamhfhoirmiúla agus caithfidh gnólachtaí smaoineamh orthu agus iad ag iarraidh athruithe a dhéanamh nó feabhas a chur ar an ghnólacht.



Ceisteanna

1. Cad é a chiallaíonn fiontraíocht agus cad iad na tréithe a bhaineann le fiontraí? (5)

2. Cad é an difear idir scileanna agus saintréithe? Tabhair samplaí le do fhreagra (5)

3. Cé hiad na trí chineál duine a rachadh i riosca/sa tseans? (3)

4. Cad é a chiallaíonn speisialtóireacht? Luaigh dhá bhuntáiste a bhaineann léi. (3)

5. Ainmnigh na grúpaí a bhíonn le fáil i ngnólacht. Cad é an difear eatarthu? (4)



Ceisteanna - Staidéar Gnó

1. Ainmnigh na ceithre phríomhearnáil a bhíonn i ngnólachtaí?

(4)

2. Cad chuige a bhfuil cumarsáid tábhachtach taobh istigh den ghnólacht?

(5)



3. Tá cumarsáid idir gnólachtaí iontach tábhachtach fosta. Ainmnigh ceithre mhodh a úsáideann gnólachtaí chun teagmháil a dhéanamh le gnólachtaí eile.

 (4)

4. Cén sórt tréithe atá de dhíth ar oibrí maith sa lá atá inniu ann agus mínigh cad chuige? (Luaigh trí thréith ar a laghad).

[illegible]

5. Cad é a chiallaíonn an focal ‘fiontraíoch’?

(2)

An tAontas

Eorpach



An tAontas Eorpach

Tá an tAontas Eorpach (AE) iontach tábhachtach do ghnólachtaí san Eoraip. Caithfidh gnólachtaí gnó s'acu a dhéanamh de réir dhlíthe an aontais. Tá sé níos fusa trádáil a dhéanamh le tíortha san aontas agus mar gheall air seo, tá níos mó iomaíochta ann idir na tíortha.

Ba ghnách le níos mó costas a bheith le híoc agus tú ag díol earraí i dtíortha eile – cáin agus a leithéid. Ach más ball den AE an tír, ní thig le tíortha eile san Aontas na cánacha seo a chur i bhfeidhm.

Chuaigh an Ríocht Aontaithe isteach san Aontas Eorpach i 1973. Bhí siad ábalta níos mó trádála a dhéanamh san Eoraip ach mar gheall air sin bhí tíortha eile ábalta earraí a dhíol sa Ríocht Aontaithe fosta. Is rud maith é seo do thomhaltóirí, de ghnáth. Ciallaíonn sé seo go mbíonn níos mó iomaíochta ann agus, de ghnáth, titeann na praghsanna dá bharr.

Chuidigh an euro le trádáil nuair a tháinig sé i bhfeidhm i mí Eanáir 2002 ach níl an Ríocht Aontaithe páirteach san airgeadra comónta sin go fóill.

Cad chuige?

Imeachtaí an Aontais maidir le fiontraíocht


Déanann an tAontas Eorpach iarracht bheith cinnte go bhfuil coinníollacha cothroma ann do gach duine, mar shampla, iomaíocht agus bealach isteach sa mhargadh.

Cuidíonn siad go mór le ceantair nach bhfuil forbartha.

Caithfidh gnólachtaí na rialacha a choinneáil sa dóigh go mbeidh trádáil chothrom ag dul ar aghaidh agus iomaíocht ann.

Cuidíonn siad go mór le gnólachtaí beaga. Tugann siad airgead dóibh. Ní thugann siad airgead do gach duine ach má bhíonn plan déanta amach atá réalaióch agus maith, tugann siad tacaíocht dóibh.

http://www.europa.eu.int/pol/enter/overview_en.htm



Ceisteanna

1. Ainmnigh trí ghrúpa a chuidíonn le gnólachtaí i dTuaisceart Éireann faoi láthair.

(3)

2. Roghnaigh ceann a bhaineann le Tuaisceart Éireann amháin. Cad é a dhéanann siad?

(6)

3. Cad é a chiallaíonn an tAontas Eorpach? An rud maith é, dar leat?

4. Ainmnigh dhá bhuntáiste a bhaineann leis an euro agus mínigh cad chuige ar buntáistí iad.

5. Ainmnigh trí scil bhainisteoireachta.

Pleasant



Gníomhaíochtaí Bainisteoireachta

Baintear úsáid as trí scil na bainisteoireachta sa ghnó

- an cheannasaíocht
- an t-inspreagadh
- an chumarsáid

Léiríonn na bainisteoirí ceannasaíocht trí shampla a thaispeáint agus treoracha a thabhairt.

Inspreagtar na hoibrithe chun a ndícheall a dhéanamh.

Caithfidh gach ball den fhoireann cumarsáid a dhéanamh ar mhaithe le heasaontais (gan bheith ag aontú) a réiteach, nó níos fearr ná sin arís, easaontais a sheachaint.

Chomh maith le trí scil na bainisteoireachta tá na trí ghníomhaíocht thábhachtacha bhainisteoireachta ann:

- **PLEANÁIL**
- **EAGRÚ**
- **RIALÚ**

Tá an dóigh ina mbíonn gnóilachtaí eagraithe pléite againn cheana. Amharcfaimid anois ar phleanáil agus rialú.

PLEANÁIL

De réir theoiric na pleanála leagtar síos cuspóirí, chomh maith le modhanna chun iad a chur i gcrích.

Thig le pleananna a bheith **gearrthréimhseach** nó **fadtréimhseach**, ó rud simplí mar chóras nua ríomhaireachta a chur isteach in oifig, go cineál úr táirgí a fhorbairt, nó monarcha nua a thógáil. Scríobhtar síos an chuid is mó de na pleananna tábhachtacha mar gheall ar a gcastacht (cé chomh casta is atá siad) nó ar an mhéid airgid a bhíonn le caitheamh orthu. Caithfidh gach plean prionsabail áirithe a leanúint, ar a dtugaimid **SICRU**.

Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh pleananna bheith:

- **Sonrach** – caithfidh pleananna bheith soiléir maidir lena gcuipóirí
- **Intomhaiste** – caithfidh stiúrthóirí bheith ábalta a thomhas cén dóigh a n-éireoidh leo
- **Comhaontaithe** – caithfidh foireann iomlán an ghnólachta bheith ag aontú leis an phlean
- **Réalaíoch** – caithfidh an gnólacht bheith ábalta na cuipóirí sin a bhaint amach gan barraíocht costais nó trioblóide
- **Uainithe** – caithfidh siad bheith ábalta iad a chur i gcrích taobh istigh de thréimhse réasúnta ama.

Cúlra na pleanála

Sula ndéantar plean ar bith a dhréachtú caithfear anailís **LLDB** a dhéanamh ar an ghnólacht. Ciallaíonn sin **láidreachtaí** agus **laigí** an ghnólachta, agus **deiseanna** agus **bagairtí** an mhargaidh, a scrúdú.

Seo a leanas sampla a mhíneoidh an méid sin go soiléir:

- Thiocfadh le mianach na foirne nó mianach na dtáirgí bheith ina láidreachtaí don ghnólacht. Ciallaíonn mianach cé chomh maith is atá an fhoireann nó na táirgí.
- Thiocfadh le heaspa eolais na foirne ar theangacha iasachta bheith mar laige.
- Thiocfadh le raon de tháirgí nua atá á bpleanáil don todhchaí bheith mar dheis don ghnólacht.
- Dá mbeadh iomaitheoir nó gnólacht eile ag pleanáil táirgí úra den chineál chéanna a chur ar an mhargadh, bheadh sé sin ina bhagairt ar an ghnólacht.

Is féidir pleananna a dhéanamh chun an úsáid is fearr a bhaint as láidreachtaí gnólachta, agus buntáiste a bhaint as a chuid deiseanna, chomh maith leis na bagairtí agus na laigí a laghdú.

Plean an Ghnó


Teipeann ar chuid mhór gnólachtaí i ndiaidh tamaill ghairid. Tarlaíonn sé seo go minic mar gheall ar easpa pleanála. Ba chóir go gcaithfeadh gach gnólacht úr cuid mhór ama ag ullmhú plean maith.

Caithfidh an plean na rudaí seo a thaispeáint:

- Cad é atá siad ag dul a tháirgeadh
- Cad é mar a tháirgfear é
- Cén áit a dtáirgfear é
- Cén dóigh a ndéanfaidh siad margáiocht ar an táirge
- Cad é mar a gheobhaidh siad airgeadas chun an gnó a bhunú
- Cé atá ag dul a bheith ag obair ann
- Díolachán, costais agus brabús a mbeidh siad ag súil leo.



Aidhm an phlean



Bhí Áine díreach i ndiaidh críochnú ag Coláiste Uí Mhurchú. D'fhoghlaim sí an dóigh chun bróga a dhearadh agus a tháirgeadh. Ba mhaith léi gnólacht s'aici féin a bhunú ag úsáid na scileanna seo chun bróga dearscnaitheacha speisialta a tháirgeadh don uasaicme. Ba mhaith léi smaointe agus dearaí s'aici féin a úsáid. Bhí a fhios aici cheana féin cén sórt dearaí agus ábhar ba mhaith léi a úsáid. Bhí fadhb bheag amháin aici – ní raibh airgead ar bith aici chun an gnólacht a bhunú. Roghnaigh sí dul chuig bainisteoir an bhainc chun an gnó a phlé leis agus le hiarraidh air iasacht a thabhairt di.



Bhí suim ag an bhainisteoir i ndearaí s'aici. Ach, chomh maith leis sin, bhí sé buartha faoi chustaiméirí, costais, airgead agus cúlbhannaí (ciallaíonn siad seo na foinsí eile airgid atá agat a thiocfadh leat a úsáid má bhíonn siad de dhíth – teach mar shampla). Bhí sé ag iarraidh plean gnó a fheiceáil.

Is cáipéis é an plean gnó a chuireann an t-eolas uile le chéile lena thaispeáint cén bealach a dtiocfadh leis an ghnólacht maireachtáil agus é in iomaíocht le gnólachtaí eile.

Bhí dhá phríomhchuspóir ag an phlean:

I dtús báire, bhí ar Áine smaoineamh faoi gach gné de ghnólacht s'aici, ní amháin dearadh na mbróg. Bhí uirthi smaoineamh faoi chíos agus faoi cháin, mar shampla – rudaí nár smaoinigh sí orthu roimhe sin. Sheachain sí meancóga a dhéanamh agus airgead a chailleadh mar gheall air seo.

Sa dara háit, thug sé sin uchtach do bhainisteoir an bhainc agus daoine eile a chuidigh léi an ghnólacht a bhunú, mar bhí siad ábalta a fheiceáil cén sórt seans a bhí ag an ghnólacht bheith maith agus an seans go n-éireodh leis.

Níl an banc ag dul a thabhairt iasacht airgid do ghnólacht ach amháin má shíleann siad go bhfaighidh siad an t-airgead ar ais agus an t-ús (tuilleadh airgid a thugtar ar ais dóibh). Má theipeann ar an ghnó, thiocfadh leis an bhanc an t-airgead sin a chailleadh.



Plean Gnó



Tá gnólacht ag Liam Mac Gabhann, LMG Tta, a tháirgeann bréagáin bhoga. Ba mhaith leis an gnó a fhorleathnú in earnáil eile de mhargadh na mbréagán. Roghnaigh sé plean gnó a dhéanamh amach. Shocraigh sé cruinniú leis an Bhainisteoir Airgeadais agus leis an Bhainisteoir Táirgthe. D'iarr sé orthu meastachán de na costais a bheadh i gceist leis an tionscadal úr a fhorbairt a shocrú leo.



(a) Cad chuige ar chóir do Liam plean gnó a chur le chéile?

(2)

(b) Scríobh síos agus mínigh dhá bhall/chomhpháirt ar chóir do Liam a chur san áireamh ina phlean.

1.

2.

(4)

(c) Mínigh na tairbhí a gheobhadh Liam as an phlean gnó a dhéanamh amach?



(4)

(d) Taobh amuigh de na cúiseanna dlí a bhaineann leis, mínigh cad chuige a bhfuil sé tábhachtach go gcoinníonn gnólachtaí cosúil le LMG Tta. cuntais.



(4)

(e) Ainmnigh trí rud a bheadh le plé acu ag an chruinniú.

(3)





ACMHAINNÍ DAONNA 1



Earcú,
Roghnú
&
Oiliúint



Earcaíocht

Caithfidh gnólachtaí oibrithe maithe a fhostú. Caithfidh gnólachtaí cinneadh a dhéanamh – cad é an modh is fearr earcaíocht agus rogha a dhéanamh dá réir. Bíonn siad ag iarraidh na hoibrithe is fearr a tharraingt isteach nó a mhealladh chuig gnólacht s’acu. Caithfidh siad smaoineamh ar cad é mar atá siad ag dul a roghnú an duine is fearr agus is fóirsteanaí don phost.

- An gcuirfidh siad agallamh ar dhaoine?
- An úsáidfídh siad bealach eile chun duine a cheapadh?
- An mbeidh siad ag iarraidh teistiméireacht a scríobh duine/fostóir eile ar a son a fheiceáil?

Bíonn oibrithe de dhíth ar ghnólachtaí. Braitheann an méid oibrithe atá de dhíth ar na tascanna/jabanna atá le déanamh, costais na n-oibrithe agus an méid airgid atá ag an ghnólacht. Caithfidh gnólachtaí pleanáil a dhéanamh sa dóigh go mbeidh a fhios acu cá mhéad agus cén cineál oibrí a bheas de dhíth – **PLEANÁIL ACMHAINNÍ DAONNA**. Bíonn sé tábhachtach go dtugtar post don duine leis na scileanna cearta agus ag ráta/pá/tuarastal atá fóirsteanach.

Tá bealaí éagsúla ann chun earcaíocht a dhéanamh:

Earcaíocht inmheánach

Nuair a thugtar post do dhuine atá ag obair leis an eagraíocht cheana féin. Thiocfadh le cúntóir siopa ardú céime a fháil go dtí leasbhainisteoir sa siopa céanna, mar shampla.

Earcaíocht sheachtrach

Mura bhfuil duine fóirsteanach acu taobh istigh den ghnólacht, beidh orthu duine a cheapadh ón taobh amuigh. Caithfidh gnólachtaí bheith i dteagmháil le gnólachtaí, scoileanna, ollscoileanna, eagraíochtaí fostaíochta sa dóigh is go bhfaighidh siad oibrithe maithe.

- **Postionaid**

Thig leat dul i dteagmháil le postionad má tá tú ag cuardach poist nó má tá post ar fáil i ngnólacht s'agat. Deirtear leo go bhfuil **folúntas** ann agus déanann siad iarracht duine a fháil atá fóirsteanach don phost. Íocann an rialtas as na hionaid seo. Is fadhb mhór í fadhb na dífhostaíochta agus is bealach amháin é seo a ndéanann siad iarracht an fhadhb a laghdú. Fógraíonn na lárionaid poist do ghnólachtaí. Téann daoine nach bhfuil post acu – daoine atá **dífhostaithe** – chuig na hionaid seo ag cuardach poist nó thig le daoine atá ag iarraidh post úr a fháil dul chucu fosta. Tugann siad comhairle do na daoine atá dífhostaithe agus thig leo traenáil agus cuidiú le foirmeacha a chomhlánú a ofráil dóibh fosta. Bíonn an chuid is mó de na seirbhísí seo saor in aisce. Bíonn siad ann do phoist láimhe de ghnáth, chan do phoist bhainisteoireachta mar shampla (poist in oifigí).

- **Eagraíochtaí fostaíochta príobháideacha**

Ta cuid mhór eagraíochtaí fostaíochta príobháideacha ann anois fosta. Cosúil leis na postionaid, fógraíonn siad seo poist do ghnólachtaí fosta.

Cad chuige a gcaitheann comhlachtaí an méid sin airgid ag cuardach na ndaoine is fearr?

ACMHAINNÍ DAONNA

Téarma is ea acmhainní daonna a thagraíonn do na **daoine** atá ag obair d'eagraíocht. Ní hiad na táirgí a dhéantar, an trealamh a úsáidtear, ná na seirbhísí a chuirtear ar fáil, is tábhachtaí in eagraíocht, ach na daoine a bhíonn ag obair inti ag gach leibhéal.

Gach rud a bhaineann leis na daoine i ngnólacht, is cúram é sin don **bhainisteoireacht acmhainní daonna**.

Spreagann an bainisteoir acmhainní daonna an fhoireann chun dílseacht a bheith acu don ghnólacht; déanann sé/sí é sin trí dhearcadh dearfach faoin obair agus faoi athruithe a chur chun cinn. Ag an am céanna, coinníonn sé/sí na bainisteoirí sinsearacha

ar an eolas faoin tionchar a bhíonn ag polasaithe an ghnólachta ar na fostaithe. Déanann siad iarracht an chumarsáid a fheabhsú agus coinníollacha oibre a fheabhsú. Cuireann na bainisteoirí acmhainní daonna béim ar mheas ar fhostaithe agus ar a ról sa ghnólacht. Bíonn na hoibrithe níos sásta ina gcuid oibre agus cuidíonn sé seo leis an ghnólacht.

Acmhainn thábhachtach is ea daoine, ach cosnaíonn siad airgead ar an ghnólacht ar na bealaí seo a leanas:

1. **Costais roghnúcháin** – fógraíocht agus agallóireacht (agallamh)
2. **Costais oiliúna** – costais na n-oiliúnóirí (múinteoirí) agus costais an trealaimh
3. **Costais fostaíochta** – pá agus costais árachais.

Caithfidh an gnólacht bheith cúramach agus iad ag roghnú a gcuid oibrithe sa dóigh go mbainfear an luach is fearr astu.



Ról na n-acmhainní daonna

Bíonn daoine de dhíth i gcúrsaí gnó mar:

- Cuireann siad pleananna, cuspóirí agus polasaithe le chéile.
- Táirgeann siad earraí agus cuireann siad seirbhísí ar fáil.
- Díolann siad earraí agus seirbhísí.

Bainistiú Acmhainní Daonna

Bíonn ar an bhainisteoir acmhainní daonna cuid mhór oibre a dhéanamh le bheith cinnte go bhfuil na hoibrithe sásta agus ag obair chomh maith is a thig leo chun an méid is mó earraí agus seirbhísí a chur ar fáil.

Seo iad na rudaí a dhéanann bainisteoir acmhainní daonna:

1. **Pleanáil**
2. **Earcú agus roghnú**
3. **Intreoir, oiliúint agus forbairt do na hoibrithe ina gcuid post**
4. **Daoine a spreagadh**
5. **Breithmheas ar fheidhmiú (tuairim a thabhairt ar an obair)**
6. **Súil a choinneáil ar an chaidreamh idir fostóirí agus fostaithe**

1. Pleanáil



Caithfidh an gnólacht cinneadh a dhéanamh faoi na hacmhainní daonna a bheidh de dhíth don todhchaí agus plean a ullmhú sa dóigh go mbeidh go leor de na daoine cearta ag an ghnólacht i gcónaí chun na cuspóirí a bhaint amach.


Caithfidh siad smaoineamh ar na rudaí seo: líon, aois, cáilíochtaí, taithí agus scileanna na n-oibrithe.

2. Earcú agus Roghnú

Is é seo an ról is tábhachtaí atá ag an bhainisteoir acmhainní daonna. Seo an dóigh a bhfaigheann gnólacht na daoine cearta chun na poist/jabanna a dhéanamh a bhainfidh amach cuspóirí an ghnóilachta. Bíonn trí chéim sa phróiseas: ullmhú, earcú agus roghnú.

(i) **Ullmhú** Socraítear cad iad na jabanna atá le déanamh agus cé hiad na daoine atá ag teastáil chun iad a dhéanamh.

Cuirfear **jabthuaisc** (nó cur síos poist) le chéile le míniú soiléir a thabhairt ar riachtanais an jab agus mionneolas faoin obair agus faoi na freagrachtaí atá i gceist.



Bíonn na pointí seo san áireamh:

- Teideal an phoist
- Eolas faoin obair atá i gceist
- Freagrachtaí
- An duine a bheas i mbun an duine a cheapfar
- Cáilíochtaí nó scileanna atá riachtanach don phost

Bíonn **sonraíocht phearsanta** de dhíth fosta. Sa tsonraíocht phearsanta bíonn cuntas ar na cáilíochtaí agus na tréithe atá de dhíth don phost agus sonraí faoin duine a bheas de dhíth.

- Cáilíochtaí
- Scileanna
- Taithí
- Saintréithe
- Tréithe pearsantachta
- Aois

Úsáidtear an jabthuaisc agus an tsonraíocht phearsanta chun fógra a chumadh don phost. Bíonn eolas san fhógra sin faoi na tréithe agus na cáilíochtaí ba chóir a bheith ag an iarratasóir (duine atá ag cur isteach ar an phost). Cuidíonn sé sin leis an iarratasóir cinneadh a dhéanamh maidir le cur isteach ar an phost.



Earcú

(ii) **Earcú** Spreagtar grúpa iarratasóirí fóirsteanacha chun cur isteach ar phoist sa ghnólacht.

Thiocfadh leis an ghnólacht duine a cheapadh atá ag obair leo cheana féin – **earcú inmheánach**, nó duine ón taobh amuigh – **earcú seachtrach**.

Sa tábla thíos, scríobh síos na buntáistí a théann le hearcú inmheánach agus na buntáistí a théann le hearcú seachtrach.

Earcú inmheánach	Earcú seachtrach

An cuspóir atá le hearcú, iarratasóirí fóirsteanacha a mhealladh as na foinsí seo a leanas:

- As an eagraíocht féin
- As ionaid oideachais agus oiliúna, mar shampla, scoileanna agus coláistí
- As ionaid fostaíochta agus gníomhaireachtaí príobháideacha fostaíochta
- As iarratais atá faighte cheana féin ach nach bhfuair an duine an post
- As eagraíochtaí eile
- As fógraí seachtracha – nuachtáin srl.

Má tá siad ag dul a ghlacadh isteach duine ón taobh amuigh, tá cuid mhór bealaí chun é seo a dhéanamh.

Postionaid nó lárionaid fostaíochta



Gníomhaireachtaí Fostaíochta Príobháideacha – (ní leis an rialtas iad) cosúil le ‘*Grafton Recruitment*’. De ghnáth, bíonn ar an oibrí airgead a thabhairt dóibh le tairbhe a bhaint as a gcuid seirbhísí – mar shampla 5% den phá.

Fógraíocht – de ghnáth, sa pháipéar nuachta. Bíonn roghnú an nuachtáin ag brath ar an chineál poist atá i gceist. Má tá siad ag cuardach duine áitiúil cuirfidh siad fógra sa nuachtán áitiúil ach más post bainisteoireachta atá i gceist, is dócha go gcuirfidh siad fógra i bpáipéar náisiúnta. D’fheicfeadh níos mó daoine an fógra agus is dócha go gcuirfeadh níos mó daoine isteach ar an phost. Ach bíonn costas i gceist agus tú ag cur fógraí sa nuachtán.

Nuair a fhógraítear post is gnách go mbíonn na pointí seo a leanas san fhógra:

- Teideal an phoist
- Jabthuaisc ghairid
- Cur síos gearr ar an eagraíocht
- An áit a bhfuil an eagraíocht agus a mbeidh an post lonnaithe
- Na cáilíochtaí, scileanna, taithí agus tréithe a bheas de dhíth ar an duine a cheapfar
- Tuarastal/pá
- Duine agus seoladh teagmhála

Daoine eile. Is é seo an dóigh is coitianta a bhfaigheann daoine amach faoi phoist. B'fhéidir go bhfaigheadh fostaí amach go bhfuil folúntas ann agus go ndéarfadh siad sin leis an duine a chuireann isteach ar an phost. Má tharlaíonn seo, thig le gnólachtaí airgead fógraíochta a shábháil. Tarlaíonn sé seo, de ghnáth, nuair atá cuid mhór daoine fóirsteanacha ann don phost.

Is minic a bhraitheann an fhoinsé earcaíochta ar an chineál poist a bhíonn i gceist. Is minic a earcaítear (a thugtar post do) oibrithe láimhe trí phostionaid; de ghnáth, líontar poist bhainisteoireachta trí fhógraíocht. Níl siopa ag dul a chur fógra san fhuinneog má tá siad ag cuardach cuntasóra nó dlíodóra ach thiocfadh leo seo a dhéanamh má tá siad ag cuardach cúntóir siopa nó glantóra. Má bhíonn sé níos deacra an duine fóirsteanach a fháil agus má bhíonn cuid mhór cáilíochtaí agus scileanna de dhíth, caithfidh na gnólachtaí an post a fhógairt sa dóigh go bhfaighidh níos mó daoine amach faoin phost – nuachtán, idirlíon, duine a fhostú le dul thart ag cuardach an duine is fearr.

Má bhíonn a fhios ag an ghnólacht go bhfuil cuid mhór daoine amuigh ansin a bheadh fóirsteanach don phost, ach mura bhfaigheann siad mórán foirmeacha iarratais, beidh a fhios acu nach ndearna siad earcaíocht éifeachtach. De ghnáth, bíonn barúil acu faoin líon daoine atá ag dul a chur isteach don phost. Mura n-oibríonn an earcaíocht, caithfidh siad bealach eile a úsáid.

Cineálacha Oibrithe

Thig le formhór na n-oibrithe obair neamhoilte a dhéanamh. Ciallaíonn sin na poist nach bhfuil oiliúint de dhíth fána gcoinne, mar shampla, glantóireacht nó ag obair i líne tháirgthe i monarcha. Bíonn i bhfad níos lú oibrithe ar fáil chun obair oilte a dhéanamh, mar shampla, bíonn níos lú daoine ábalta bheith ina gcuntasóirí do ghnólacht. De bhrí go mbíonn níos lú oibrithe oilte ann, de ghnáth, faigheann siad níos mó airgid ná na hoibrithe neamhoilte. Is é seo an fáth a mbíonn oideachas agus oiliúint chomh tábhachtach sin do shlí bheatha ar bith sa todhchaí.

Bíonn meascán d'oibrithe de dhíth ar ghnólachtaí:

- **Oibrithe leathoilte**
- **Oibrithe oilte**
- **Oibrithe iloilte**

Oibrithe leathoilte

Bíonn cuid de na scileanna ag oibrithe leathoilte. Bíonn níos mó oiliúna orthu ná na hoibrithe neamhoilte agus faigheann siad níos mó airgid dá bharr sin ach go fóill tá rudaí le foghlaim acu. Má dhéanann siad níos mó traenála, thiocfadh leo bheith lánoilte agus pá níos airde arís a fháil.

Oibrithe oilte

Faigheann na hoibrithe oilte níos mó airgid ná na hoibrithe leathoilte nó neamhoilte as siocair go mbíonn níos mó scileanna acu agus go mbíonn níos lú acu ann.

Oibrithe il-oilte

Tá sé i bhfad níos tábhachtaí na laethanta seo go mbíonn oibrithe ábalta cuid mhór jabanna a dhéanamh. Is é seo an rud a dhéanann an difear idir oibrí amháin agus oibrí eile. Má bhíonn níos mó scileanna le hofráil ag duine amháin, gheobhaidh siadsan an post, de ghnáth. Bíonn oibrithe maithe solúbtha agus ábalta cuid mhór rudaí difriúla a dhéanamh.

Roghnú

Iarratas

In amanna, ní chuireann mórán daoine isteach ar phost agus cuirtear agallamh ar dhuine ar bith a chuireann suim sa phost. An chuid is mó den am bíonn próiseas níos faide ann nuair a chuireann a lán daoine isteach ar phost amháin. Nuair a chuireann duine scairt nó má scríobhann siad litir ag cur in iúl go bhfuil suim acu sa phost, gheobhaidh siad tuairisc ar an obair atá i gceist nó **jabthuaisc**. Caithfidh an gnólacht gearrliosta a chur le chéile le hagallamh a chur ar na hiarratasóirí is fearr. Ní thig leo agallamh a chur ar gach duine i gcónaí.

De ghnáth, bíonn ar na hiarratasóirí *Curriculum Vitae* (CV) a chur isteach nó foirm chaighdeánach iarratais a líonadh. Is cáipéis/doiciméad é an CV a mbíonn cúpla leathanach istigh ann a thugann na príomhshonraí faoin iarratasóir (eolas saoil atá i gceist), mar shampla, ainm, seoladh, aois, cáilíochtaí agus stair fostaíochta/taithí. Tugann CV níos mó saoirse don iarratasóir é/í féin a chur i láthair an fhostóra ar an dóigh is fearr. Ach is féidir go mbeadh eolas ann nach bhfuil de dhíth agus eolas eile atá de dhíth fágtha ar lár. Le **foirm chaighdeánach iarratais**, beidh an t-eolas céanna acu ar gach duine. Is féidir úsáid a bhaint as an eolas seo ag an agallamh. In amanna eile, bíonn ar iarratasóirí litir iarratais a scríobh ag míniú cad chuige ar mhaith leo an post agus cad chuige a mbeadh siad fóirsteanach dó. De ghnáth, bíonn spás ar an fhoirm iarratais chun an litir seo a scríobh.

Roghnú Roghnaítear na daoine is fóirsteanáí don phost ó liosta na n-iarratasóirí.

Roghnaíonn siad agallamh a chur ar chuid de na hiarratasóirí.


Is é an t-**agallamh** pearsanta an bealach roghnaithe is coitianta; is deis í don fhostóir agus don iarratasóir eolas a chur ar a chéile. Sa chomhrá a bhíonn ag an fhostóir leis an iarratasóir, bíonn sé/sí ag iarraidh a chinntiú gur fíor an t-eolas atá ar an fhoirm iarratais. Chomh maith leis sin, bíonn sé/sí ag iarraidh a fháil amach an bhfuil na scileanna agus an dearcadh atá de dhíth ar an eagraíocht, ag an agallaí/iarratasóir. Bíonn an t-agallaí ag iarraidh a fháil amach an bhfuil na coinníollacha oibre inghlactha agus an mbeidh deiseanna/seansanna ann le haghaidh ardú céime agus forbairt phearsanta.

Bíonn **foirm mheasúnaithe agallaimh** ann a úsáideann an t-agallóir nó an painéal agallaimh le cuidiú leo cloí leis an phróiseas.

Thig leo bheith níos cinnte, ansin, go mbíonn siad cothrom ar gach duine agus go dtugann siad an seans céanna do gach duine.

Beidh pointí ag dul do chuid de na rudaí seo:

- **Cuma fhisiciúil**
- **Cáilíochtaí/taithí/scileanna**
- **Teangacha**
- **Caitheamh Aimsire**
- **Pearsantacht**



Cuirtear na ceisteanna céanna ar gach iarratasóir sa dóigh go mbeidh siad ábalta measúnú cothrom a dhéanamh ar na freagraí.

Caithfidh an t-agallóir bheith cothrom le gach duine agus caithfidh na hagallaithe bheith ionraic agus iad féin a chur i láthair agus in iúl chomh maith agus is féidir.

De ghnáth, bíonn ar an agallaí ainmneacha moltóirí a scríobh síos a bheadh sásta **teistiméireacht** a scríobh ar a s(h)on ag rá cad chuige a mbeadh siad maith ag an phost. Scríobhann fostóir eile an teistiméireacht nó duine a bhfuil aithne aige/aici ar an iarratasóir.

In amanna, ní hé an t-agallamh an bealach is fearr chun an duine fóirsteanach a fháil. Thig le hagallóirí bheith claonta agus chun é seo a sheachaint in amanna, bíonn painéal ann.

In **agallamh painéil**, bíonn grúpa agallóirí ann agus roinneann siad na ceisteanna eatarthu.

In amanna bíonn **scrúduithe roghnaithe** le déanamh ag na hiarratasóirí. Bíonn siad bunaithe ar an chineál oibre a bheas le déanamh agus tugann siad tuilleadh eolais don agallóir.

Uaireanta, tarlaíonn **roghnú grúpa**. Bíonn na hiarratasóirí uile le chéile ag caint agus ag plé rudaí a bhaineann leis an ghnólacht agus amharcann na hagallóirí orthu agus éisteann siad leo.

Tasc

Ag baint úsáid as fógra le haghaidh post ar bith, ullmhaigh liosta de na ceisteanna ba dhócha a chuirfeadh agallóir, agus liosta de na ceisteanna ba chóir don agalláí a chur.




FOSTAÍOCHT AGUS AN DLÍ

Tá roinnt mhaith dlíthe ann a bhaineann le fostú oibrithe. Bíonn tionchar ag cuid acu ar an dóigh a n-earcaíonn gnólachtaí. Bíonn cuid eile ann le cosaint a thabhairt do na hoibrithe agus iad fostaithe. Caithfidh gnólachtaí a gcuid polasaithe a chur i bhfeidhm agus cloí le nósanna imeachta s'acu le bheith cinnte go bhfuil siad ag obair de réir an dlí.



Mura ndéantar rudaí de réir an dlí thiocfadh le dhá rud tarlú:

1. Thiocfadh le ranna agus gníomhaireachtaí an stáit an dlí a chur orthu, mar shampla, **Sláinte agus Sábháilteacht** agus, de ghnáth, bheadh cáin nó fineáil le híoc acu.



2. Thiocfadh le daoine nó gnólacht eile a chaill airgead nó gnó mar gheall ar imeachtaí s'acu iad a thabhairt os comhair na cúirte. Seans go mbeadh orthu **damáistí** a íoc.

Nuair a chuireann daoine isteach ar phost caithfidh an fostóir an seans céanna a thabhairt do gach duine. Tá cearta ag gach iarratasóir. Tugann na cearta seo **Comhdheiseanna** do na hiarratasóirí atá ag cuardach fostaíochta. Ní thig le fostóirí leithcheal a dhéanamh idir iarratasóirí ar cheann ar bith de na cúiseanna seo a leanas:

- Inscne – fear/bean
(leithcheal ar bhonn gnéis/gnéaschlaonta)
- Stádas pósta
- Aois
- Míchumas
- Cine
- Más homaighnéasach an duine
- Creideamh reiligiúnach
- Creideamh polaitiúil



Ní thig le gnólachtaí fógra a scríobh ag cuardach mná do phost mar rúnaí. Bheadh seo in éadan an Ordaithe um Leithcheal ar bhonn Gnéis (TÉ) 1988. Chomh maith leis sin, ní thiocfadh leo Eorpach a iarraidh mar bheadh sé seo in éadan an Achta um Chaidreamh idir Ciníocha, 1976. De réir an dlí agus an Achta um Leithcheal ar bhonn Míchumais, 1995, caithfidh fostóirí a bhfuil níos mó ná 20 fostaí acu daoine míchumasacha a earcú, nó 3% dá n-oibrithe ar a laghad. Ní dhéanann cuid mhór gnólachtaí é seo mar deir siad nach bhfuair siad go leor foirmeacha maithe iarratais ó dhaoine míchumasacha.

A luaithe agus a roghnaítear an duine is fóirsteanaí don phost agus go nglacann an duine sin leis na coinníollacha, glactar leis go bhfuil **Conradh Fostaíochta** ann. Caithfidh gach oibrí an conradh seo a fháil taobh istigh de 13 seachtaine ón cheapachán.



Is cáipéis scríofa é atá sínithe ag an fhostóir agus an fhostaí. Caithfidh na conarthaí a bheith déanta de réir an dlí. Beidh cuid de na pointí seo san áireamh, de ghnáth:

- Dáta le tosú
- Ráta pá
- Laethanta saoire
- Uaireanta oibre

Caithfidh gach duine an t-airgead céanna a fháil agus a fhaigheann duine eile atá ag déanamh na hoibre céanna nó post atá iontach cosúil le post duine eile. Tharla sé seo mar gheall ar an Acht um Phá Comhionann, 1970. Mura bhfuil duine ar bith eile ag déanamh oibre atá cosúil le duine eile, caithfidh na fostóirí a thaispeáint go bhfuil siad ag tabhairt níos mó airgid don duine a bhfuil níos mó freagrachtaí acu.

Cosaint san obair

Caithfidh gnólachtaí a gcuid imeachtaí a reáchtáil de réir dea-chleachtais sláinte agus sábháilteachta. Caithfidh siad a gcuid córas a eagrú de réir rialacha atá leagtha amach san Acht um Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, 1974. Caithfidh gnólachtaí a oibríonn le ceimiceáin nó trealamh contúirteach, cuir i gcás, bheith cinnte go mbíonn an t-ábhar sin stóráilte mar is ceart agus go mbíonn sé in úsáid faoi choinníollacha sábháilte agus ag oibrithe oilte. Tagann cigirí chun é seo a sheiceáil go minic.

Caithfidh gnólachtaí smaoineamh ar chomhdheiseanna. Caithfidh an comhlacht an seans céanna a thabhairt do gach duine de réir an dlí, is cuma faoi aois, faoi mhíchumas, faoi chreideamh srl. Bheadh siad ag déanamh leithcheala ar oibrithe dá mbeadh siad ag cur na dtréithe sin san áireamh maidir le dul chun cinn fostaíochta agus bheadh sin in éadan an dlí.

Bíonn formhór na n-oibrithe ina mbail de **cheardchumann**. Is ceart eile é seo atá ag oibrithe –bheith páirteach nó gan bheith páirteach i gceardchumann (CC). Ní chaithfidh gnólacht an CC a aithint ná idirbheartaíocht ná cumarsáid a dhéanamh leo. Thig leo déileáil leis na hoibrithe gan labhairt leis an CC. Ach, ní thig leo daoine a stopadh má bhíonn siad ag iarraidh gníomhaíocht thionsclaíoch a ghlacadh, mar shampla, dul ar stailc.

An Coimisiún Comhionannais do Thuaisceart Éireann

Is comhlacht poiblí neamhspleách é an ‘Coimisiún Comhionannais do Thuaisceart Éireann’ a bunaíodh faoi Acht Thuaisceart Éireann 1998.

Is iad seo na dualgaí atá ag an choimisiún:

- ag iarraidh deireadh a chur le leithcheal
- ag cur comhdheiseanna agus dea-chleachtais chun cinn
- ag cur gníomhú dearfach chun cinn
- ag cur dea-chaidreamh idir chiníocha difriúla chun cinn
- ag coinneáil súile ar an **reachtaíocht** (rialacha atá leagtha amach ag rialtais)

Ar an chéad lá de mhí Dheireadh Fómhair 1999, thosaigh an Coimisiún seo a dh'obair in áit roinnt eagrais a bhí ann go dtí sin: an Coimisiún um Chothromas Ciníocha do TÉ, an Coimisiún um Chomhdheiseanna do TÉ, an Coimisiún um Chomhionann Fostaíochta agus an Chomhairle Mhíchumais do TÉ.

www.equalityni.org/yourrights

Ceartha daonna



oiliúint

Oiliúint/Traenáil

- Intreoir, oiliúint agus forbairt daoine

Faigheann daoine na scileanna agus an saineolas a bhíonn de dhíth orthu chun post a dhéanamh mar is ceart trí oiliúint.

Bíonn clár oiliúna agus forbartha ag gnólachtaí a chlúdaíonn na gnéithe seo:

- Riachtanais oiliúna na heagraíochta ar fad
- Amchláir do na cúrsaí oiliúna
- Na riachtanais oiliúna atá ag gach aon duine sa ghnólacht

Clár Oiliúna agus Forbartha – Cad chuige?

- Faigheann daoine amach cad iad na bunscileanna atá de dhíth orthu chun an post a dhéanamh go héifeachtach.
- Foghlaimíonn daoine faoin eagraíocht
 - an dóigh a n-oibríonn sí agus an fáth a n-oibríonn sí ar an bhealach sin.
- Foghlaimíonn daoine scileanna breise a chuireann ar a gcumas dul chun cinn san eagraíocht agus ardú céime a bhaint amach.
- Spreagtar daoine le dul chun cinn a dhéanamh.
- Bíonn sé níos fusa modhanna nua oibre agus modhanna nua teicneolaíochta a thabhairt isteach.
- Má bhíonn a fhios ag daoine go gcuirfear oiliúint orthu, bíonn sé níos fusa daoine úra a mhealladh isteach san eagraíocht.
- Ardaíonn **meanma** na foirne – spiorad s’acu. Is rud maith é sin do na hoibrithe agus don fhostóir.

Thig leis an oiliúint nó an traenáil seo bheith taobh istigh nó taobh amuigh den ghnólacht. Tugtar oiliúint **‘ar an láthair’** uirthi má tharlaíonn sí taobh istigh den ghnólacht. Cuirtear daoine nua ag obair le daoine a bhfuil taithí acu sa dóigh is go bhfoghlaímíonn siad an cheird nó an scil trí aithris a dhéanamh agus trí theagasc. Sin é an gnáthmhodh oiliúna sna gairmeacha agus sna ceirdeanna traidisiúnta. Bíonn oiliúint **‘ar láthair eile’** ar fáil ar chúrsaí oiliúna a reáchtálann speisialtóirí nó saineolaithe ó ghnólachtaí a thugann comhairle agus cuidiú.

Más rud úr atá i gceist, de ghnáth, tagann duine eile isteach chun é a thaispeáint – mar shampla clár úr don ríomhaire. Ach má tá oibrithe eile ábalta an rud a theagasc mar is ceart roghnaíonn gnólachtaí é seo mar thig leo airgead agus am a shábháil.



Ceisteanna

1. Cad chuige a gcaitheann gnólachtaí cuid mhór airgid ag fógart post agus ag cuardach oibrithe maithe?

(3)

2. Dá mbeadh gnólacht ag cuardach oibrithe do na poist seo, cad é an dóigh is fearr chun iad a fháil?

- (i) bainisteoir
- (ii) cúntóir siopa
- (iii) oibrí monarchan/láimhe
- (iv) rúnaí
- (v) poitigéir (5)

3. De ghnáth, bíonn agallamh le déanamh ag daoine chun post a fháil. An é seo an bealach is fearr chun daoine a cheapadh i gcónaí, dar leat?

(4)

4. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hearcaíocht inmhéanach?

(4)

5. Cad iad na rudaí a úsáideann gnólachtaí chun oibrithe a mhealladh ó ghnólachtaí eile?

(4)



Ceisteanna - Obair Ranga

1. Cad é a chiallaíonn an téarma ‘Acmhainní Daonna’?

(3)

2. Cad é an rud is tábhachtaí i ngnólacht agus cad chuige?

(5)

3. Cad iad na costais a bhaineann le fostaithe agus tabhair samplaí?


(5)

4. Cad chuige a bhfuil níos lú oibrithe de dhíth ar ghnólachtaí sa lá atá inniu ann ná mar a bhí, b'fhéidir, 40 bliain ó shin?


(4)

5. Cén sórt rudaí a gcaithfidh gnólachtaí smaoineamh orthu nuair atá siad ag déanamh plean amach maidir le hoibrithe agus iad ag bunú gnólacht úr agus cad chuige?

(3)



Ceisteanna



1. Cad é an difear idir jabthuaisc agus sonraíocht phearsanta?

(3)

2. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le heacraíocht sheachtrach? Mínigh iad (dhá mhíbhuntáiste ar a laghad)?

(4)



3. Ainmnigh agus mínigh trí dhóigh chun earcaíocht a dhéanamh.

(5)



4. Ainmnigh agus scríobh cur síos beag ar cheithre chineál oibrithe.

(4)



5. An gcaithfidh oibrithe maithe torthaí maithe a bheith acu ón scoil?

(4)

Ceisteanna

1. Cad é mar a dhéanann gnólacht gearrliosta de na hiarratasóirí?

[illegible]

2. Cad chuige a mbíonn CV úsáideach?

[illegible]

[illegible][illegible]

_____, _____,
_____ agus _____.

129

Oiliúint

Má tá gnólacht ag dul a bheith san iomaíocht le gnólachtaí eile, beidh oibrithe oilte de dhíth. Caithfidh gnólachtaí riachtanais oiliúna s'acu a mheas. Caithfidh siad a roghnú cá mhéad airgid a thig leo a infheistiú ina gcuid oibrithe. Caithfidh siad a roghnú cé atá ag dul a fháil na traenála/na hoiliúna agus cén sórt oiliúna atá de dhíth.

Cuspóirí oiliúna

Is costas í an oiliúint do ghnólacht ar bith. Mar gheall air seo, tá sé iontach tábhachtach go bhfaigheann gnólachtaí luach a gcuid airgid ó na cúrsaí traenála/oiliúna a roghnaíonn siad.

- **Ionduchtú**

Seo an oiliúint a thugtar d'oibrithe úra. Is é an cuspóir atá leis na daoine úra a chur ar an eolas faoin dóigh a n-oibríonn an gnó agus an roinn ina bhfuil siad. Thiocfadh leo níos mó oiliúna a fháil ar na rudaí a bheadh de dhíth orthu don phost – mar shampla cúrsa ríomhaireachta.

- **Feabhsú scileanna**

Bíonn sé seo iontach tábhachtach, go háirithe do ghnólachtaí a úsáideann cuid mhór teicneolaíochta agus ríomhairí. Athraíonn teicneolaíocht agus na margaí an t-am ar fad agus mar gheall air sin, caithfidh oibrithe foghlaim faoi na hathruithe fosta.

- **Athoiliúint**

Imíonn roinnt post as feidhm i ndiaidh tamaill agus athraíonn cuid eile. Caithfidh na hoibrithe a bhfuil na bunscileanna acu chun na poist seo a dhéanamh athoiliúint a fháil chun na poist dhifriúla seo a chomhlíonadh.

- **Ag cruthú solúbthachta**

Bíonn gnólachtaí ag iarraidh go mbeidh a n-oibrithe ábalta ar chuid mhór rudaí a dhéanamh. Ciallaíonn sé sin go mbíonn siad ag iarraidh tréan oibrithe iloilte a bheith acu. Bíonn réimse mór scileanna ag na daoine seo.

Ba chóir go mbeadh na hoibrithe ábalta níos mó sásaimh a bhaint as an phost nuair a fhaigheann siad níos mó oiliúna. Bheadh siad ábalta post s'acu a dhéanamh níos éifeachtaí. Osclaíonn oiliúint an doras le haghaidh ardú céime agus pá níos substaintiúla.

Modhanna Oiliúna

Tá dhá bhealach ann chun traenáil nó oiliúint a dhéanamh. Tarlaíonn oiliúint **'ar an láthair'** nuair a thógann oibrithe scileanna agus iad ag obair le hoibrithe eile. Bíonn seans ag na hoibrithe úra foghlaim ó na daoine a bhfuil taithí acu agus, de ghnáth, oibríonn siad leo ar feadh cúpla seachtain. Bíonn an modh seo saor agus oibríonn sé go héifeachtach, de ghnáth. Ach ní dócha go bhfaighidh siad oiliúint iontach domhain ar an phost. Chomh maith leis sin, ní oibríonn sé go rómhaith má bhíonn scaifte oibrithe le traenáil ag gnólacht chun scileanna úra a fhoghlaim.

Má bhíonn gnólachtaí ag iarraidh go leor dá bhfoireann a thraenáil caithfidh siad oiliúint **'ar láthair eile'** a chur ar fáil. Ciallaíonn sé sin go nglactar na hoibrithe ar shiúl óna bpoist chun an oiliúint a fháil. Thig oiliúint sheachtrach a bheith déanta taobh istigh den ghnólacht. Bíonn cúrsaí oiliúna eagraithe ar laethanta inseirbhíse.

Glactar isteach saineolaithe ón ghnólacht féin nó saineolaithe ón taobh amuigh chun an cúrsa a thabhairt. In amanna, bíonn ar na hoibrithe dul chuig áiteanna eile – coláistí bainisteoireachta, coláistí oiliúna nó gníomhaireachtaí oiliúna. Bíonn an modh oiliúna seo níos daoire. Caithfidh na gnólachtaí airgead a thabhairt do na hoiliúnóirí seo agus chomh maith leis sin ní thig leo earraí ná seirbhísí a chur ar fáil agus an oiliúint seo ag dul ar aghaidh. Ach os a choinne sin, thig leis na hoibrithe cuid mhór scileanna a fhoghlaim agus cáilíochtaí riachtanacha a fháil.



Cineálacha Oiliúna

Úsáideann gnólachtaí cineálacha éagsúla oiliúna:

- **Ionduchtú**

Pléite cheana féin.

- **Printíseacht, Oiliúint Óige agus Oiliúint Chéimithe**


Bíonn riachtanais oiliúna ar leith ag na daoine óga atá ag teacht díreach ó scoileanna, ó choláistí nó ó ollscoileanna. Bíonn ionduchtú de dhíth ach, chomh maith leis sin, bíonn oiliúint níos faide nó oiliúint leanúnach de dhíth orthu. Déantar é sin sa dóigh go mbeidh leibhéal a gcuid scileanna maith go leor chun post áirithe a dhéanamh ar bhonn fadtréimhseach. Bhí printíseachtaí ann sna seachtóidí tráth a chaitheadh daoine óga, ag 16 nó 17, ceithre nó cúig bliana ag fáil oiliúna. Tháinig córas eile isteach ina dhiaidh sin – Oiliúint Óige. De réir an chórais sin thig le daoine faoi bhun 18 d'aois dhá bhliain a chaitheamh ag traenáil agus faigheann siad méid áirithe airgid in aghaidh na seachtaine. Téann siad chuig an choláiste agus faigheann siad taithí fosta. In amanna, bíonn ar an ghnólacht cuid den airgead a thabhairt dóibh.



ACMHAINNÍ DAONNA 2



Spreagadh, Breithmheas agus Caidreamh



Spreagadh

Daoine a spreagadh

Bíonn gnólachtaí ag iarraidh go mbeadh oibrithe s'acu ag obair go crua agus go mbeadh siad ag cur earraí agus seirbhísí d'ardchaighdeán ar fáil. Bíonn seans níos fearr ann go dtarlóidh sin má bhíonn na hoibrithe spreagtha go maith.

Pointí a bheas le plé againn:

- Cad é mar a thig le gnólachtaí oibrithe a spreagadh?
- Ar chóir dóibh úsáid a bhaint as pá/airgead i gcónaí chun oibrithe a spreagadh?
- Ar chóir dóibh triail a bhaint as bealaí eile, mar shampla, freagrachtaí a thabhairt dóibh?
- Cad é mar a chruthaíonn gnólachtaí timpeallacht/áit oibre ina bhfuil na hoibrithe ag obair go crua agus ag iarraidh go mbeidh an gnólacht rathúil?

Caithfidh gnólachtaí daoine a spreagadh. Má bhíonn meanma ard ag na hoibrithe agus iad spreagtha le dul i mbun gnó, is dócha go mbeidh siad sásta obair chrua a chur díobh. Cuidíonn sé sin leis an ghnólacht mar thig leo airgead a shábháil má bhíonn na hoibrithe ag obair go maith agus go héifeachtach. Ciallaíonn sé fosta go dtiteann na costais agus mar gheall air sin ardaíonn an brabús.

Tá cuid mhór smaointe ann faoin dóigh is fearr chun oibrithe a spreagadh.



Airgead/Pá

Ar na príomhchúiseanna a ndéanann daoine obair áirítear cúrsaí airgid. Déantar socrú faoin scála tuarastail nó pá do phost ar bith nuair a fhostaítear an duine, agus bíonn nóta de seo sa chonradh fostaíochta. Aontóidh an bhainisteoireacht agus na fostaithe ar athruithe ar na scálaí pá.

In amanna, síleann an bhainisteoireacht go bhfuil duais tuillte ag oibrí éigin nó síleann siad go mbeidh duais ina spreagadh do na hoibrithe. Síleann roinnt daoine gur fearr a spreagann airgead oibrithe ná rud ar bith eile. Tá cuid mhór dóigheanna a n-oibríonn é seo, ag brath ar an phost atá i gceist.



£1 Bónas

– Aon íocaíocht sa bhreis nó nach bhfuil súil léi

Íocaíocht bhreise a fhaigheann fostaithe ó lucht bainisteoireachta mar gheall ar dhea-obair, de ghnáth, nó mar gheall ar rud éigin eile (m.sh. obair chontúirteach), nó chun brabús bliana dea-thrádála a roinnt amach. Má oibríonn roinnt oibrithe go hiontach maith agus/nó níos fearr ná daoine eile atá ag déanamh an phoist chéanna, in amanna faigheann siad airgead breise mar dhuais. Is airgead breise é seo a chuirtear leis an bhunráta pá nuair a shroicheann daoine spriocanna áirithe ina gcuid oibre.

£2 Coimisiún

– Íocaíocht ar gach earra a dhíoltar

Tarlaíonn sé seo i siopaí cuid mhór agus tarlaíonn sé i gcás na ndaoine a théann thart ag díol rudaí ó dhoras go doras nó ar an ghuthán. In amanna, faigheann daoine méid áirithe airgid mar phá ach thig leo níos mó a shaothrú má dhíolann siad cuid mhór agus faigheann siad méid áirithe faoin chéad den bhrabús – 5% mar shampla. In amanna eile, bíonn na hoibrithe ag brath go huile is go hiomlán ar an mhéid a dhíolann siad. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an fhéidearthacht ann nach bhfaighidh siad airgead ar bith.

£3 Roinnt/Páirtiú sa bhrabús

– Scéimeanna inar féidir leis an fhoireann cuid den bhrabús a fháil nuair a théann sé os cionn teorann áirithe

In amanna, deir na bainisteoirí go bhfuil siad sásta an brabús a roinnt leis na hoibrithe. B'fhéidir go gcoinneodh siad 70%

den bhrabús dóibh féin agus go roinnfeadh siad an 30% eile idir na hoibrithe nuair a théann an brabús os cionn méid áirithe airgid. Spreagann seo na hoibrithe chun níos mó oibre a dhéanamh – sa dóigh go mbeidh brabús níos airde ann agus níos mó airgid ann dóibh féin.

£4 **Tascobair/Tascráta**

– An tsuim a íoctar ar son gach píosa a dhéantar nó a tháirgtear

In amanna bíonn pá daoine ag brath ar an mhéid den earra a tháirgeann siad sa lá nó taobh istigh d'uair an chloig nó ar an mhéid den tseirbhís a chuireann siad ar fáil. Spreagann sé seo na hoibrithe chun níos mó oibre a dhéanamh mar tá pá s'acu ag brath ar an mhéid a tháirgeann siad. Mura ndéanann siad obair ar bith, ní bhfaighidh siad pá ar bith.

£5 **Scaireanna**


– An rogha scaireanna a cheannach

Seo scéimeanna inar féidir le hoibrithe i ngnólacht bheith ina scairshealbhóirí trí scaireanna a cheannach ar phraghas laghdaithe. Bíonn siad páirteach i roinnt an bhrabúis mar go bhfaigheann siad díbhinní ar a gcuid scaireanna.



Modhanna spreagtha nach mbaineann le hairgead

Tá cúiseanna eile a spreagann daoine le dul amach a dh'obair agus a ndícheall a dhéanamh *nach* mbaineann le hairgead. Bíonn riachtanais eile ag daoine. Bíonn airgead de dhíth le haghaidh riachtanais bhunúsacha a chomhlíonadh – mar shampla bia, éadaí, dídean, teas. Ach bíonn riachtanais eile ag daoine a bhaineann le mothúcháin s'acu agus an meas atá acu orthu féin.



Bealaí chun daoine a spreagadh nach mbaineann le hairgead

- Rothlú poist



Athraíonn daoine ó phost go post. Éiríonn daoine dubh dóite má dhéanann siad an rud céanna lá i ndiaidh lae mar bíonn sé leadránach. Thiocfadh leo bheith ag déanamh post amháin ar feadh míosa agus ansin ag bogadh chuig post eile. Spreagann seo na hoibrithe chun a ndícheall a dhéanamh don tréimhse sin.

- Postroinnt

Má bhíonn oibrí amháin ag roinnt poist le hoibrí eile, ní bhíonn sé ag obair chomh minic agus a bhíonn na hoibrithe eile. Is fusa bheith spreagtha agus tú ag obair ar feadh tréimhse gairide. In amanna beidh iomaíocht ag dul ar aghaidh idir an bheirt atá ag roinnt an phoist agus mar sin de beidh siad ag obair níos fearr chun níos mó earraí agus seirbhísí a chur ar fáil ná an duine eile.

- Obair foirne

Má bhíonn oibrí ag obair mar chuid d'fhoireann, de ghnáth, mothaíonn siad go bhfuil na daoine eile ag brath orthu. Má tá brú orthu níos mó oibre a dhéanamh ar mhaithe le comhoibrithe s'acu, spreagfaidh sin iad chun deifir a dhéanamh – mar shampla ar líne tháirgthe – nó bíonn gach duine ag brath ar na daoine eile.



- Stádas

Is mian le daoine fios a bheith acu go bhfuil meas ag daoine eile orthu mar gheall ar na rudaí a thig leo a dhéanamh. Is mian leo meas a bheith acu orthu féin fosta, ag mothú go bhfuil rud éigin bainte amach acu agus go bhfuil siad maith ag an tasc.

- Comhairliúchán

In amanna, san áit oibre, ní chuirtear ceist ar na hoibrithe faoi rud ar bith. Deirtear leo cad é atá le déanamh acu agus ní éistear leo. Bíonn barúil níos fearr ag na hoibrithe ar na dóigheanna is fearr chun an obair a dhéanamh cuid mhaith den am, ach in amanna ní fhaigheann siad an seans a mbarúil a thabhairt. Tá athrú ag teacht air seo le blianta beaga anuas. Tuigeann gnólachtaí níos fearr anois cé chomh húsáideach is atá na hoibrithe agus gur fiú rudaí a phlé leo roimh ré. Mothaíonn daoine go bhfuil siad tábhachtach don ghnólacht má chuirtear ceist orthu faoi pholasaithe agus athruithe agus, de ghnáth, spreagtar iad chun obair níos fearr a dhéanamh.



- Ciorcail cháilíochta

In amanna, mothaíonn oibrithe go dtiocfadh leo feabhas a chur ar rudaí i ngnólacht s'acu. B'fhéidir go mbeadh cúpla smaoineamh ag gach oibrí. Má bhuaileann siad le chéile, thig leo na pointí seo a phlé agus feabhas a chur ar rudaí. Buaileann na **grúpaí neamhfhoirmiúla** seo le chéile, b'fhéidir, uair sa tseachtain agus pléann siad smaointe s'acu uile agus roghnaíonn siad an dóigh is fearr chun feabhas a chur ar rudaí. Má tharlaíonn athruithe agus feabhas mar gheall ar smaoineamh duine éigin, mothaíonn siad bródúil astu féin agus spreagfaidh sé sin iad agus oibrithe eile chun rudaí eile a thriail.

- Sochair chomhchineáil/peorcaisí

Tugann gnólachtaí rudaí breise d'oibrithe maithe in amanna mar dhuais, m.sh. carr comhlachta. Má shíleann oibrithe go bhfaighidh siad peorcaisí



nó pribhléidí ar son dea-oibre, déanfaidh siad a ndícheall chun é sin a fháil.

- Má fhaigheann oibrithe go leor airgid, ní bheidh airgead mar spreagadh a thuilleadh. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh an gnólacht amharc ar dhóigheanna eile chun na hoibrithe a spreagadh.
- Thig le hoibrithe bheith díspreagtha má mhothaíonn siad nach bhfuil meas ag a gcomhoibrithe orthu agus má mhothaíonn siad go bhfuil todhchaí s'acu sa ghnólacht in amhras.
- Ní fiú bheith ag insint don oibrí go bhfuil siad ag obair go hiontach maith agus go bhfuil siad iontach fiúntach don ghnólacht, mura bhfuil tú á thaispeáint sin dóibh i dtuarastal s'acu. Caithfidh cuid mhór de na modhanna spreagtha seo bheith ag feidhmiú le chéile chun oibrithe spreagtha a bheith ag an ghnólacht.

Cad é an rud is mó a spreagann na hoibrithe?

Ní aontaíonn daoine i gcónaí faoi cad é a spreagann oibrithe. Shíl Frederick Taylor gurb é an t-airgead an phríomhchúis a oibríonn daoine. Shíl sé go ndéanfaidh siad an méid is lú a thiocfadh leo mura mbeadh duine ansin ag coinneáil súile orthu. Shíl sé fosta nach raibh siad ag cuardach freagrachtaí. Thug Douglas McGregor Teoirim X ar na smaointe seo. Shíl seisean nach mbeadh oibrithe spreagtha dá mbeadh gnólachtaí ag glacadh leis an smaoineamh seo. Shíl sé go raibh modhanna eile ann chun daoine a spreagadh. Thug sé Teoirim Y ar an dearcadh seo. Deir sé go mbeidh oibrithe spreagtha má thugtar freagrachtaí dóibh agus má thugtar cead dóibh cinneadh a dhéanamh ó am go chéile.



Sa tábla thíos chimid an dá thuairim dhifriúla:

<i>Teoirim X</i>	<i>Teoirim Y</i>
Is é an t-airgead a spreagann oibrithe	Spreagann cuid mhór rudaí oibrithe
Bíonn oibrithe falsa agus ní maith leo bheith ag obair	Thig le hoibrithe sult a bhaint as post s'acu
Bíonn oibrithe leithleach, is cuma leo faoin ghnólacht agus ní maith leo freagrachtaí	Thig le hoibrithe iad féin a eagrú agus freagrachtaí a ghlacadh
Caithfidh stiúir a bheith ar oibrithe agus caithfidh an bhainisteoireacht smacht a choinneáil ar na hoibrithe	Caithfidh an bhainisteoireacht ligint do na hoibrithe bheith cruthaitheach agus triail a bhaint as smaointe s'acu

Sásamh Poist

Tá cuid mhór daoine a oibríonn as siocair go bhfuil post (airgead) de dhíth orthu. Tá seans ann nach bhfuil an méid sin dúile acu sa phost féin. Bíonn sé níos fusa an obair a dhéanamh má bhíonn suim ag daoine sa phost agus má bhaineann siad sult as. **Tugtar sásamh poist ar an mhéid sásaimh/suilt a bhaineann daoine as a bpost.** Tá daoine ann nach mbaineann sult as a bpost ar chor ar bith ach caithfidh an gnólacht ina bhfuil siad ag obair iad a spreagadh sa dóigh go ndéanfaidh siad a ndícheall agus go n-oibreoidh siad go crua ar son an ghnólachta.



Cad iad na rudaí a thugann sásamh poist do dhaoine? ☺

☹ Cad iad na rudaí a chuirfeadh isteach ar oibrithe?



Fachtóirí a spreagann agus a dhíspreagann oibrithe:

Spreagadh	Díspreagadh
1. Mothú go bhfuil siad fiúntach	1. Pá íseal
2. Seans ar ardú céime	2. Droch-choinníollacha oibre
3. Freagrachtaí	3. Rialacha agus polasaithe an ghnólachta bheith diúltach
4. An cineál poist	4. Eagla go gcaillfidh siad a bpost
5. Aitheantas ón bhainisteoireacht	5. An dóigh a mbíonn oibrithe eile leo
6. Forbairt phearsanta	6. Mothú nach bhfuil siad de dhíth

Tabhair sampla do gach pointe atá thuasluaite.

Spreagadh

1. Bainisteoir ag rá nach dtiocfadh leis an ghnólacht maireachtáil gan tú
- 2.
- 3.
- 4.
- 5.
- 6.

Díspreagadh

1. Ag fáil níos lú pá ná duine eile atá ag déanamh an phoist chéanna
- 2.
- 3.
- 4.
- 5.
- 6.

Breithmheas


5. Breithmheas/Measúnacht (tuairim a thabhairt ar an obair)

Ar na príomhchúraimí atá ar an bhainisteoir Acmhainní Daonna [AD] áirítear breithmheas a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil daoine ag feidhmiú. Cuidíonn sé le daoine an leas is fearr a bhaint astu féin. De ghnáth, déantar an breithmheas seo le hagallamh idir oibrí agus ceannasaí/bainisteoir.

Pléitear na réimsí seo a leanas san agallamh:

- Déantar athbhreithniú ar na spriocanna a leagadh síos an bhliain roimhe sin, agus ar dhul chun cinn an duine i rith na bliana.
- Aon athruithe san eagraíocht a théann i bhfeidhm ar an duine, nó aon athruithe a tháinig ar an jab, tugtar iad sin chun solais agus tugtar aird orthu.
- Tugtar chun solais aon fhadhbanna a bhí ag an duine i rith na bliana.
- Leagtar síos tosaíochtaí agus spriocanna don bhliain ina dhiaidh sin.
- Na hacmhainní atá riachtanach le go mbainfidh an duine amach a c(h)uid spriocanna, tugtar iad chun solais, chomh maith le réimsí ina mbeadh tuilleadh oiliúna ag teastáil.

De ghnáth, coinníonn an bainisteoir AD taifead den agallamh.



Caithfidh an bainisteoir AD a dhéanamh cinnte de go bhfuil córas breithmheasa i bhfeidhm ar fud na heagraíochta. Chun é seo a dhéanamh, caithfidh sé/sí:

- Bainisteoirí eile foirne a spreagadh chun breithmheas rialta a dhéanamh ar an fhoireann.
- Oiliúint a chur orthu chun breithmheas a dhéanamh.
- Cur ina luí ar na daoine atá ag obair san eagraíocht nach aon bhagairt dóibh an córas breithmheasa ach gur bealach é chun aiseolas a fháil ar a bhfeidhmiú.
- Leas a bhaint as an eolas a fhaightear ó na foirmeacha breithmheasa chun riachtanais oiliúna an ghnólachta a thabhairt chun solais.


Cuidíonn **córas foirmiúil breithmheasa** leis an eagraíocht agus leis an fhoireann ar na bealaí seo a leanas:

- Bailítear eolas a chuireann feabhas ar reáchtáil na heagraíochta.
- Aithnítear riachtanais oiliúna agus forbartha na heagraíochta.
- Spreagann sé an fhoireann.
- Déantar measúnú ar an acmhainneacht atá ag daoine, agus bíonn sé níos fusa iarrthóirí a aithint le haghaidh ardú céime.
- Déantar measúnú ar an toradh a bhí ar an chlár roghnaithe agus oiliúna.
- Aithnítear cé hiad na baill laga agus na baill láidre ar an fhoireann.




1. Cad chuige a ndéanann gnólachtaí breithmheas ar an dóigh a bhfuil gnólacht s'acu ag feidhmiú?

– Mínigh na buntáistí atá ann do na fostóirí agus na fostaithe.



2. Dá mbeadh foirm le líonadh isteach ag an fhostóir chun breithmheas a dhéanamh ar na fostaithe, cén sórt rudaí a mbeadh sé/sí ag amharc orthu?

– Cúig phointe ar a laghad



Breithmheas - ort féin

1. Déan athbhreithniú ar na spriocanna a bhí agat anuraidh, agus ar do dhul chun cinn i rith na bliana.
2. An raibh/bhfuil fadhbanna agat i rith na bliana maidir leis an obair?
3. Scríobh síos spriocanna don bhliain seo chugainn – an bhfuil siad mar an gcéanna?
4. An bhfuil acmhainní eile de dhíth ort le go mbainfidh tú amach do chuid spriocanna?
5. Ar mhaith leat feabhas a chur ar do chuid marcanna ar scoil? Cén dóigh a dtiocfadh leat é seo a dhéanamh?
6. An spreagann do thuairisc thú chun níos mó oibre a dhéanamh nó an ndéanann sí difear ar bith?



caidreamh

Súil a choinneáil ar an chaidreamh idir fostóirí agus fostaithe

Bíonn a bpost féin ag na daoine éagsúla in eagraíocht, ar an dóigh chéanna a mbíonn ag imreoirí ar fhoireann peile. I gcluiche peile déanann na cúlaithe cosaint, déanann na tosaithe ionsaí, tacaíonn na himreoirí lárpháirce leis an dá ghrúpa, agus déanann na daoine ar an taobhlíne an comhordú. Má tá rath le bheith orthu nó má tá siad ag dul a bhaint, caithfidh na grúpaí uile oibriú le chéile; má theipeann ar ghrúpa amháin freastal ar na grúpaí eile, beidh an grúpa uile thíos leis.



San áit oibre, is iad na daoine a bheadh san fhoireann na hoibrithe monarchan, oibrithe oifige, bainisteoirí líne agus bainisteoirí sinsearacha, mar shampla. Cé go bhfuil a ról féin le comhlíonadh ag gach dream acu sin, caithfidh siad comhoibriú le chéile chun an leas is fearr a fháil as an eagraíocht ar fad. Nuair a bhíonn gach cuid d'fhoireann an ghnólachta ag obair go maith le chéile, deirtear go bhfuil an caidreamh tionsclaíoch go maith. Mura mbíonn comhoibriú ann, bíonn droch-chaidreamh tionsclaíoch ann.

Caidreamh Tionsclaíoch

– Is é is caidreamh tionsclaíoch ann an caidreamh nó an ghaolmhaireacht idir fostóirí agus fostaithe i saol an ghnó.

Is gá comhoibriú, comhairliúchán agus cumarsáid rialta idir an lucht bainisteoireachta agus an fhoireann chun go mbeidh caidreamh maith tionsclaíoch ann.

DEA-CHAIDREAMH TIONSCLAÍOCH: NA TORTHAÍ

- Táirgiúlacht ard
- Meanma ard
- Foireann spreagtha
- Caidreamh maith poiblí



DROCH-CHAIDREAMH TIONSCLAÍOCH: NA TORTHAÍ

- Táirgiúlacht íseal
- Neamhláithreacht
- Ardráta athraithe oibrithe (oibrithe ag éirí as go minic)
- Aighnis agus stailceanna

Droch-chaidreamh tionsclaíoch: Na cúiseanna

- Lucht bainisteoireachta nach n-éisteann le fadhbanna na foirne.
- Bainisteoirí a rialaíonn an gnólacht ar bhealach seanaimseartha
- Lucht oibre achrannach a thugann saol crua don lucht bainisteoireachta
- Gan comhairliúchán agus cumarsáid mhaith a bheith sa ghnólacht
- Gan córas a bheith ann chun aighnis a réiteach

Caidreamh Tionsclaíoch

Bíonn na cuspóirí céanna ag an bhainisteoireacht agus ag na hoibrithe, mar shampla maireachtáil an ghnólaigh, brabús, srl. Ach bíonn cuspóirí difriúla acu fosta, mar shampla, méid an phá, coinníollacha oibre. Thiocfadh le fadhbanna tosú mar gheall air seo. Caithfidh gnólaigh roghnú ar chóir dóibh bheith ina mbaill de cheardchumann chun cosaint a fháil san áit oibre. Caithfidh an bhainisteoireacht roghnú ar chóir dóibh bheith ag obair leis an cheardchumann má bhíonn siad ag iarraidh dul i dteagmháil leis na hoibrithe.

Aighnis Thionsclaíocha

Bíonn easaontais idir lucht bainisteoireachta agus an fhoireann mar gheall ar a lán cúiseanna. Caithfear na heasaontais sin a réiteach chomh gasta agus is féidir chun stailceanna agus an caillteanas táirgiúlachta a bhíonn mar thoradh orthu, a sheachaint.

Na Cúiseanna le hAighnis Thionsclaíocha

- **Pá agus coinníollacha oibre**

Thiocfadh le haighneas a bheith ann idir na hoibrithe agus an fostóir má bhíonn ardú pá de dhíth ar na hoibrithe, nó feabhsú ar uaireanta oibre, srl.

- **Dífhostú oibrithe**

Creideann na ceardchumannn gurb é an cúram is mó atá orthu poist a choinneáil. Mar gheall air sin beidh siad in éadan dífhostú ar bith a dhéantar.

- **Bagairt go gcaillfear jabanna**

Má bhíonn dabht ann faoi thodhchaí gnólachta, is cinnte go mbeidh imní ar na hoibrithe, agus go mbeidh trioblóid éigin thionsclaíoch ann dá bharr.

- **Droch-chaidreamh tionsclaíoch**

Má ligeann an lucht bainisteoireachta do dhroch-chaidreamh tionsclaíoch leanúint ar aghaidh i gcomhlachtaí, bíonn easpa muiníne ag an lucht oibre astu.

- **An teicneolaíocht nua (ríomhairí, srl.)**

Nuair a thugtar an teicneolaíocht nua isteach i ngnólacht thig léi jabanna na n-oibrithe a chur i gcontúirt, nó athruithe a chur ar choinníollacha oibre. Is dócha go mbeidh oibrithe in éadan athruithe dá leithéid.



Ról na gCeardchumann

Cuidíonn an Bainisteoir Acmhainní Daonna leis an chaidreamh thionsclaíoch:

- trí chumarsáid a dhéanamh leis an fhoireann
- trí dhul i dteagmháil leis an fhoireann
- trí idirbheartaíocht a dhéanamh leis an fhoireann


De bharr go mb'fhéidir go mbeadh deacrachtaí ag oibrithe agus iad ag plé le fostóir, cláraíonn siad le ceardchumann. Cuidíonn na ceardchumann le dea-chaidreamh tionsclaíoch trína n-ionadaithe ceardchumann. Is é a chiallaíonn ionadaí ceardchumann duine de na hoibrithe a théann i dteagmháil leis an cheardchumann má bhíonn fadhbanna ann. Déanann sé/sí idirbheartaíocht ar son na n-oibrithe agus cuireann sé/sí le chéile polasaithe chun déileáil le hathruithe.

Bíonn cuid mhór eolais ag an cheardchumann agus tugann siad comhairle do na hoibrithe. Mura bhfuil na hoibrithe sásta leis an airgead nó leis na coinníollacha oibre nó má shíleann siad go bhfuil rudaí ag tarlú atá ag obair in éadan na gceart s'acu, thig leo dul i dteagmháil leis an cheardchumann. Déanfaidh siad a ndícheall an fhadhb a réiteach chomh luath agus is féidir.

Líne theagmhála

Má bhíonn fadhb ag oibrí bíonn líne ann chun cuidiú a fháil.

Téann sé/sí go dtí an duine atá i gceannas air/uirthi. Mura bhfaigheann sé/sí sásamh ansin téann sé/sí chuig an ionadaí ceardchumann. Téann sé/sí go dtí ceannasaí na roinne nó go dtí an bainisteoir AD. Déanann siad iarracht an fhadhb a réiteach ach má theipeann orthu, thig leo cuidiú a fháil ón taobh amuigh.




Nuair a bhíonn siad ina mbaill de cheardchumann, bíonn siad ag obair le chéile chun pá agus coinníollacha oibre níos fearr a bhaint amach. Mura bhfuil oibrí éigin cinnte faoi chearta s'acu nó faoi na dualgais s'acu thig leo dul i dteagmháil leis an cheardchumann. Beidh siadsan ábalta cuidiú a thabhairt dóibh.

Na rudaí a dhéanann na ceardchumann:

- Fadhbanna le pá a shocrú
- Coinníollacha oibre a fheabhsú
- Comhairle a thabhairt d'oibrithe faoi chearta s'acu
- Eolas a thabhairt d'oibrithe faoi chearta s'acu
- Cearta na n-oibrithe a chosaint
- Coimhlint a réiteach

Bíonn dlíthe i bhfeidhm chun daoine a chosaint agus iad ag obair – cosúil leis an Ordú um Leithcheal ar bhonn Gnéis (TÉ) 1988, an tAcht



um Chaidreamh idir Chiníocha 1976, nó an tAcht um Leithcheal ar bhonn Míchumais 1995 atá pléite againn (féach nótaí sa chaibidil Acmhainní Daonna 1). Déanann na ceardchumann iarracht a chinntiú go gcloíonn na gnólachtaí leis na dlíthe seo.

Fáthanna a dtéann daoine isteach i gceardchumann:

- Cumhacht

Is mó cumhacht a bhíonn ag oibrithe, nuair a bhíonn siad aontaithe, chun a chur in iúl do na fostóirí go bhfuil fadhbanna ann.

- Slándáil

Nuair a sheasann oibrithe le chéile cuireann sin bac ar an lucht bainisteoireachta má bhíonn siadsan ag iarraidh ball de cheardchumann a chaitheamh amach as a phost gan cúis mhaith.

- Leas/Tairbhe Eacnamaíoch

Trí idirbheartaíocht a dhéanamh, cuideoidh an ceardchumann le caighdeán maireachtála a chuid ball a ardú. Ciallaíonn sé seo go mbeidh na hoibrithe ábalta níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach agus, in amanna, ciallaíonn sé fosta go mbeadh saol níos fearr agus níos fusa acu.

- Éileamh Pá

Is é atá in éileamh pá iarratas ar ardú pá. Nuair a bhíonn éileamh á chur isteach ag oibrithe caithfidh siad cúiseanna a chur leis an iarratas. Seo a leanas na príomhchineálacha éileamh pá:

Éileamh coibhneasa

Sa chás go mbíonn ardú ina gcuid pá faighte ag oibrithe eile a bhfuil baint acu leo, mar shampla, banaltraí/altraí agus tiománaithe otharcharranna, iarrann oibrithe cothromaíocht trí éileamh coibhneasa.

Éileamh costas maireachtála

Nuair a bhíonn praghsanna earraí sna siopaí i ndiaidh ardú, sa dóigh go mbíonn sé níos deacra ag oibrithe maireachtáil, cuirtear an t-éileamh seo faoi bhráid na mbainisteoirí.



Éileamh comparáideach

Nuair a bhíonn ardú pá faighte ag oibrithe atá ag déanamh an chineáil chéanna oibre i ngnólachtaí eile, troideann na ceardchumainn cás na n-oibrithe trí éileamh comparáideach.



Éileamh táirgiúlachta

Tagann an cineál sin éilimh chun cinn nuair a mhéadaíonn oibrithe táirgiúlacht gnólachta trí innealra níos casta a úsáid nó trí thabhairt orthu obair níos crua a dhéanamh.

Margáil

Nuair a chuirtear isteach éileamh tosaíonn margáil nó idirbheartaíocht faoi. Nuair a thagann an dá thaobh ar chomhaontú tugtar **comhaontú comhchoiteann** air sin.

- Thig le gnólachtaí brabúsacha arduithe móra pá a thabhairt dá lucht oibre.
- Thig le ceardchumainn láidre margadh níos fearr a bhaint amach dá gcuid ball.




RÉITEACH AMHÁIN – PLÉ, CUMARSÁID AGUS COMHAIRLIÚCHÁN

Is féidir easaontais idir oibrithe agus fostóirí a réiteach má bhíonn plé, cumarsáid agus comhairliúchán ann.

Is minic gurb é an chéad chéim a ghlactar cruinniú idir an fostóir agus/nó an bainisteoir acmhainní daonna agus ionadaithe an cheardchumainn. Mura dtagann siad ar réiteach, is féidir go dtiocfadh oifigigh as Ardoifig an Cheardchumainn in éineacht leis an ionadaí ceardchumainn go dtí an **bord idirbheartaíochta**. Má theipeann orthu an fhadhb a réiteach ansin, is féidir go n-iarrfaí ar dhuine ón taobh amuigh bheith ina **idirghabhálaí** chun iarracht a dhéanamh an dá thaobh a thabhairt le chéile chun réiteach a fháil nó thiocfadh leo **eadránaí** a thabhairt isteach. Éistean an t-eadránaí leis an dá thaobh, agus ansin, ar an dóigh chéanna a

ndéanann réiteoir i gcluiche, déanann sé/sí cinneadh ar an bhealach ar chóir an t-aighneas a réiteach. De ghnáth, aontaíonn an dá thaobh go nglacfaidh siad leis an chinneadh sin.

Ról na Gníomhaireachta um Chaidreamh Oibreachais maidir le hidir-réiteach agus eadráin




In amanna, bíonn cuidiú de dhíth ar ghnólachtaí nuair a éiríonn na deacrachtaí iontach mór agus mura bhfuil na gnólachtaí ábalta réiteach a fháil ar an fhadhb. Thig leo dul i dteagmháil leis an Gníomhaireacht um Chaidreamh Oibreachais.

Is seirbhís í seo a mbíonn freagrachtaí uirthi comhairle a thabhairt do ghnólachtaí agus oibrithe maidir le caidreamh tionsclaíoch /saothair. In amanna, deir an gnólacht go dtig leo teacht isteach agus comhairle a thabhairt dóibh maidir leis an fhadhb. Cuireann siad **seirbhís idir-réitigh** ar fáil chun aighneas a réiteach go measartha luath. Bíonn siad ag obair mar idirghabhálaí chun iarracht a dhéanamh an dá thaobh a thabhairt le chéile lena gcuid deacrachtaí a réiteach trí chomhrá agus trí éisteacht le comhairle uaidhsean/uathise.

Chomh maith leis seo bíonn **seirbhís eadrána** acu – ciallaíonn sé sin go mbíonn siad ag obair mar eadránaí. Tarlaíonn sé seo nuair a aontaíonn an bhainisteoireacht agus na hoibrithe go ligfidh siad

duine ón taobh amuigh isteach chun cinneadh a dhéanamh faoin aighneas.

Bíonn oifigigh acu le déileáil le fadhbanna maidir le comhdheiseanna, ardú céime, oiliúint, pá, srl. Tabharfaidh an Ghníomhaireacht cuidiú do ghnólachtaí chun cóid chleachtais a chur le chéile chun aighnis sa ghnólacht a réiteach. Mura dtig leo an t-aighneas a réiteach, thioctadh leis an chaidreamh briseadh síos ar fad agus bheadh seans ansin go rachadh na hoibrithe amach ar stailc. Ciallaíonn sé sin gur theip ar an bhainisteoir AD agus ar ionadaí an cheardchumainn teacht ar réiteach trí idirbheartaíocht. Léiríonn stailc frustrachas na n-oibrithe leis an phróiseas idirbheartaíochta. Ach bheadh ar an ghnólacht teacht ar réiteach mura bhfuil an gnólacht le druidim nó le foireann iomlán nua a earcú.



AIGHNEAS TRÁDÁLA

De réir an dlí, ciallaíonn aighneas trádála:

Aon aighneas idir fostóirí agus oibrithe atá bainteach le fostaíocht nó neamhfhostaíocht, nó le téarmaí nó coinníollacha fostaíochta, le haon duine nó le téarmaí nó coinníollacha a dhéanann difear d'fhostaíocht aon duine.


Uaireanta bíonn easaontas chomh géar sin go mbagraíonn na hoibrithe gníomhaíocht thionsclaíoch.

Gníomhaíocht Thionsclaíoch

Ciallaíonn gníomhaíocht thionsclaíoch go gcuireann siad fógra deiridh chuig na fostóirí ag cur in iúl mura mbíonn an t-aighneas réitithe faoi dháta áirithe, go gcuirfidh siad isteach ar an ghnólacht trí na bealaí seo a leanas:



- moilleadóireacht – moill a chur ar rudaí
- suí istigh – gan an áit a fhágáil
- obair de réir rialach – gan rud ar bith sa bhreis a dhéanamh
- stailc – éirí as an obair ar fad ar bhonn sealadach.



Thig le stailc bheith oifigiúil nó neamhoifigiúil. Nuair a théann oibrithe ar stailc le tacaíocht an cheardchumann – sin **stailc oifigiúil**. Má tá siad ag iarraidh stailc iomlán a dhéanamh, bheadh orthu cead breise a fháil ó **Chomhdháil na gCeardchumann** (**TUC** - Trade Union Congress agus **ICTU** – Irish Congress of Trade Unions). Is eagraíochtaí iad sin a chuireann brú ar an rialtas ar son oibrithe, agus a thugann amach eolas nó comhairle d'oibrithe agus do cheardchumann. Thig le ceardchumann dul isteach i gComhdháil na gCeardchumann. Nuair a dhéanann oibrithe cinneadh ar dhul ar stailc gan vótáil a dhéanamh, nó gan údarás ó ardoifig an cheardchumann, is **stailc neamhoifigiúil** í.

Ag an phointe sin, is féidir leo go fóill teacht ar réiteach seachas dul chun na cúirte. Nuair a chaitear dul os comhair cúirte agus i muinín an dlí:

- is comhartha é gur theip ar an dá ghrúpa idirbheartaíocht a dhéanamh
- is léiriú é gur chaill an dá pháirtí muinín as a chéile
- d'fhéadfadh gan muinín a bheith ag na hoibrithe agus ag an lucht bainisteoireachta as a chéile go deo
- thiocfadh dó go mbeadh sé níos deacra fadhbanna eile a réiteach
- ní bhíonn meas ag infheisteoirí ná ag custaiméirí ar an ghnólacht

Athruithe a tháinig ar na ceardchumann

- D'athraigh an rialtas dlíthe sna hochtóidí (1980í) agus ina dhiaidh sin. Bhí sé níos deacra gníomhaíocht thionsclaíoch a dhéanamh. Mar shampla, caithfidh vóta rúnda a bheith ann anois maidir le dul amach ar stailc agus caithfidh vóta níos mó ná 50% a bheith ann ar son stailce sula dtéitear ina ceann.
- Bhíodh na CC iontach láidir tráth a bhíodh a lán oibrithe monarchan ag brath orthu, ach tá níos lú daoine ag obair i monarchana anois ná mar a bhí sna hochtóidí agus ag tús na nóchaidí. Má bhíonn níos lú daoine mar bhaill iontu, bíonn níos lú cumhachta ag na CC.
- Chaill na ceardchumann cuid de na troideanna agus mar gheall air sin ní raibh an méid céanna measa ag daoine orthu – an sampla is fearr de sin stailc na mianadóirí sa Bhreatain in 1984-85.
- Ní aithníonn an bhainisteoireacht an CC i gcónaí agus in amanna diúltaíonn siad dul i dteagmháil leo. In amanna, ciallaíonn sé seo go gcuireann siad cuid mhór ama amú ag dul i dteagmháil le gach oibrí.



Cad chuige a bhfaigheann daoine tuarastal/pá difriúil?

1. Cumas agus cáilíochtaí difriúla

Níl an méid céanna oideachais, oiliúna ná ábaltachta ag gach oibrí. Tá níos mó oiliúna ag cuntasóir ná mar atá ag cúntóir siopa, cuir i gcás. Dá mbeadh an bheirt acu ag fáil an airgid chéanna, ní bheadh mórán daoine ag iarraidh blianta a chaitheamh ar an ollscoil le bheith ina gcuntasóirí. Má ghlacann sé cuid mhór ama bheith cáilithe don phost, beidh níos lú daoine ann chun é a dhéanamh agus mar gheall air sin, faigheann siad níos mó airgid ná oibrithe eile.



2. Poist ‘shalacha’ nó uaireanta neamhshóisialta

Má bhíonn drochuaireanta nó droch-choinníollacha eile bainte le post áirithe, ní bheidh mórán daoine sásta é a dhéanamh. Dá thoradh sin, caithfidh gnólachtaí níos mó airgid a ofráil do na hoibrithe seo chun iad a mhealladh isteach. Mar shampla, ag obair i rith na hoíche.

3. Sásamh poist

Bíonn níos mó sásaimh ag roinnt oibrithe lena bpost ná oibrithe eile. Deirtear, mar shampla, go bhfaigheann altraí cuid mhór sásamh poist. Bíonn daoine sásta na poist seo a dhéanamh gan pá iontach ard.

4. Easpa eolais faoi phoist agus faoi thuarastal

In amanna, faigheann oibrithe níos lú airgid ná atá siad i dteideal a fháil de bhrí nach mbíonn a fhios acu go bhfuil poist eile ann atá mar an gcéanna ach a bhfuil pá níos fearr ag dul leo. B’fhéidir nach bhfuil a fhios acu an gnáthráta atá ag dul do phost áirithe agus síleann siad go bhfuil pá s’acu cothrom agus réasúnta.

5. Doghluaisteacht

– gan a bheith ábalta bogadh/gluaiseacht

In amanna thiocfadh le hoibrithe níos mó airgid a fháil ach iad bheith lonnaithe in áit dhifriúil. Tarlaíonn sé seo má bhíonn easpa oibrithe in áit amháin agus barraíocht in áit eile. Cé go dtiocfadh le daoine níos mó airgid a fháil dá mbogfadh siad, ní bhíonn sé seo fóirsteanach i gcónaí. B'fhéidir nár mhaith leo clann nó cairde s'acu a fhágáil. Tá Rialtas Phoblacht na hÉireann ag iarraidh a chuid státseirbhíseach a bhogadh amach as Baile Átha Cliath go dtí an tuath agus tá na hoibrithe ag cur in éadan na moltaí seo.



6. Peorcaisí

Faigheann oibrithe rudaí breise in amanna mar gheall ar obair mhaith a bheith curtha díobh acu. B'fhéidir nach bhfuil tuarastal s'acu chomh mór le cuid na n-oibrithe eile, ach ag deireadh na bliana, b'fhéidir go bhfaigheadh siadsan carr úr. De ghnáth, áfach, ní bhaineann peorcaisí ach le poist a bhfuil pá ard ag dul leo.



Cad chuige a bhfaigheann daoine sa phost chéanna tuarastal/pá difriúil?

Go minic, faigheann daoine i bpoist dhifriúla pá difriúil, ach thig le daoine a bhfuil an post céanna acu pá difriúil a fháil, chomh maith.

Faigheann oibrithe pá difriúil mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- **Difríochtaí idir na costais mhaireachtála**

Athraíonn an costas mairéachtála ó áit amháin go háit eile. Mar shampla, faigheann cuid mhór oibrithe i Londain tuilleadh airgid mar chúiteamh ar an chostas mairéachtála ann.

- **Easpa oibrithe**

Thiocfadh le ganntanas d'oibrithe áirithe bheith in áit amháin. Má tharlaíonn sé seo, beidh ar na fostóirí níos mó pá a thabhairt d'oibrithe chun iad a mhealladh ó áiteanna eile.

- **Fad seirbhíse**

Bíonn scálaí ag cuid mhór gnólachtaí agus de réir na scálaí seo cuirtear le pá oibrithe má bhíonn tamall fada caite acu leis an chomhlacht. Bíonn dhá rud i gceist leis an ardú pá seo – bónas as ucht a ndílseachta agus bónas cionn is go mbíonn cuid mhór taithí agus scileanna acu.






Táirgeadh 2



Táirgeadh a Eagrú

Cén dóigh a ndéanann gnólachtaí cinneadh ar an sórt earraí atá siad ag dul a dhéanamh agus an méid díobh atá siad ag dul a dhéanamh. Déanann gach gnó iarracht na táirgí s'aige a dhéanamh sa dóigh go bhfanfaidh an praghas go híseal.

1. Pleanáil
2. Ceannach
3. Táirgeadh
4. Stoc
5. Díol



1. Pleanáil


Téann táirge úr ar bith – earra nó seirbhís – trí phróiseas sula dtig a tháirgeadh agus ansin a dhíol. Ag an phointe tosaigh seo caithfidh an duine/an gnólacht rogha a dhéanamh:

- Cad é atáimid ag dul a tháirgeadh
- Cad é mar a dhéanfar an táirge
- Cá háit a dtarlóidh an táirgeadh
- Cé atá ag dul a cheannach na dtáirgí
- Cad é mar a dhíolfar an táirge

B'fhéidir go mbeadh ar an táirgeoir taighde eolaíochta nó teicniúil a dhéanamh. Caithfidh gach táirge dul trí phróiseas forbartha nuair a athrófar an bunsmaoineamh ina tháirge le dul ar an mhargadh.

Scéal Cadbury's

Bhí cuid mhór ceisteanna le freagairt ag Cadbury's blianta ó shin. Is comhlacht mór ilnáisiúnta bia agus deochanna é Cadbury Schweppes a d'fhás ó tháirgeoir beag seacláide. Is é *Cadbury's Dairy Milk* ceann de na táirgí is cáiliúla atá acu a cuireadh ar an mhargadh sa bhliain 1905.



Ba thoradh é an tseacláid seo ar chuid mhór taighde agus trialacha a bhí déanta acu inar meascadh le chéile bainne, cócó agus siúcra den chéad uair chun seacláid bhainne a tháirgeadh.

Bhí orthu cuid mhór pleanála a dhéanamh roimh ré:

- Cad é mar a thiocfadh méid mór seacláide a dhéanamh?
- Cén meáchan agus cruth a bheadh sna barraí seacláide?
- Cá fhad a thiocfadh leo an bia a stóráil agus cad iad na coinníollacha a bheadh de dhíth ar an bhia.
- Cén sórt cuma a bheadh ar an phacáistiú?

Rinne siad **Taighde agus Forbairt** ar an mhargadh. Is mar gheall ar an taighde éifeachtach a rinneadh ag an am sin go bhfuil comhlacht maith rathúil ann go fóill, corradh le céad bliain ina dhiaidh.

2. Ceannach

I ngnólacht mór bíonn an roinn ceannaigh i mbun ceannach earraí agus seirbhísí a bheas de dhíth don táirgeadh. Bíonn freagracht ar an roinn ceannaigh in Cadbury cócó, bainne, siúcra agus comhábhair eile a cheannach. Lena chois sin, caithfidh siad an pacáistiú a cheannach – páipéar, boscaí srl. Bheadh orthu smaoineamh ar chuid mhór rudaí éagsúla sula ndéanfaidh siad cinneadh faoi athrú ar bith a thabhairt isteach sa chóras.

Praghas – an praghas is fearr don chaighdeán atá de dhíth.

Caighdeán – beidh a fhios acu cén caighdeán atá de dhíth agus cén caighdeán is lú a dtig leo glacadh leis.



Seirbhís – Beidh na ceannaitheoirí ag cuardach tomhaltóirí a bhíonn poncúil agus solúbtha faoin táirge – in ann níos mó nó níos lú a chur ar fáil de réir mar is gá. Caithfidh muinín a bheith acu as na tomhaltóirí.

3. Táirgeadh



I ngnólacht mór táirgthe, bíonn bainisteoir táirgthe ann chun cinneadh a dhéanamh faoin dóigh is fearr chun na hearraí a tháirgeadh. Ag Cadbury, bíonn an bainisteoir táirgthe atá i mbun táirgeadh *Dairy Milk* ag iarraidh:

- Costais a choinneáil chomh híseal agus is féidir;
- Caighdeán a choinneáil ard – méid, meáchan, blas; agus
- Na cuspóirí táirgthe a bhaint amach.

4. Stoc

Is dócha go mbeidh stoc ag gach gnólacht. Bíonn stoc pónairí cócó ag Cadbury a bhíonn de dhíth chun seacláid a dhéanamh. Chomh maith leis sin, bíonn stoc d'earraí críochnaithe acu ag fanacht ar sheachadadh chuig na custaiméirí. Bíonn sé iontach tábhachtach do ghnólachtaí go gcoinníonn siad an leibhéal ceart stoic – **Bainistíocht Stoic**.

- **Costas** – Coinníonn gnólachtaí an méid is lú stoic a thig leo, de ghnáth, óir bíonn costais ann – foirgneamh, árachas, mar shampla.
- **Riachtanais táirgthe** – Ar an taobh eile den scéal, mura gcoinníonn gnólachtaí go leor stoic thiocfadh leo táirgeadh agus díolacháin a chailleadh. Mura bhfuil na comhábhair uile ag Cadbury an t-am ar fad le horduithe móra a shásamh stadfaidh na línte táirgthe agus caillfidh siad airgead. Caithfidh siad go leor earraí críochnaithe a choinneáil chun orduithe a chomhlíonadh chomh gasta agus a thig leo.
- **Praghas** – Thig le gnólachtaí airgead a shábháil nuair a cheannaíonn siad amhábhair agus páirteanna i méideanna móra nó ar an mhórchóir – **BARAINNEACHTAÍ AN MHÓRSCÁLA!!**

5. Díolachán

Ní fiú earraí a tháirgeadh mura bhfuil custaiméirí ann chun iad a cheannach ar deireadh. Ba ghnách le gnólachtaí na táirgí a dhéanamh ar dtús agus ansin thosaigh siad a smaoineamh cén dóigh a raibh siad ag dul a dhíol na n-earraí. Anois déantar an **taighde** ar dtús agus faigheann siad amach cad é atá na custaiméirí a chuardach nó a iarraidh roimh ré. Bíonn gnólachtaí ag díriú níos mó airde ar an mhargadh anois ná ar an táirgeadh. Caithfidh an táirge a bheith déanta ar chaighdeán atá fóirsteanach don phraghas.

Mar is eol dúinn, tá trí phríomhearnáil tionscail ann:

Earnáil phríomhúil

Gnóthaí atá bainte le hamhábhair – rudaí a fhaigheann siad ón talamh nó ón fharraige. Samplaí: iascaireacht, feirmeoireacht.

Earnáil thánaisteach

Gnóthaí a bhaineann úsáid as na hamhábhair chun earraí críochnaithe a dhéanamh. Samplaí: déantóirí ríomhaire/carranna comhlachtaí éadaí.

Earnáil threasach

Gnóthaí a thugann seirbhís do thomhaltóirí. Samplaí: bainc, dlíodóirí, bialanna.

Athraíonn tíortha ón earnáil phríomhúil go dtí an earnáil threasach nuair a éiríonn siad níos saibhre. Tá sé seo ag tarlú i dTuaisceart Éireann faoi láthair. Tharla sé sa Deiseart cheana. Bhíodh níos mó béime ar an earnáil phríomhúil – feirmeoireacht go háirithe. Anois tá athrú ag teacht ar na hearraí atáthar a tháirgeadh anseo. Tá an earnáil thánaisteach agus an earnáil threasach níos tábhachtaí sa lá atá inniu ann.

Tharla an fás san earnáil threasach ar na cúiseanna seo:

- Tá **tuarastal daoine ag ardú** le himeacht ama. Caitheann daoine cuid mhaith den airgead breise s'acu (ioncam inchaite) ar sheirbhísí in áit earraí. Meallann seo gnólachtaí úra isteach san earnáil threasach.
- Tagann cuid mhór de na táirgí a cheannaímid ó thíortha eile. Ba ghnách le níos mó earraí a bheith déanta anseo. Bíonn **cuid mhór iomaíochta** ann agus theip ar a lán gnólachtaí anseo agus iad ag díol earraí thar lear. Ach, tá gnólachtaí an Tuaiscirt ag díol níos mó seirbhísí i dtíortha eile anois ná mar a bhíodh.

Bíonn slabhra táirgthe ann. Bíonn gach earnáil ag brath ar a chéile. Cuireann an earnáil phríomhúil earraí ar fáil. Úsáideann an earnáil

thánaisteach na hearraí seo chun earraí críochnaithe a dhéanamh agus díolann an earnáil threasach an t-earra ag an deireadh.

Roinnt an tSaothair/Speisialtóireacht

Is ar an ábhar go mbíonn daoine ag brath ar a chéile a tharlaíonn speisialtóireacht. Ciallaíonn sin go ndíríonn gnólachtaí, chomh maith le daoine aonair agus tíortha, go ndíríonn siad isteach ar tháirgeadh cúpla earra. Mar shampla, déanann Cadbury Schweppes speisialtóireacht ar tháirgeadh seacláide agus bia eile.

Míníonn speisialtóireacht cad chuige a mbíonn gnólachtaí an lae inniu chomh héifeachtach agus cad chuige a dtig leo cuid mhór a chur ar fáil.

- Tugann an speisialtóireacht seans do ghnólachtaí eolas agus scileanna a fheabhsú. Bíonn a fhios ag gnólachtaí cuid mhór faoi earraí s'acu féin, cé nach mbíonn mórán eolais acu ar earraí gnólachtaí eile. Má bhíonn earraí eile de dhíth orthu, caithfidh siad iad a cheannach ó speisialtóir eile.
- Thig le gnólachtaí úsáid a bhaint as teicneolaíocht agus trealamh speisialta atá fóirsteanach d'earraí s'acu.
- Thig le gnólachtaí oibrithe atá ina speisialtóirí a fhostú. Thig le hoibrithe poist áirithe a dhéanamh – éiríonn siad níos fearr ag post s'acu féin trí oiliúint agus taithí.

Is é an t-ainm atá ar an speisialtóireacht seo d'oibrithe **ROINNT AN TSAOTHAIR.**

An bhfuil míbhuntáistí ar bith ag baint le roinnt an tsaothair?



Modhanna Táirgthe



Cad é a chiallaíonn táirgeadh?

An próiseas trína ndéantar ionchuir ar nós ábhair, oibre agus caipitil, a aistriú go hearraí agus seirbhísí.

Caithfidh gnólachtaí rogha a dhéanamh faoin dóigh a mbeidh an táirgeadh eagraithe.

Bíonn trí phríomhcheist le socrú acu:

- **Ar chóir go dtáirgfí gach earra leis féin?**
- **Ar chóir go dtáirgfí an t-earra i mbaiscí – .i. cuid mhór ag aon am amháin?**
- **Ar chóir go mbeadh an t-earra á tháirgeadh ar bhonn leanúnach.**

Is dócha go mbeadh tionchar ag na saincheistean seo thíos ar an chinneadh a dhéanfaí:

- Costas – cén bealach is saoire?
- Caighdeán – cé acu modh a chruthódh an caighdeán ceart earra?
- Méid – cá mhéad atá de dhíth?

Ba chóir go mbeadh na rudaí seo ar eolas agat:

- An difear idir jabtháirgeadh, baisctháirgeadh agus sreabhtháirgeadh.
- Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le modhanna éagsúla táirgthe.

Baineann cuid mhór gnólachtaí úsáid as meascán de mhodhanna táirgthe.

Jabtháirgeadh

Ciallaíonn jabtháirgeadh go ndéanann gnólacht táirge amháin uair amháin.

– Táirgeann gnólacht amháin an t-earra ó thús go deireadh.

Samplaí:

Mótarbhealaí

Longa

Droichid

Cruinneachán na Mílaoise



- As siocair nach ndéantar ach táirge amháin, ní thig leo tairbhe a bhaint as barainneachtaí an mhórsála.
- Bíonn jab dá leithéid sin ann d'oibrithe oilte agus caitheann siad mar is maith leo leis an tomhaltóir.

Baisctháirgeadh


Nuair a dhéantar níos mó ná earra amháin ag am amháin.

- Bíonn baisc amháin críochnaithe sula dtosaítear ar an chéad bhaisc eile.

Samplaí:

Éadaí

Bróga



- Úsáidtear an modh seo chun earraí a tháirgeadh ina bhfuil réimse de stíleanna agus de mhéideanna.
- Is minic a bhraitheann méid na baisce ar éileamh an earra chríochnaithe.

Baisceanna rudaí atá cosúil lena chéile a tháirgeadh. Próiseáiltear baisc iomlán táirgí trí chéim amháin sula dtéann siad ar aghaidh chuig céimeanna eile. Bíonn na hinnill socraithe ar dhóigh áirithe ag an chéad chéim agus téann baisc de rudaí éagsúla tríd, ansin déantar iad a athshocrú le haghaidh céimeanna eile.

Mar shampla – gráinní iompair.

B'fhéidir go ndéanadh gnólacht a tháirgeann gráinní iompair milliún gráinne iompair de mhéid áirithe thar thréimhse de thrí lá, agus ansin athraíonn siad na meaisíní agus táirgeann siad gráinní iompair de mhéid eile ar feadh tamaill eile.

Sreabhtháirgeadh

Nuair a dhéantar earraí comhionanna ar líne tháirgthe.

- Bogann an t-earra ó áit amháin táirgthe go díreach chuig an chéad áit eile.


Samplaí:

Carranna


Bia i gcannaí

Deochanna

Teilifíseáin



- Bíonn an fhoireann agus na meaisíní ag díriú isteach ar phost s'acu féin – bíonn roinnt an tsaothair tábhachtach.
- Bíonn cuid mhór teicneolaíochta in úsáid acu – meaisíní in áit oibrithe cuid mhaith den am.



	Buntáistí	Míbhuntáistí
--	-----------	--------------

Jabtháirgeadh	☺ Oibrithe oilte ag déanamh an táirge ar ardchaighdeán. ☺ Bíonn leibhéal ard sásamh poist ag na hoibrithe. ☺ Bíonn sé furasta na fadhbanna a fheiceáil.	☹ Bíonn na hábhair agus an saothar daor. ☹ Bíonn an próiseas mall agus ní bhíonn na hinnill i gcónaí in úsáid. ☹ Ní bhíonn athordú go ró-mhinic.
---------------	--	---

Baisctháirgeadh	☺ Bíonn na costais aonaid (costas do gach earra táirgthe) níos ísle. ☺ Thig le solúbthacht a bheith ann i mbaisceanna de réir éilimh. ☺ Bíonn na hinnill níos speisialaithe agus bíonn siad in úsáid níos mó.	☹ Bíonn áit stórála de dhíth – rud a bhíonn costasach. ☹ Caithfidh na meaisíní a bheith athshocraithe.
-----------------	--	--

Sreabhtháirgeadh	☺ Bíonn an t-aschur ollmhór agus na costais aonaid íseal. ☺ Ní bhíonn scileanna ró-arda de dhíth agus bíonn sé measartha furasta na scileanna seo a theagasc do dhaoine. ☺ Bíonn an caighdeán céanna ann i measc na n-earraí a dhéantar.	☹ Bíonn an líne tháirgthe dolúbtha. ☹ Bíonn an obair fada agus leadránach in amanna. ☹ Bíonn sé deacair na hoibrithe a spreagadh. ☹ Má bhriseann rud ar bith bíonn fadhb mhór acu.
------------------	---	--

Scála Mór Táirgthe

Barainneachtaí an Mhórsála


Meánchostas níos ísle in aghaidh an aonaid mar thoradh ar mhéadú sa táirgiúlacht.

– Ciallaíonn sé seo go dtiteann an costas a ghlacann sé chun earra amháin a tháirgeadh nuair a dhéantar níos mó earraí.

Ta cuid mhór dóigheanna ann a shábhálann gnólachtaí airgead nuair a ardaíonn siad táirgeadh.

Barainneachtaí margaíochta:

Thig le comhlachtaí móra rudaí a cheannach ar an mhórchóir ar phraghsanna maithe.



Monarcha mhór

Barainneachtaí teicniúla:

Thig le comhlachtaí móra úsáid níos éifeachtaí a bhaint as meaisíní mar bíonn siad in úsáid acu níos minice.


Barainneachtaí airgeadais:

Thig le comhlachtaí móra níos mó airgid a fháil ar iasacht ar rátaí úis níos ísle.

Scála Beag Táirgthe

Bíonn costais in aghaidh an aonaid ard do na comhlachtaí beaga agus iad ar an scála beag táirgthe ach thig leo na rudaí seo a ofráil:

- Seirbhís phearsanta
- Seirbhís áitiúil
- Táirgí speisialta
- Solúbthacht le conradh ar bith a fháil



Siopa beag



Teicneolaíocht agus athrú



Bíonn ar ghnólachtaí rogha a dhéanamh faoin dóigh a dtáirgfidh siad a gcuid earraí agus seirbhísí. Athróidh na roghanna thar am cionn is go bhfuil saol an ghnó ag athrú.

Caithfidh siad smaoineamh ar na rudaí seo a leanas:

- An dtiocfadh le teicneolaíocht nua na costais táirgthe a ísliú?
- An dtiocfadh le teicneolaíocht nua cuidiú le caighdeán agus réimse na dtáirgí a ardú?
- An dtiocfadh le modhanna úra táirgthe, mar shampla táirgeadh díreach in am, na costais a ísliú?
- An dtiocfadh leis na hoibrithe níos mó earraí a tháirgeadh gan na meaisíní bheith róchaite?

Caithfidh gnólachtaí bheith éifeachtach má tá siad ag dul a bheith in iomaíocht le gnólachtaí eile. In amanna, cuidíonn an teicneolaíocht le gnólachtaí a dhéanamh níos éifeachtaí.

Bíonn teicneolaíocht i gcónaí ag athrú. Tá an ráta athraithe níos gasta anois, áfach, ná mar a bhí 200 bliain ó shin agus tá an ráta sin ag géarú go fóill. Tháinig athrú eile ar ghnólachtaí ar na mallaibh – ba ghnách le daoine an obair a dhéanamh agus meaisíní cuidiú leo. Cuid mhaith den am anois, déanann na meaisíní an obair agus ní dhéanann na hoibrithe ach maoirseacht orthu.

Teicneolaíocht Nua agus Táirgeadh

D'athraigh **ríomhairí** na modhanna táirgthe. Thig le ríomhairí bheith in úsáid i róbaít. Is meaisín é an róbat atá ríomhchláraithe chun jab áirithe a dhéanamh, mar shampla, péint a spraeáil.

Úsáidtear ríomhairí chun earraí a dhearadh roimh ré mar thig leo fadhbanna teicniúla a oibriú amach go gasta.



Teicneolaíocht Nua agus Tionscail na Seirbhísí

D'athraigh **teicneolaíocht an eolais** tionscail na seirbhísí cuid mhór. Is ionann teicneolaíocht an eolais agus úsáid ríomhairí chun eolas a stóráil, a láimhseáil, a tháirgeadh agus a fháil ar ais.

Ligeann sí do ghnólachtaí ar nós na mbanc nó comhlachtaí árachais cuid mhór eolais faoi na custaiméirí a choinneáil ar ríomhaire, eolas a bhíodh ar páipéar roimhe seo. Ligeann sí d'oibrithe bheith i dteagmháil lena chéile. Thig leo eolas a chur ó dhuine amháin go dtí duine eile go furasta. Coinníonn gnólachtaí taifead den leibhéal stoic ar an ríomhaire, chomh maith.

Buntáistí a bhaineann le teicneolaíocht nua a thabhairt isteach.

- Aschur a ardú
- Leibhéal táirgthe na n-oibrithe a ardú
- Caighdeán a ardú
- Cineálacha/Roghanna a ardú
-



Míbhuntáistí a bhaineann le teicneolaíocht nua a thabhairt isteach

- Costasach le ceannach agus a chur isteach
- Easpa eolais agus scileanna – meaisíní míchearta ceannaithe
- Deacair na bogearraí fóirsteanacha a fháil
- Caithfidh aschur a bheith mór le bheith fiúntach
- Téann an teicneolaíocht as dáta go minic
- Ní bhíonn sásamh poist ag na hoibrithe



Forbairt i dTáirgeadh

Tháinig athruithe eile ar tháirgeadh ar na mallaibh.

Déanann comhlachtaí iarracht na costais a choinneáil íseal agus tá cuid mhór bealaí chun é seo a dhéanamh.

Déanann cuid mhór gnólachtaí iarracht an t-ionchur a ísliú sa phróiseas táirgthe – gach rud ó oibrithe, go hamhábhair, go spás sa mhonarcha.

An bealach is coitianta chun é seo a dhéanamh **Táirgeadh Díreach-In-Am (Táirgeadh D-I-A) – ag coinneáil stoic.**

Bíonn gnólachtaí ag iarraidh na costais chun stoc a choinneáil a ísliú/a ghearradh.


Thig an sprioc seo a bhaint amach má oibríonn an gnólacht gan stoc **cúlchiste** (stoc breise a choinnítear ar eagla go mbeadh sé de dhíth). In áit cuid mhór stoic agus amhábhair a choinneáil ar an láthair deir an comhlacht leis na soláthraithe gur mhaith leo earraí a fháil níos minice. Ní bhíonn an stoc stóráilte – téann sé díreach chuig an líne tháirgthe. Cuirtear an méid ceart bunábhar, páirteanna agus comhpháirteanna ar fáil díreach in am. Caithfidh an lucht bainisteoireachta bheith an-chúramach agus teagmháil a choinneáil leis an soláthraí an t-am ar fad. Caithfidh comhoibriú a bheith ann.

Bíonn a lán buntáistí ag Táirgeadh D-I-A:

- Airgead a shábháil ar stóráil
- Am a shábháil ar ghluaiseacht inmheánach stoic
- Caithfidh na hoibrithe freagrachtaí a ghlacadh agus ní thig leo stopadh mar bíonn tuilleadh earraí ag teacht an t-am ar fad.
- Bíonn an caighdeán níos airde mar feictear na lochtanna go gasta agus thig leo a bheith ceartaithe láithreach.



Na hOibrithe



Cailltear poist mar gheall ar na hathruithe a thig ar tháirgeadh agus ar an teicneolaíocht agus mar gheall ar tháirgeadh díreach-in-am. An chuid is mó den am, cailltear poist nach mbíonn mórán scileanna de dhíth ar na hoibrithe lena ndéanamh.

Ach, ar an taobh eile den scéal, tagann ardú ar an éileamh d'oibrithe le scileanna. Tá níos mó scileanna de dhíth sa lá atá inniu ann chun táirgeadh a stiúradh.

Mar is eol dúinn fosta, bíonn **oibrithe iloilte** de dhíth



ar ghnólachtaí anois – thig leo cuid mhór jabanna difriúla a dhéanamh.

Tá cuid mhór airgid infheistithe ag an rialtas in oideachas agus oiliúint. Cuireann gnólachtaí níos mó airgid isteach fosta. De bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar ráta athraithe na teicneolaíochta, is dócha go n-ardóidh an t-éileamh d'oibrithe le scileanna fosta.

Dearbhú Cáilíochta

Seiceáil a dhéanann gnólachtaí lena chinntiú go sroicheann gach táirge ó thionscadal na **caighdeán riachtanacha.**

Déanann an lucht bainisteoireachta gach rud is féidir leo lena chinntiú go mbeidh an cháilíocht is airde sa phróiseas táirgthe agus sa táirge deiridh, is cuma cé acu in oifig nó i monarcha atá siad. Is dócha go dteipfidh ar ghnólachtaí a chuireann táirgí ar an mhargadh atá ar chaighdeán íseal.

Caithfidh gnólachtaí oibriú amach:

- Cad é an t-íosleibhéal cáilíochta a bheas de dhíth ar na custaiméirí.
- Cé sa ghnólacht atá freagrach as a chinntiú go ndéantar earraí de réir na gcaighdeán ceart.
- Cad é mar is féidir an ghnólacht a eagrú, ar an chostas is ísle, le cáilíocht na hoibre agus na n-earraí a dhearbhú.





I ngnólacht traidisiúnta bhíodh an dearbhú cáilíochta seo ina phróiseas ar leith mar chuid den slabhra táirgthe. Deartar an táirge agus ansin, tugtar an plean don roinn táirgthe a dhéanann cinneadh

ar cad é mar a dhéanfar an táirge. Sa lá atá inniu ann, déanann gnólacht iarracht cáilíocht an earra a chinntiú an bealach ar fad tríd an phróiseas táirgthe. Bíonn baint ag an dearadh, na hamhábhair agus an modh táirgthe le cáilíocht an earra.

Is dócha go mbeadh an roinn deartha ag smaoineamh ar na caighdeáin atá leagtha amach ag eagraíocht a dhéanann seiceáil ar an chaighdeán oibre, mar shampla, **Institiúid na gCaighdeán Briotanach, ICB** (British Standards Institution – BSI).


Is eagraíocht í an ICB a dhéanann dearbhú cáilíochta ar chuid mhór earraí, ó leapacha go tairní. Is é an marc eitleoige ar tháirge an comhartha gur bhain an táirge an caighdeán ICB amach. Bíonn sé iontach úsáideach an marc seo, nó comhartha eile, a bheith ar earraí mar aithníonn daoine iad agus, de ghnáth, bíonn muinín ag daoine as na hearraí mar gheall orthu. Tarlaíonn an rud céanna le bialanna – bíonn réaltaí nó comharthaí eile le feiceáil a léiríonn gur éirigh leo moladh a fháil de réir chaighdeán ard a gcuid bia.



Láthair an Ghnólachta

Caithfidh gach gnólacht bheith lonnaithe áit éigin. Thiocfadh le trádálaí aonair a bhíonn ag obair mar chartúnaí neamhspleách (gan a bheith ag obair do nuachtán nó iris amháin an t-am ar fad) bheith ag obair ón bhaile. Bheadh cuid mhór láithreacha ag comhlacht ceimiceán ilnáisiúnta i gcuid mhór tíortha.

Caithfidh siad uile oibriú amach cá háit is fearr agus bheadh orthu smaoineamh ar na rudaí seo a leanas:



- **Costas – an áit is saoire**

Sna hochtóidí agus sna nóchaidí, tháinig cuid mhór comhlachtaí ón tSeapáin chun monarchana a bhunú sa Ríocht Aontaithe – mar shampla Nissan in Sunderland agus Toyota cóngarach do Derby. Ceann de na cúiseanna a bhí leis seo go raibh costas talaimh iontach íseal ag an am – bhí na láithreacha saor. Ní raibh siad ag iarraidh a bheith i lár na cathrach agus mar sin de cheannaigh siad talamh amuigh faoin tuath a bhí i bhfad níos saoire.

- **Costais Taistil**

Caithfidh comhlachtaí carranna smaoineamh ar na costais taistil chomh maith agus iad ag roghnú láthair monarchan.

- 1. An costas chun na comhpháirteanna a thabhairt a fhad leis na monarchana.**

Má tá an costas taistil do na comhpháirteanna ag dul a bheith ard, b'fhéidir gurbh fhearr leis na táirgeoirí a bheith lonnaithe in aice leis na soláthraithe.



Ceannaíonn táirgeoirí carranna a gcuid cruach ó na soláthraithe. Níl an costas iompair ró-ard i gcomparáid le luach na cruach agus mar sin de, thig leis na monarchana bheith píosa fada ar shiúl ó na soláthraithe cruach.

- 2. An costas chun na hearraí críochnaithe a ghlacadh chuig na custaiméirí/siopaí**

Caithfidh roinnt gnólachtaí bheith lonnaithe in aice leis na custaiméirí cionn is go mbíonn an costas taistil do na hearraí críochnaithe ró-ard i gcomparáid le luach na n-earraí. Mar shampla, bheadh monarcha a tháirgeann brící in aice leis na custaiméirí. Ach ar an taobh eile den scéal, cé go gcosnaíonn sé cuid mhór chun carranna a iompar, is fiú é seo mar is earraí luachmhara iad. Mar gheall air sin, ní bhíonn ar tháirgeoirí carranna bheith cóngarach don mhargadh.



- **An margadh – an áit is fearr chun sochar a bhaint as an mhargadh**

Thig le táirgeoirí carranna bheith lonnaithe áit ar bith i dtír ar bith agus comhpháirteanna agus carranna críochnaithe a iompar chuig na custaiméirí (na garáistí). Ní thig leis na garáistí nó na stáisiúin pheitril é seo a dhéanamh, áfach. Is dócha go ndíolfaidh garáiste ar imeall na cathrach/an bhaile i bhfad níos mó carranna ná garáiste faoin tuath. Tá an láthair iontach tábhachtach don

gharáiste. Tá cuid mhór tionscal eile ina mbíonn sé tábhachtach bheith cóngarach don mhargadh, mar shampla siopaí, gruagairí, bainc.



- **Na hoibrithe – cá bhfuil na hoibrithe is fearr ar fáil?**

Nuair atá gnólacht ag roghnú cá háit a mbeidh sé lonnaithe caithfidh sé smaoineamh ar an líon oibrithe atá ar fáil sa cheantar, scileanna s'acu agus an pá a bheidh siad a chuardach. Má bhíonn cuid mhór oibrithe iloilte i gceantar áirithe, beidh sé tarraingteach do ghnólachtaí. Má bhíonn an dífhostaíocht go hard i gceantar áirithe, beidh a fhios ag an ghnólacht go mbeidh líon mór oibrithe ag cur isteach ar na poist.

- **An Rialtas – cé na deiseanna atá an rialtas a ofráil agus cén reachtaíocht atá i bhfeidhm ar an láthair?**

Cruthaíonn gnólachtaí poist agus saibhreas i gceantair. Mar gheall air sin, déanann an chomhairle áitiúil nó an rialtas gnólachtaí a mhealladh chuig áit nó tír s'acu. I bPoblacht na hÉireann, thairg an rialtas a lán dreasachtaí cánach, .i. spreagthaí eacnamaíocha, do chomhlachtaí móra ilnáisiúnta Meiriceánacha teacht agus a gcuid 'Doirse chun na hEorpa' a lonnú in Éirinn, rud a rinne siad. Sa Ríocht Aontaithe, thiocfadh le gnólachtaí cuidiú airgid/deontais a fháil ón chomhairle áitiúil, ón rialtas féin nó ón Aontas Eorpach.

An Chomhairle Áitiúil



Thig leis na comhairlí áitiúla fógraíocht a dhéanamh chun gnólachtaí a mhealladh. Thig leo eolas a thabhairt dóibh faoi dheontais agus faoi chuidiú ón rialtas nó ón AE. Thig leo comhairle a thabhairt faoin láthair is fóirsteanaí sa cheantar. Bíonn cuid mhór den mhaorlathas (obair pháipéir) ann agus tú ag bunú gnólachta agus thig leo cuidiú leis sin – cead pleanála a éascú, mar shampla.

An Rialtas



Thig le rialtais deontais a thabhairt – déanann siad cuid mhór de sin i gceantair ina bhfuil dífhostaíocht ard chun gnólachtaí a mhealladh isteach. Déanann siad iarracht gnólachtaí a mhealladh chuig áiteanna a raibh tionscal ann roimhe sin ach a bhog chuig áit eile. Déanann an rialtas iarracht na háiteanna seo a athfhorbairt.

An tAontas Eorpach

Tugann an tAE cuid mhór deontas amach, go háirithe sna háiteanna ina mbíonn fadhb na dífhostaíochta agus áiteanna a raibh monarchana iontu a druideadh.



Margaíocht



Margaíocht

Caithfidh gnólachtaí earraí s'acu a dhíol. Mar gheall air sin, caithfidh siad roghanna margaíochta a dhéanamh, mar shampla:

- Cén táirge atá siad ag dul a dhíol?
- Cén praghas a bheidh air?
- Cad é mar a gheobhaidh an custaiméir amach faoin táirge?
- Cá háit is fearr leis an táirge a dhíol?



Margaíocht

1. Próiseas ina scrúdaítear mianta agus riachtanais an mhargaidh agus ina sásaítear iad trí earraí agus seirbhísí a mhalartú, sa dóigh go mbíonn na ceannaitheoirí sásta agus go dtuilleann na díoltóirí brabús (sainmhíniú na hInstitiúide Margaíochta 1975).

2. Bunghníomhaíocht déanta polasaí a dhíríonn go hiomlán ar tháirgí oiriúnacha a roghnú agus a fhorbairt do thionscnaimh dhíolacháin agus ar na táirgí seo a dháileadh ar bhealach a sholáthraíonn an toradh barrmhaith ar chaipiteal.

Ní le díolachán amháin a bhaineann margaíocht. Baineann sí le:

Taighde a dhéanamh ar an mhargadh agus a fháil amach cad é atá na custaiméirí a iarraidh.

Táirge a fhorbairt agus a dhearadh a shásaíonn riachtanais agus mianta na gcustaiméirí.

An méid ceart a tháirgeadh agus ar an chaighdeán cheart.

Ag roghnú **praghas ceart** sa dóigh go mbeidh na custaiméirí ábalta an táirge a cheannach ar chostas a ligeann don ghnólacht brabús a dhéanamh.

Ag déanamh cinnte de go bhfuil a fhios ag an chustaiméir faoin táirge tríd an **táirge a chur chun cinn**.

Ag déanamh cinnte de go bhfuil an táirge ar díol in **áiteanna** atá áisiúil don chustaiméir.

In amanna, tugtar
an meascadh margaíochta
ar an liosta seo –
táirge, praghas, cur chun cinn
agus áit.



An Gá le Margaíocht

Bíonn na mílte táirge á gcur ar an mhargadh ar fud an domhain gach bliain. Ní éiríonn le cuid mhór acu agus cuirtear deireadh leis an táirgeadh i ndiaidh tamaill. Chuir Mars táirge úr sa siúl i mí Aibreáin 1989 – mar atá Uachtar Reoite Mars. D'éirigh go maith leis cionn is go raibh margaíocht mhaith déanta ar an táirge. Ní raibh Mars ag iarraidh táirge a chur ar an mhargadh nach mbeadh rath air. Má theipeann ar tháirge ní bhíonn mórán brabúis ann nó seans go gcailltear airgead – óir bheadh airgead caite acu ag forbairt an táirge, á chur chun cinn agus, b'fhéidir, ag ceannach áiseanna agus meaisíní nua. Ina áit sin, bhí Mars ag iarraidh táirge rathúil tairbheach a bheith acu. Bhí margaíocht mhaith de dhíth fána choinne sin.



Trí thaighde a dhéanamh, d'oibrigh Mars amach go bhfásfadh díolachán uachtar reoite sa todhchaí. Ní bheadh mórán brabúis ann dá mbeadh siad ag táirgeadh cuid mhór uachtair reoite shaoir. Bhí barraíocht táirgeoirí ann cheana féin. Ach, shíl siad go

dtiocfadh leo brabús a dhéanamh dá ndíolfadh siad uachtar reoite déanta d'ardchaighdeán agus ar phraghas ard chomh maith.

Bheadh sé deacair branda iomlán úr a chur sa siúl. Is mar gheall ar seo a roghnaigh Mars gurbh fhearr an branda rathúil a bhí acu a athchóiriú – an barra seacláide Mars. Bhain siad triail as an bharra uachtair reoite ar shampla tomhaltóirí/custaiméirí sular thóg siad monarcha £20 milliún sa Fhrainc i 1988-89. Chuir siad an táirge úr ar fáil i bpríomh-mhargaí na hEorpa i mí Aibreáin 1989. Chuidigh an dóigh a raibh an táirge curtha chun cinn agus d'éirigh go maith leis ón tús. De bhrí go raibh sé chomh rathúil sin, thosaigh comhlachtaí eile a bhí in iomaíocht le Mars ag déanamh aithrise orthu.

Caithfidh gnólachtaí margaíocht a dhéanamh as siocair go bhfuil an méid sin roghanna ar fáil sa mhargadh. Bíonn cuid mhór bealaí ann a dtig le custaiméirí a gcuid airgid a chaitheamh.

Ba bhreá le gnólacht bheith i **margadh na ndíoltóirí** – nuair nach bhfuil mórán rogha ag na custaiméirí agus caithfidh siad earra a cheannach uathusan.

I **margadh na gceannaitheoirí** caithfidh gnólachtaí bheith in iomaíocht lena chéile. Má bhíonn cuid mhór iomaíochta ann, caithfidh gnólachtaí díriú isteach ar an mhargadh agus mar sin de, caithfidh margaíocht mhaith a bheith déanta acu.

Ag déanamh anailíse ar an mhargadh

Caithfidh gnólachtaí rogha a dhéanamh ar cad é atá siad ag dul a tháirgeadh agus a dhíol. Bíonn baint aige seo leis na custaiméirí a bheadh acu do na hearraí agus na seirbhísí – mar shampla an bhfuil siad óg nó aosta, saibhir nó bocht. Bíonn seans níos fearr ag gnólachtaí bheith rathúil má bhíonn eolas mar seo acu ná gnólachtaí nach bhfuil mórán eolais acu ar an mhargadh.



Má bhíonn daoine ag smaoineamh ar bhialann a oscailt, bheadh orthu smaoineamh ar na custaiméirí a bheadh acu. Ní bheidh déagóirí ag cuardach an chineáil chéanna bia is atá pinsinéirí. B'fhéidir gur mhaith le déagóirí bugar agus sceallóga. B'fhéidir gurbh fhearr le pinsinéirí caife agus ceapaire. Caithfidh an bhialann bheith ábalta bia a chur ar fáil do na grúpaí difriúla.

Deighleán an mhargaidh – grúpa amháin den mhargadh. Píosa den mhargadh a bhfuil grúpa ceannaitheoirí ann atá cosúil lena chéile ar bhealaí difriúla.

Déanann roinnt gnólachtaí iarracht díriú isteach ar ghrúpa amháin, mar shampla, déagóirí, ach in amanna bíonn siad ag iarraidh gach duine a mhealladh chun táirge s'acu a cheannach – óg agus aosta, fir agus mná, saibhir agus bocht. Bíonn cuid mhór earraí agus seirbhísí dírithe ar dheighleán amháin agus caithfidh gnólachtaí oibriú amach cén deighleán is fóirsteanaí dóibh.

Aois, inscne, ioncam, ceantar, grúpa ciníoch agus slí bheatha

Thig le deighilt an mhargaidh bheith déanta de réir thréithe na gceannaitheoirí.



AOIS:

Deartar bialanna agus siopaí áirithe le bheith ag fóirstean d'aoisghrúpa áirithe, de ghnáth.



INSCNE:

Tá seans níos mó ann go rachaidh mná chuig ionaid siopadóireachta ná fir. Léiríonn sé sin go dtéann na mná a shiopadóireacht níos minice ná na fir, de ghnáth.



IONCAM:

Má bhíonn tuarastal ard ag daoine, bíonn siad ábalta níos mó earraí agus seirbhísí a cheannach. Ní tharlaíonn sé i gcónaí go gceannaíonn siad níos mó d'earraí áirithe. Mar shampla, bíonn sé deacair daoine le hairgead a mhealladh chun béile a bheith acu sa bhialann in ollmhargadh cé go bhfuil níos mó airgid acu. Tá seans ann go mbeidh siad ag iarraidh triall ar bhialann níos fearr.



CEANTAR:

Ceannaíonn daoine i gceantair dhifriúla earraí difriúla. B'fhéidir go gceannódh daoine i mBéal Feirste earraí difriúla le daoine i nGaillimh – bia agus éadaí difriúla, mar shampla. Caithfidh gnólachtaí bheith ag smaoineamh air sin nuair atá siad ag déanamh margaíochta ar earraí s'acu.



GRÚPA CINÍOCH:

Ní itheann Giúdach
Ceartchreidmheach muiceoil. Má
bhíonn cuid mhór Giúdach ina gcónaí
i gceantar éigin, beidh ar bhúistéirí an
cheantair smaoineamh an fiú siopa
búistéara a oscailt sa cheantar sin.

Caithfidh gnólachtaí smaoineamh ar an chultúr agus ar an chreideamh atá i gceantar sula n-osclóidh siad bunáit s'acu ann.

SLÍ BHEATHA:

Is é ceann de na bealaí is tábhachtaí chun an margadh a dheighilt tomhaltóirí a scaradh de réir grúpaí sóisialta eacnamaíocha – de réir slí bheatha s'acu nó slí bheatha an duine atá i mbun an tí. Bheadh dochtúirí agus dlíodóirí sa ghrúpa is airde, cúntóirí siopa níos faide síos agus daoine dífhostaithe níos faide síos arís. Téann sé ón ghrúpa a bhfuil an méid is mó airgid acu go dtí an grúpa leis an mhéid is lú. Bíonn earraí agus seirbhísí difriúla dírithe ar ghrúpaí difriúla.

Bealaí eile leis an mhargadh a dheighilt:

Thig le gnólachtaí anailís a dhéanamh ar an mhargadh i mbealaí eile seachas bheith ag amharc ar an chineál tomhaltóra.

- Tomhaltóirí atá dílis don earra nó tomhaltóirí a cheannaíonn earraí uair amháin.
- Tomhaltóirí a cheannaíonn earraí ar an ábhar go raibh sé pleanáilte acu nó tomhaltóirí a cheannaíonn nuair a fheiceann siad earraí deasa.

Ceisteanna:

Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach go bhfuil a fhios ag gnólachtaí cén deighleán ar chóir dóibh bheith ag díriú isteach air?

Scríobh síos de réir aoise, inscne agus ioncaim, cén duine atá ag dul a cheannach na n-earraí seo.


- Éadaí ó *Exhibit*
 - Aois
 - Inscne
 - Ioncam
- Péire bróg ó *Marks and Spencer*
 - Aois
 - Inscne
 - Ioncam
- Pionta beorach i dteach tábhairne
 - Aois
 - Inscne
 - Ioncam

- Cóip den *Financial Times* (nuachtán)
 - Aois
 - Inscne
 - Ioncam

- Bosca *Lego* a chosnaíonn £8.99
 - Aois
 - Inscne
 - Ioncam

- Porsche
 - Aois
 - Inscne
 - Ioncam

- Laethanta saoire sa Spáinn i mí Feabhra
 - Aois
 - Inscne
 - Ioncam



Taighde Margaidh:

Bíonn eolas de dhíth ar ghnólachtaí má tá siad ag dul a dhéanamh roghanna maithe. Bealach amháin chun an t-eolas sin a fháil taighde a dhéanamh ar an mhargadh. Tá cineálacha difriúla taighde ann. Caithfidh gnólachtaí rogha a dhéanamh idir na modhanna is fearr le taighde a dhéanamh chun an t-eolas atá de dhíth orthu a fháil.

Bíonn cuid mhór gnólachtaí **bunaithe ar an táirge**. Ciallaíonn sé sin go ndearann agus go ndéanann siad an táirge agus ansin déanann siad iarracht na custaiméirí a mhealladh chun é a cheannach. Mar shampla, thiocfadh le comhlacht drugaí táirge a fhorbairt a chuideodh le tomhaltóirí agus ansin fógraíocht a dhéanamh ar an táirge.

Thig le gnólachtaí bheith **bunaithe ar an mhargadh** chomh maith. Ciallaíonn sin go ndéanann siad iarracht a fháil amach cad é atá na custaiméirí a chuardach *sula* ndéanann siad an t-earra críochnaithe.

Ciallaíonn taighde margaidh an próiseas a dtéitear tríd lena fháil amach cad é atá tomhaltóirí a chuardach agus cad é a spreagann iad le hearraí a cheannach.

Taighde Margaidh

Próiseas imscrúdaithe maidir le hairíonna margaí áirithe, m.sh., suíomh, méid, acmhainn fáis, agus an meon atá tugtha faoi deara sna margaí sin.

Cad chuige a ndéanann gnólachtaí taighde?

Bíonn riosca ann le gnólachtaí atá bunaithe ar an táirge amháin go gcaithfidh siad cuid mhór airgid agus acmhainní ag cur táirge úr ar an mhargadh agus go dteipfidh ar an táirge. Má dhéantar taighde ar

an mhargadh, laghdaítear an riosca. Ba cheart do ghnólachtaí an taighde agus an dearadh a dhíriú ar na táirgí a bhfuil seans acu bheith rathúil sa mhargadh. Nuair a chuirtear ar an mhargadh é, bíonn seans níos fearr ag earra bheith rathúil má bhíonn taighde maith cúramach déanta roimh ré.

Bailíonn gnólachtaí eolas faoi chustaiméirí agus déanann siad anailís ar an eolas seo chun straitéis mhargaíochta a ullmhú.

Straitéis Mhargaíochta:

Plean a úsáidtear chun custaiméirí úra a mhealladh, díolacháin a ardú srl. Tagann an t-eolas atá de dhíth ón taighde margaidh.




Cén sórt pointí a bheidh clúdaithe sa straitéis/phlean seo?

An margadh agus margaíocht:

Go bunúsach, bíonn gnólachtaí ag iarraidh earraí agus seirbhísí a tháirgeadh/a chur ar fáil a bheadh na custaiméirí sásta a cheannach ar an phraghas a roghnaíodh. Is mar seo a dhéanfaidh siad an brabús. Bíonn taighde margaidh déanta lena chinntiú go bhfuil an táirge maith go leor agus fóirsteanach don mhargadh.

Próiseas don taighde margaidh.

Bíonn gnólachtaí ag iarraidh ceisteanna a fhreagairt faoin mhargadh tríd an taighde seo a dhéanamh. Bíonn roinn mhargaíochta ann, de ghnáth, agus téann siad tríd an phróiseas thuas:



Caithfidh an roinn rogha a dhéanamh faoin eolas a bheadh ina chuidiú agus iad ag freagairt na ceiste. B'fhéidir go mbeadh siad ag iarraidh a fháil amach ar tháinig athrú ar an mhargadh nó ag iarraidh a fháil amach cén grúpa ar cheart dóibh díriú isteach air – **deighleán an mhargaidh**. B'fhéidir go mbeadh siad ag iarraidh a fháil amach cad é atá na custaiméirí a chuardach.

Taighde Allamuigh agus Taighde Deisce

Baineann **taighde allamuigh** le bailiúchán de **shonraí príomhúla** – eolas nach bhfuil bailithe ag duine ar bith roimhe sin. Bailítear é do phíosá áirithe taighde agus trí fhiosrúchán díreach – mar shampla, breathnú, suirbhé agus turgnamh.

Breathnú

Amharcann siad ar na rudaí atá daoine a cheannach agus úsáideann siad an t-eolas seo chun roghanna a dhéanamh.

Suirbhé

Baineann sé seo le staidéar a dhéanamh agus ceistanna a chur ar dheighleán amháin den mhargadh. Bíonn sé dodhéanta nó ródhaor úsáid a bhaint as an mhargadh iomlán agus, mar gheall air sin, roghnaítear grúpa ionadaíoch amháin ón mhargadh iomlán.



Sampla

Cuid de dhaonra iomlán ar féidir anailís a dhéanamh uirthi chun tátal a bhaint as an daonra iomlán.

Sampláil – Teicníc a úsáidtear le cur síos nó measúnú a dhéanamh ar an daonra staitistiúil iomlán trí sciar den daonra, a roghnaítear go matamaiticiúil, a scrúdú go staitistiúil. Caithfidh an sampla a bheith randamach – sa chineál samplála seo, tá an seans céanna ag gach mír den iomlán go roghnófar í.

Suirbhéanna – Baineann suirbhéanna le ceistanna a chur ar dhaoine nó ar eagraíochtaí. Tá bealaí difriúla le suirbhé a dhéanamh. Thiocfadh le suirbhéanna bheith curtha sa phost nó i nuachtán. Ní fhaigheann na gnólachtaí mórán freagraí, de ghnáth. Is féidir iad a dhéanamh ar an ghuthán nó trí agallamh pearsanta agus in amanna bíonn **painéal tomhaltóirí** ann, ach bíonn na modhanna seo níos daoire cionn is go mbíonn agallóir de dhíth. Ach, bíonn modhanna mar seo níos éifeachtaí mar go bhfuil seans níos fearr ann go



bhfaighfear freagraí ar na ceisteanna. Bíonn na hagallóirí ábalta na ceisteanna a mhíniú. chomh maith. Thig le daoine san agallamh nó ar an phainéal na hearraí a fheiceáil agus a thriail, agus thig leis na hagallóirí mothúcháin agus smaointe na ndaoine a bhrath agus a thomhas.

Ní thig le gnólachtaí ceist a chur ar gach duine le barúil nó tuairim s'acu a fháil. Sin an fáth a roghnaítear sampla. Caithfidh an sampla léargas a thabhairt den daonra iomlán má tá sé ag dul a bheith úsáideach.



Sa **sampla randamach**, bíonn an seans céanna ag gach duine go gcuirfear ceist orthu. Déantar é seo trí uimhreacha gutháin a roghnú go randamach nó ainmneacha a roghnú as hata. B'fhéidir nach mbeadh sampla beag randamach ábalta gach duine a chlúdach. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh sampla mór a ghlacadh – rud atá costasach agus a ghlacann cuid mhór ama.

Chun an t-am a ghlacann sé a laghdú, thig le gnólachtaí **sampla córasach** a ghlacadh. Ciallaíonn seo go nglactar gach 100ú nó 1000ú duine ón liosta – mar shampla ón leabhar gutháin nó ón rolla toghthóirí.

I **sampla cuóta** nó straitéiseach, bíonn an sampla briste síos. Mar shampla, má bhíonn a fhios ag comhlacht go raibh 1 duine as 10 de na daoine a cheannaigh an t-earra 0-14 d'aois, 7 as 10 idir 15-24 agus na daoine eile, níos sine ná 25, thig leo an t-eolas sin a úsáid.

Má bhíonn 100 duine sa sampla acu, iarrfar ar 70 (7 as gach 10) atá idir 15 agus 24 bliana d'aois an suirbhé a líonadh isteach. Tá fadhb amháin ann leis an sampla cuóta, áfach – cuirtear ceist ar dhuine ar bith san aoisghrúpa sin agus b'fhéidir nach bhfaighfeá sampla maith den daonra iomlán. Thiocfadh leo na daoine seo a roghnú go randamach. An t-ainm atá air sin **sampla randamach straitéiseach**. Ciallaíonn sé sin go roghnódh siad an 70 duine go randamach chun an pictiúr iomlán a fháil.

Bíonn suirbhéanna úsáideach má bhíonn na ceisteanna sa suirbhé fóirsteanach. Cuirtear ceisteanna mar aon le liosta freagraí cuid mhaith den am. Roghnaíonn na daoine an freagra is fóirsteanaí nó is fearr leo. Is **ceistneoir druidte** é seo – tá teorainn ar na freagraí a thig le daoine a thabhairt. Ciallaíonn sé sin go mbíonn torthaí cinnte ann ag an deireadh. Is féidir na féidearthachtaí a scríobh in ord ag tosú leis an fhreagra is minice. Má chuirtear **ceist oscailte** ní fhaightear freagraí cinnte agus, mar sin de, ní fhoghlaímíonn comhlachtaí an méid céanna. Mar shampla, nuair a chuirtear ceist ar an phainéal faoi ainm an earra úir, ba cheart don ghnólacht liosta ainmneacha a thabhairt agus rogha a thabhairt do na daoine. Ag an deireadh, beidh a fhios acu cén ceann is fearr. Mura bhfuil liosta ann, níl seans rómhór ann go roghnódh grúpaí difriúla an t-ainm céanna.



Turgnamh

Thig le taighdeoirí margaidh teicnící trialacha a úsáid. Bíonn sé costasach earra úr a chur ar an mhargadh, de ghnáth. In áit é sin a dhéanamh nó sula ndéanfaidh siad é, thig le gnólachtaí na hearraí a thriail ar ghrúpaí tomhaltóirí lena fháil amach an bhfuil siad inghlactha nó maith go leor agus an mbeidh ábalta iad a dhíol. De ghnáth, úsáidtear **painéal tomhaltóirí** le hearraí a thriail. Mura bhfaigheann siad aiseolas maith, bíonn orthu dul ar ais agus an t-earra a fheabhsú. Ina dhiaidh sin, baineann siad triail as an earra ar an mhargadh – tástáil margaidh a dhéanamh. B'fhéidir go ndéanfaidh siad seo in dhá thír dhifriúla nó in dhá cheantar dhifriúla. Déantar iarracht dhá áit dhifriúla a roghnú – le daoine éagsúla agus pearsantachtaí difriúla acu. Má bhíonn an t-earra rathúil sa dá áit, is dócha go mbeidh sé rathúil gach áit.

Roghanna

Is é an aidhm atá le taighde margaidh cuidiú a thabhairt do ghnólacht rogha nó cinneadh a dhéanamh. Má shíleann gnólachtaí

go bhfuil spás sa mhargadh do ghnólacht úr atá giota beag difriúil (agus níos fearr, b'fhéidir) ná na hearraí atá ann faoi láthair, thig leo gnólacht a bhunú. An modh is fearr le hearraí atá ann faoi láthair a fheabhsú agus na tréithe maithe a bhaineann leo a choinneáil taighde a dhéanamh ar an mhargadh.



Taighde Deisce

Bíonn **taighde deisce** i gceist nuair a bhaintear úsáid as sonraí tánaisteacha. Is ionann é sin agus eolas a bailíodh cheana féin agus atá ar fáil – taobh istigh agus taobh amuigh den ghnólacht.

Bíonn eolas ar fáil taobh istigh den ghnó. Bailíonn gnólachtaí eolas – mar shampla bíonn figiúirí díolacháin acu i gcónaí a thaispeánann an méid a díoladh i mí faoi leith nó le linn tréimhse áirithe agus cé atá ag ceannach.

Chomh maith leis sin, faigheann siad eolas taobh amuigh den ghnó. Seo roinnt samplaí: staitisticí a chuireann an rialtas ar fáil, na meáin chumarsáide, eagraíochtaí taighde srl.

Ceisteanna

1. Cad é a chiallaíonn margaíocht? (5)
2. Cad iad na ceithre ghné atá sa mheascadh margaíochta agus mínigh iad. (8)
3. Cad chuige a ndéanann gnólachtaí margaíocht? (4)
4. Cad é an difear idir margadh na ndíoltóirí agus margadh na gceannaitheoirí? (4)
5. Cad é a chiallaíonn deighleán an mhargaidh? (4)

An Praghas

I measc na n-eilimintí sa mheascadh margaíochta tá praghas. Caithfidh gnólachtaí rogha a dhéanamh faoi phraghas an earra. Caithfidh siad smaoineamh ar:

- Cén praghas atá ar earraí na n-iomaitheoirí?
- Cén dóigh a dtig leo praghas a úsáid chun méid an díolacháin a ardú?
- An gclúdóidh an praghas na costais táirgthe?

POLASAITHE PRAGHSÁLA:

Pragsáil Bunaithe ar Iomaíocht:

Beidh tionchar ag praghas earraí na n-iomaitheoirí ar an phraghas a roghnaíonn gnólachtaí. In amanna ceannóidh tomhaltóirí an t-earra is saoire, ach, in amanna, síleann tomhaltóirí nach bhfuil an caighdeán ard go leor má íslíonn siad an praghas barraíocht. Caithfidh gnólacht ar bith bheith cúramach nuair a roghnaíonn siad an praghas agus caithfidh siad amharc ar phraghas na n-iomaitheoirí. Nuair a phiocann siad praghas atá cóngarach do phraghas na n-iomaitheoirí, caithfidh siad bheith cúramach nach dtosóidh praghaschoimhlint ghéar. Ina áit sin, thiocfadh leo iarracht a dhéanamh custaiméirí a mhealladh trí fhógraíocht a dhéanamh, pacáistí deasa agus modhanna margaíochta eile.

Os a choinne sin, in amanna, cuireann gnólachtaí stró mór orthu féin le praghas níos ísle chun ceannaitheoirí a mhealladh. Mar shampla, íslíonn nuachtáin praghas s'acu le bheith giota beag níos ísle ná nuachtáin eile agus cuid mhaith den am oibríonn sé seo ar feadh tamaill agus bíonn na nuachtáin ag iarraidh go n-aistreoidh na custaiméirí chuig páipéar s'acu.

Praghsáil de réir an Mhargaidh:

Amharcann na táirgeoirí ar an mhargadh agus iad ag roghnú praghsanna.

Lascaíní, tairiscintí speisialta agus reiceanna

Bíonn earraí saor in aisce le hearraí áirithe in amanna. Bíonn reiceanna ann ag amanna difriúla den bhliain.

Praghsáil Idirhealaitheach

Bíonn praghsanna difriúla ann do cheantair dhifriúla. Is í an phraghsáil idirhealaitheach a bhíonn i gceist nuair a dhíolann gnólachtaí na hearraí céanna ar phraghsanna difriúla chuig deighleáin dhifriúla den mhargadh. B'fhéidir go mbeidh tomhaltóirí in áiteanna áirithe sásta níos mó a íoc ná tomhaltóirí in áiteanna eile.

Praghsáil le dul i bhfód (i bhfeidhm) ar an mhargadh

B'fhéidir go mbeadh iomaitheoir úr ag iarraidh an modh seo a úsáid. Ciallaíonn sé go gcuireann siad praghas níos ísle ar an táirge ag an tús chun roinnt den mhargadh a fháil. Meallann sé seo custaiméirí agus b'fhéidir go bhfanfadh cuid mhór acu leo i ndiaidh dóibh an praghas a ardú. Uair amháin a bheas an táirge bunaithe mar is ceart, ardaíonn siad an praghas. Oibríonn sé seo má bhíonn praghas an earra iontach tábhachtach sa chéad dul síos. Ní oibríonn sé le hearraí a cheannaíonn daoine ar chúiseanna eile. An fhadhb is mó a bhaineann leis seo, in amanna, go síleann daoine nach bhfuil an caighdeán ró-ard má bhíonn an praghas íseal.

Praghsanna Scimeála


Is é seo a mhalairt de phraghsáil le dul i bhfód ar an mhargadh. Ciallaíonn sé seo go gcuireann siad praghas ard ar an táirge ag an tús agus íslíonn siad é níos moille. Bíonn sé in úsáid ar tháirgí ardteicneolaíochta. Nuair a tháinig fístaifeadáin amach ar dtús, bhí costas cúpla míle punt orthu. Cheannaigh lucht an airgid iad ar an phraghas ard seo. I ndiaidh tamaill, d'ísligh siad an praghas agus dhíol siad níos mó acu.

PRAGHASCHOIMHLINT GHÉAR

Nuair a bhíonn iomaíocht ann sa mhargadh, de ghnáth, íslíonn gnólachtaí praghsanna s'acu agus déanann siad iarracht roinnt an mhargaidh a ardú trí chustaiméirí na n-iomaitheoirí a mhealladh chuig earraí s'acu. Má leanann seo ar aghaidh ar feadh tamaill, deirtear go bhfuil praghaschoimhlint ghéar ann. Ní thig leis seo dul ar aghaidh ar feadh i bhfad, ar ndóigh. Bheadh na gnólachtaí ag cailleadh barraíocht airgid agus sa deireadh bheadh ar ghrúpa amháin an praghas a ardú arís.

Praghsáil Dírithe ar Chostas:

Bíonn gnólachtaí ag iarraidh brabús a shaothrú, de ghnáth. Thig leo praghas a chur ar earraí atá cosúil le praghas iomaitheoirí eile ach thiocfadh leo airgead a chailleadh. Thig leo praghas a roghnú agus iad ag amharc ar an chostas a ghlacann sé chun an t-earra a tháirgeadh.



In amanna, úsáideann siad **Costphraghas móide Corrlach**.

Ciallaíonn sé sin go n-amharcann na gnólachtaí ar an chostas agus cuireann siad píosa beag eile leis le teacht ar an phraghas. Bíonn siad ag brú suas na bpraghsanna chun brabús a shaothrú. Bíonn gnólachtaí ag iarraidh costais s'acu a chlúdach agus airgead breise a shaothrú mar bhrabús.

Is é an meánchostas:

- **An costas athraitheach:** an costas a ardaíonn de réir mar a ardaíonn costas an táirgthe nó de réir an aschuir. Ní bhíonn costas athraitheach ann mura bhfuil táirgeadh ann. Boscaí nó amhábhair mar shampla.
- **An costas seasta:** Costas atá buan go hiomlán ar feadh tréimhse áirithe ama agus do leibhéil áirithe aschuir. Ciallaíonn sé seo nach n-athraíonn na costais seo fiú gan táirgeadh. Tá cuid mhór samplaí de sin ann – cíós, tuarastal na n-oibrithe.

Praghsáil Lánchostais

Nuair a chlúdaíonn an praghas costais athraitheacha agus costais sheasta an táirgthe. In amanna íslíonn gnólachtaí an praghas níos ísle ná na costais ar feadh tamaill. Thig leo é seo a dhéanamh agus beidh siad ábalta maireachtáil a fhad is go bhfuil siad ag clúdach cuid de na costais – na costais athraitheacha. Ní thig leo é seo a dhéanamh an t-am ar fad mar chaillfeadh siad barraíocht airgid agus ní thiocfadh leo maireachtáil.

An Táirge

Caithfidh gnólachtaí rogha a dhéanamh faoin táirge nó faoin réimse táirgí atá siad ag dul a dhíol. Caithfidh siad roghnú cén caighdeán táirgí atá siad ag dul a tháirgeadh agus a dhíol, cén t-ainm a bheidh ar an táirge agus cén pacáistiú a bheidh air. Chomh maith leis sin, caithfidh siad a roghnú an bhfuil siad ag dul a dhéanamh brandála ar an táirge.

Cuid mhaith den am bíonn réimse táirgí ag gnólachtaí – mar shampla, táirgeann an comhlacht Procter & Gamble réimse de phúdair níochnáin, mar shampla, *Bold*, *Ariel*, *Daz*. Tá an réimse seo mar pháirt den **Mheascadh Táirgí** iomlán atá acu. Táirgeann siad púdar don mhiasniteoir, leacht níochnáin agus gallúnach, chomh maith.

Táirgeann Procter & Gamble réimse leathan de phúdar níochnáin mar is bealach amháin é sin leis an sciar den mhargadh s'acu a ardú. Is dócha go mbeidh níos mó tomhaltóirí acu do na hearraí má tháirgeann siad réimse púdar níochnáin ná má tháirgeann siad ceann amháin, mar shampla, *Bold*.

Difreáil Táirgí

Táirge a fhorbairt atá uathúil ó na táirgí atá á gcur ar fáil ag iomaitheoirí, chun sciar den mhargadh a choinneáil nó a fheabhsú.

Ligeann táirgeadh réimse púdar níocháin do Procter & Gamble difreáil a dhéanamh idir táirgeadh earraí s'acu. Tá gach púdar difriúil ó na cinn eile. Bíonn cuid acu bitheolaíoch – mar shampla *Radion* agus cuid acu neamh-bhitheolaíoch mar shampla *Dreft*. Bíonn cuid acu ar fáil i bhfoirm púdair agus cuid acu i bhfoirm leachta. Bíonn dathanna difriúla ar na boscaí – *Daz* dearg agus *Ariel* bán.

Bíonn difreáil táirgí tábhachtach mar sásaíonn táirgí difriúla riachtanais dhifriúla na dtomhaltóirí. Bíonn roinnt tomhaltóirí ag iarraidh an púdar is fearr a oireann do dhathanna agus ceannaíonn siad *Ariel Colour*, mar shampla. Bíonn roinnt daoine buartha faoin timpeallacht agus bíonn daoine eile buartha faoin phraghas.

MEASCADH TÁIRGÍ PROCTER & GAMBLE

Earraí glantacháin srl.


Daz
Bold
Flash
Fairy

Cumhráin + Smideadh

Hugo Boss
Max Factor International
Old Spice

Sláinte agus Earraí Áilleachta

Oil of Olay
Head & Shoulders
Colgate



Bealaí chun difreáil a dhéanamh ar an táirge:

- Dearadh agus Foirmle

Úsáidtear comhábhair dhifriúla do gach púdar nó léacht a tháirgeann Procter & Gamble. Táirgeann déantóirí carranna réimse carranna. Bíonn difríochtaí ann idir carranna den chineál chéanna – dathanna, méid an innill, díon gréine. Is é dearadh agus foirmle bealach amháin chun difreáil a dhéanamh idir caighdeán na n-earraí.

- Ainm

Bíonn ainmneacha difriúla ar earraí difriúla. Bíonn an t-ainm iontach tábhachtach má tá gnólachtaí ag dul a dhíol earraí s’acu. Is dócha nach ndíolfadh Procter & Gamble mórán bosca púdair leis an ainm ‘*Salach*’. Roghnaíonn gnólachtaí ainmneacha gairide atá furasta a rá agus a choinneáil i gcuimhne, de ghnáth. Roghnaigh Procter & Gamble an t-ainm *Daz* mar cuireann sé in iúl go bhfuil ‘dazzle’ ann nuair a úsáidtear é ar éadaí.

- Pacáistiú

Úsáidtear pacáistiú chun earraí a sheachadadh go sábháilte a fhad leis an tomhaltóir. Mar shampla, cuirtear bia i gcannaí in amanna sa dóigh go mbeidh sé maith go leor i ndiaidh tamaill fhada. Bíonn pacáistiú láidir de dhíth ar Procter & Gamble chun earraí s’acu a chosaint. Bíonn eolas ar an phacáistiú faoin earra. Bíonn úsáid eile ag an phacáistí, chomh maith. Cuirtear dathanna deasa agus scríbhneoireacht tharraingteach ar an phacáistiú chun aird na ndaoine a tharraingt.

Brandáil

Ba mhaith le gach gnólacht go mbeadh earra s’acu ina bhranda láidir. Ciallaíonn branda go n-amharcann an tomhaltóir ar an earra mar earra atá difriúil ó earraí cosúla eile. Mar shampla, feictear do roinnt tomhaltóirí gur earraí difriúla *Daz* agus *Bold* cé gur púdar gallúnaí an bheirt acu. Is é a mhalairt seo táirge cineálach. Is táirgí cineálacha iad prátaí. Ní fheiceann tomhaltóirí difear ar bith idir prátaí ó fheirm amháin agus prátaí ó fheirm eile, de ghnáth. Is


samplaí eile iad gual, cruach, bainne agus bananaí. Má tá brandáil láidir ann, thig le gnólachtaí praghas níos airde a chur ar an earra. De ghnáth, bíonn an caighdeán níos airde agus bíonn níos mó fógraíochta ann.

Saolré Táirge

An patrún tipiciúil díolacháin atá ag táirge thar am, óna thionscnamh ar an mhargadh go dtí a mheath sa deireadh, de réir mar a thagann táirgí nua atá níos nuálaí ina áit nó go dtí go dtiteann an t-éileamh air, de thoradh athruithe i mianta an tomhaltóra.

Is cuma cé chomh maith is atá an coincheap, ní dhíolfar táirge ar bith mura bhfuil na custaiméirí á iarraidh.

Bíonn saolré nádúrtha ag táirgí a thosaíonn lena bhforbairt agus lena lainseáil agus a leanann trí thréimhse a bhfáis go haibíocht agus go dtí an pointe nuair atá an margadh lán de tháirgí eile (sáithithe) atá cosúil leo. Sa deireadh, titeann an méid a dhíoltar agus tagann deireadh shaolré an táirge. Déanann gnólachtaí iarracht saolré na dtáirgí a dhéanamh níos faide chun tuilleadh earraí a dhíol.




SAOLRÉ AN TÁIRGE

Díolann gnólachtaí táirgí. Téann na hearraí seo trí shaolré s'acu. Caithfidh gnólachtaí roghanna a dhéanamh ag gach pointe den tsaolré – faoin phraghas, faoi chur chun cinn, faoin dóigh chun an t-earra a sheachadadh. Chomh maith leis sin, caithfidh siad oibriú amach cén dóigh a dtiocfadh leo an tsaolré a dhéanamh níos faide.


Forbairt:

B'fhéidir go nglacfadh sé seo blianta ach bíonn sé iontach tábhachtach don earra agus cé chomh rathúil is a bheidh sé. Déantar **taighde agus forbairt** agus taighde margaidh. Bíonn orthu costas an trealamh a oibriú amach.



Lainseáil:


Ina dhiaidh sin bíonn lainseáil ann – nuair a chuirtear an t-earra sa siúl.



Bíonn fógraíocht agus cur chun cinn déanta roimh agus le linn do na hearraí teacht ar an mhargadh. Bíonn taispeántas agus fógraí in irisí agus ar an teilifís.

Fás:

Sa chéim seo, bíonn díolacháin agus brabús ag ardú.



Aibíocht:

Ag céim na haibíochta, baineann an t-earra barr a dhíolachán amach.

Bíonn na costais forbartha íoctha ag an ghnólacht faoin am seo, de ghnáth. Úsáidtear an brabús chun earraí úra a fhorbairt.

Ag cur le Saolré an Táirge

Baineann gnólachtaí úsáid as cuid mhór modhanna agus iad ag iarraidh cur le saolré an táirge.

- An t-earra a athrú gach bliain: déanann comhlachtaí carranna é seo go minic.
- Eagrán/Leagan teoranta a chur ar fáil - earraí éagsúla a tháirgeadh - mar shampla Kit-Kat oráiste – oibríonn siad seo go maith más brandaí maithe iad.
- Fógraíocht bhreise a dhéanamh
- Pacáistiú úr – mar shampla don Nollaig
- Ag leathnú réimse na dtáirgí – mar shampla ag cur fístéipe le leabhar do pháistí
- Íomhá an táirge a athrú le daoine eile sa mhargadh a mhealladh.
- **Brandáil** – ciallaíonn sé seo go gcláraíonn an gnólacht ainm an táirge, an lógó, an pacáistiú srl. le cosc a chur ar ghnólachtaí eile atá ag iarraidh an táirge céanna a dhéanamh.

Sáithiú:

Sa chéim seo, bíonn na hiomaitheoirí ag cur earraí ar fáil atá ar comhchéim le hearraí an ghnólachta. Bíonn an margadh sáithithe/lán agus is dócha go dtitfidh díolachán na n-earraí.



Meath:

Sa deireadh, is dócha go dtitfidh díolachán an earra. Beidh gnólachtaí eile ag cur earraí ar fáil atá níos fearr ná earraí an ghnólachta. Faoin am seo beidh na gnólachtaí ag iarraidh go mbeidh earra úr acu le cur ar an mhargadh.

Praghas, Éileamh agus Soláthar

Caithfidh gnólachtaí praghas a roghnú don earra atá siad a sholáthar. Má bhíonn an praghas ard, beidh an t-éileamh don earra íseal agus ní bheidh siad ábalta mórán a dhíol. In amanna caithfidh gnólachtaí an praghas margaidh a ghlacadh don earra má tá siad ag dul a dhíol rud ar bith. Ní bhíonn smacht acu ar an phraghas. Roghnaítear an praghas de réir éilimh agus soláthair. Caithfidh an gnólacht a oibriú amach an bhfuil an praghas seo ard go leor chun costais s'acu a chlúdach agus an fiú an gnólacht a choinneáil oscailte.

Sampla:



Is feirmeoir é Pádraig Mac Liam. Fásann sé prátaí gach bliain chun iad a dhíol. Ní bhíonn a fhios aige cén praghas a gheobhaidh sé mar athraíonn an praghas gach lá agus gach bliain.


Is **praghasghlacadóir** é. Ciallaíonn sé seo nach dtig leis an praghas a roghnú don earra s'aige.

- Is praghasghlacadóirí iad daoine a fhreagraíonn do rátaí agus do phraghsanna an mhargaidh agus ní bhíonn aon tionchar acu orthu.


Tarlaíonn sé seo ar an ábhar gur earraí cineálacha iad prátaí – ní bhíonn brandáil ann – bíonn siad uile iontach cosúil lena chéile agus bíonn sé deacair, nó dodhéanta, an difear a fheiceáil nó a bhlaiseadh idir prátaí s'acu agus prátaí feirmeoirí eile. Tá sé in iomaíocht leis na mílte eile feirmeoirí. Má chuireann sé praghas ró-ard ar phrátaí s'aige, ceannóidh custaiméirí a gcuid prátaí ó fheirmeoirí eile. Tá rogha aige – praghas an mhargaidh a chur ar phrátaí s'aige nó gan iad a dhíol.

Éileamh

Socraítear praghas an mhargaidh trí fhórsaí éilimh agus soláthair. Ciallaíonn éileamh an méid a cheannóidh custaiméirí ar phraghas áirithe. Más ard an praghas, beidh custaiméirí ag éileamh níos lú prátaí. Amharcann an graf mar seo:




Is toisc amháin é an praghas a mbíonn tionchar aige ar éileamh an earra. Bíonn fachtóirí eile ann chomh maith – ioncam, praghas earraí eile, mar shampla, rís agus pasta. Bogann an cuar éilimh (mar a fheictear thuas) má athraíonn na fachtóirí eile.



Bhog an cuar ar dheis. Ciallaíonn sé sin go mbíonn an t-éileamh níos airde ag praghas ar bith tugtha. I margadh na bprátaí, b'fhéidir gur ardaigh praghas ríse agus sin an fáth ar bhog an cuar. Nó, b'fhéidir gur tháinig tuairisc amach ag rá go bhfuil prátaí sláintiúil.


Soláthar

Is é is soláthar ann an méid atá soláthraithe/táirgeoirí sásta a chur ar fáil ar phraghas áirithe. Más ard an praghas, beidh spreagadh níos fearr ag táirgeoirí níos mó a chur ar fáil agus a dhíol. Má ardaíonn an praghas, bíonn ardú sa líon soláthraithe. Seo an chuma a bhíonn ar an ghraf don soláthar:



Bíonn tionchar ag tosca eile ar sholáthar. Mar shampla, má ardaítear pá na n-oibrithe ar fheirmeacha, ardóidh costais an fheirmeora agus beidh ar na feirmeoirí níos mó a sholáthar chun na costais a chlúdach. Os a choinne sin, má athraíonn cúrsaí teicneolaíochta thig le feirmeoirí níos mó a sholáthar agus níos lú oibrithe a úsáid. Mar gheall air sin, thig leo praghas níos lú a chur ar na prátaí. Bíonn tionchar mór ag an aimsir ar sholáthar, chomh maith. Thig le drochaimsir nó galair an barr a laghdú. Ciallaíonn sé sin go mbíonn níos lú soláthraithe ar phraghas tugtha.


Má athraíonn an praghas, bogann méid an tsoláthair ar an cuar. Bíonn fachtóirí eile ann, chomh maith, seachas praghas. Bogann na tosca eile an cuar.



Ar phraghas ar bith tugtha, tá níos lú soláthraithe ann. B’fhéidir gur ardaigh costais an fheirmeora chun prátaí a fhás nó b’fhéidir gur ísligh barr na bprátaí mar gheall ar dhrochaimsir.


Praghas

Socraítear praghas na bprátaí de réir éilimh agus soláthair. Tá praghas an mhargaidh le feiceáil ar an ghraf seo:



Roghnaítear praghas an mhargaidh trí amharc ar an áit a dtrasnaíonn éileamh agus soláthar a chéile. Is é seo an praghas ag a bhfuil an méid atá le díol cothrom leis an mhéid atá custaiméirí ag iarraidh a cheannach. Athraíonn praghas na bprátaí ó bhliain go bliain.

Tarlaíonn sé seo mar gheall ar athruithe san aimsir, de ghnáth, a bhogann an cuar soláthair. Taispeánann an graf seo an rud a tharlaíonn nuair a bhíonn drochaimsir ann. Bíonn níos lú soláthraithe ar gach praghas agus mar gheall air sin ardaíonn an praghas.



An Cuar Éilimh

Éileamh – an méid earraí agus seirbhísí a cheannófar i dtréimhse áirithe, ar phraghas tugtha.

Tarraingítear an cuar éilimh ag glacadh leis go bhfanann gach rud eile mar an gcéanna seachas praghas agus méid - ‘ceteris paribus’ a thugtar air seo.

Má athraíonn na rudaí eile bogann an cuar ar dheis nó ar clé.

Tosca a bhogann an cuar:

1. Praghas earraí eile – earraí a théann leis an earra (teilifiseán agus fístaifeadán)
- earraí na n-iomaitheoirí (teilifiseán agus teilifiseán)


2. Ioncam
3. Faisean/Nósanna
4. An rialtas – cáin
ráta úis
5. Daonra – méid, aois, inscne

An Cuar Soláthair

Soláthar – an méid earraí agus seirbhísí a bheidh curtha ar fáil i dtréimhse áirithe, ar phraghas áirithe.

Fachtóirí a bhogann an cuar:

1. Praghas earraí eile – an mbeadh sé níos luachmhaire earraí eile a tháirgeadh?
2. Costais táirgthe – b'fhéidir go gcuirfeadh siad níos lú ar fáil dá n-ardófaí an costas.
3. Teicneolaíocht – de ghnáth, cuirtear níos mó ar fáil ag úsáid teicneolaíocht úr.
4. An rialtas – dlíthe in éadan truailliú, mar shampla.
5. Dóchas go n-ardóidh an praghas sa todhchaí – coinneoidh siad earraí go dtí go n-ardaíonn an praghas – bogann an cuar soláthair ar dheis ar feadh tamaill go dtí go n-ardaítear an praghas.
6. An aimsir – i margaí feirmeoireachta.



CUR CHUN CINN

I saol an ghnó, áit a bhfuil cuid mhór iomaíochta ann, de ghnáth, ní leor táirgí maithe a dhearadh agus a tháirgeadh. Caithfidh margaíocht a bheith déanta ar an táirgeadh sa dóigh go mbeidh eolas ag na custaiméirí faoin earra/faoi tseirbhís agus go mbeidh dúil acu san earra/sa tseirbhís. Bíonn ar na gnólachtaí an táirge a chur ar aghaidh nó a chur chun cinn. Caithfidh siad an dóigh is fearr a roghnú le hearraí s'acu a dhíol.

- Ar chóir dóibh fógraíocht a dhéanamh?
- Cad é an dóigh is costasaí chun earraí a chur chun cinn?
- Cad é an dóigh is fearr le bualadh le custaiméirí s'acu?
- Ar chóir dóibh eagraíocht ón taobh amuigh a úsáid chun earraí s'acu a chur chun cinn?

Teagmháil:

Caithfidh gnólachtaí teagmháil a dhéanamh leis na custaiméirí. Baineann cur chun cinn le:

- custaiméirí a chur ar an eolas go bhfuil an t-earra ann.
- ag insint nó ag míniú dóibh cad é atá ann.
- ag cur na gcustaiméirí ar an eolas faoin dóigh a sásóidh an t-earra riachtanais s'acu.
- Bheith ag spreagadh daoine leis an earra a cheannach don chéad uair nó arís.

Is í seo an fhoirm is díri den mheascadh margaíochta.

Tá teicnící difriúla ann chun cur chun cinn a dhéanamh: fógraíocht, post díreach, pacáistiú, díolachán pearsanta, caidreamh poiblí agus brandáil.

Fógraíocht na meán

Déanann *Andrex*, agus gnólachtaí eile, fógraíocht trí na meáin chumarsáide. Áirítear ina measc siúd:



- teilifís, raidió agus pictiúrlann
- irisí
- nuachtáin náisiúnta agus áitiúla
- nuachtáin trádála – seo irisí dírithe ar ghrúpaí nó ar ghnólachtaí éagsúla
- leabhair ghutháin an ghnó – mar shampla ‘Na Leathanaigh Órga’
- póstaeir agus modhanna taistil – clár fógraí, busanna, veain srl.

Ba mhaith le *Andrex* bheith i dteagmháil le cuid mhór tomhaltóirí agus tá buiséad mór fógraíochta acu. Tá sé ar a n-acmhainn airgead a chaitheamh ar fhógraí teilifíse nó ar chláir fhógraí. Cuireann siad cuid mhór fógraí in irisí ban – ag díriú isteach ar thomhaltóirí an earra. Úsáideann siad fógraí daite greannmhara chun na custaiméirí a mhealladh.

Má tá an gnólacht seo ag iarraidh cuntasóir a fhostú, b’amaideach agus ba chur amú acmhainní é dá gcuirfeadh siad fógra ar an teilifís. Seans nach mbeadh siad ag díriú isteach ar na daoine cearta dá mbeadh siad ag cur fógra in iris a bhaineann le faisean ban. Ní gá an fógra sin bheith daite, ach oiread, chun daoine a mhealladh. Ina áit sin, úsáidtear nuachtán nó iris trádála nó gníomhaireacht earcaíochta. Ní bheadh gnólacht beag ábalta fógraí a chur ar an teilifís nó i bpáipéar náisiúnta. Bheadh siad ag iarraidh fógraíocht a úsáid ar bhealach níos saoire chun custaiméirí s’acu a mhealladh.

Fógraíocht:


Cén fáth a gcaitheann gnólachtaí an méid sin airgid ar fhógraíocht?

- Chun daoine a chur ar an eolas faoin táirge
- Chun dearcadh daoine a athrú
- Chun díolachán a ardú

Gníomhaireachtaí Fógraíochta

Is gnólachtaí iad na gníomhaireachtaí fógraíochta a eagraíonn fógraíocht do ghnólachtaí eile. Bíonn roinn taighde margaidh ann a eagraíonn an taighde margaidh.

Úsáidtear an t-eolas seo chun an feachtas fógraíochta a phleanáil. Bíonn roinn ann a chruthaíonn na fógraí – na focail (an chóip), na pictiúir agus na fuaimeanna. Bíonn roinn eile ann a eagraíonn scannáin agus grianghraif. Chomh maith leis sin bíonn roinn de dhíth chun spás ar an teilifís, raidió, irisí agus nuachtáin a cheannach.



Post Díreach



Cuirtear ábhair thionscnaimh amach sa phost chuig custaiméirí áirithe – ag úsáid liosta ó cheistiúcháin nó suirbhéanna nó cártaí siopaí. Baintear úsáid as an mhodh seo chun cuid mhór earraí agus seirbhísí a chur chun cinn, mar shampla, clubanna leabhar agus ceoil agus seirbhísí airgeadais.

Baineann post díreach le bileoga fógraíochta a chur chuig tithe agus gnólachtaí tríd an phost. Chun na costais a íslíú, bíonn liosta custaiméirí de dhíth. Bíonn orthu díriú isteach ar cheantar áirithe, mar shampla, agus faigheann siad liosta daoine ón cheantar. B'fhéidir go bhfaigheadh siad liosta daoine a cheannaigh earraí uathu roimhe sin agus chuirfeadh siad bileog amach chucu le heolas faoi earra úr.

Pacáistiú

In amanna is é an pacáistiú a mheallann an custaiméir chun an táirge a cheannach. Caithfidh an mhéid bheith ceart, an cruth ceart, caithfidh tú bheith ábalta an táirge a choinneáil sábháilte agus caithfidh sé an custaiméir a mhealladh.

Bíonn an pacáistiú iontach tábhachtach. Caithfidh custaiméirí bheith ábalta an t-earra a aithint go gasta sa dóigh nach mbeidh

siad measctha idir earra amháin agus earra eile. Caithfidh an dearadh agus na dathanna íomhá an earra a chur in iúl. Caithfidh eolas a bheith ar an phacáistiú – de réir an dlí.

Díolachán Pearsanta

Díoltar roinnt earraí ó dhoras go doras – fuinneoga agus árachas, mar shampla. In amanna, téann ionadaí díolacháin thart fán cheantar ag iarraidh earra a dhíol. Thig leis an duine an t-earra a thaispeáint agus a mhíniú. Os a choinne sin, ní maith le daoine brú a bheith orthu agus ní maith leo am a chailleadh ag éisteacht leis na hionadaithe.



Caidreamh Poiblí

Is bealach eile é seo chun teagmháil a dhéanamh leis na custaiméirí. Bíonn ar an roinn caidrimh phoiblí litreacha a léamh a thagann ó na custaiméirí faoin táirge. Déanann siad iarracht dea-scéala faoin táirge a chur sna meáin chumarsáide. B'fhéidir go gcuirfeadh siad alt chuig na nuachtáin faoi lainseáil earra úir. An aidhm atá anseo ainm an chomhlachta agus ainm an earra a choinneáil i mbéal an phobail.

- Urraíocht agus duaiseanna (spórt nó oideachas)

Reiceanna cur chun cinn

Déantar iarracht díolachán a ardú go gearrthréimhseach. Thig le gnólachtaí na modhanna seo a úsáid:

- Tairiscint speisialta (ceannaigh 2, faigh 1 saor in aisce)
- Lasaine ar phraghas
- 25% saor in aisce
- Dearbháin, cúpóin
- Comhthionscnamh – nuair atá caidreamh ann idir gnó amháin agus gnólacht eile m.sh. McDonalds agus Disney nó púdar níos áine agus táirgeoir inneall níos áine.
- Feachtas le bronntanas nó duais, mar shampla, in iris nó comórtas chun carr a bhaint.

Brandáil

Bíonn gnólachtaí ag iarraidh go mbeidh earraí s'acu iontach rathúil agus go mbeidh branda rathúil acu. Má aithníonn daoine an táirge, ceannóidh siad é agus beidh a fhios acu an luach. Is toradh é seo ar bhlianta a caitheadh ag cur an earra chun cinn agus ag forbairt an earra.




Cur chun cinn agus an dlí

Tá dlíthe i bhfeidhm chun tomhaltóirí agus táirgeoirí a chosaint maidir le cur chun cinn táirgí. Is iad na hachtanna is tábhachtaí **an tAcht um Thuairisc Thrádála, 1968 agus 1972** agus **an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 1987**.

Is é is acht ann cáipéis atá aontaithe agus dréachtaithe/scríofa ag an rialtas le rialacha agus dlíthe soiléire a leagan síos.

An tAcht um Thuairisc Thrádála, 1968 agus 1972

Tá eolas san acht seo a chuireann in iúl do tháirgeoirí nach bhfuil cead acu eolas míchruinn, ná eolas a chuirfeadh duine ar seachrán, a thabhairt faoi tháirgí s'acu. Mar shampla, má mhaíonn siad go bhfuil bia 'úr' – níorbh fhéidir go raibh an bia seo reoite in am ar bith. Míníonn an t-acht focail agus déanann sé cur síos soiléir ar fhocail sa dóigh go mbeidh táirgeoirí ag cur eolas cruinn ar earraí s'acu.



An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 1987

Tugann sé seo cuidiú agus cosaint do na tomhaltóirí. Ní thig le gnólachtaí teacht i dtír ar dhaoine – .i. ní thig leo úsáid a bhaint astu.

Bíonn cearta bunúsacha dlí ag an tomhaltóir:

- má bhíonn cur síos ar an táirge nach bhfuil cruinn
- mura bhfuil an caighdeán maith go leor
- mura bhfuil an táirge fóirsteanach don fheidhm atá luaite leis.

Bíonn grúpaí ann lena chinntiú go bhfuil na cearta ag na tomhaltóirí agus go bhfuil cur síos cruinn déanta ag gnólachtaí.

Is iad sin **an tÚdarás um Chaighdeáin Fógraíochta** (ASA – Advertising Standards Authority), **Ofcom** agus **an Oifig Chóir-Thrádála** (OFT – Office of Fair Trading).
Amharc ar na suímh idirlín atá acu!

An tÚdarás um Chaighdeáin Fógraíochta

Bíonn siadsan ag plé le gearáin faoi fhógraíocht sna meáin nach bhfuil craolta. Caithfidh fógróirí bheith cinnte go n-aontaíonn na fógraí le treoirlínte an údaráis. Caithfidh fógraí bheith ‘dleathach/dlíthiúil, macánta, ionraic agus cóir’.



Ofcom

D’athraigh an grúpa seo a n-ainm le gairid. An Coimisiún Neamhspleách Teilifíse (ICT) a bhí air.

Is é Ofcom rialálaí na dtionscnamh cumarsáide sa Ríocht Aontaithe – ciallaíonn sé seo go bhfuil siad freagrach as teilifís, raidió, teileachumarsáid agus seirbhísí cumarsáide gan sreang.

Tá Ofcom iontach tábhachtach, go háirithe agus gnólachtaí ag dul isteach san aois dhigiteach. Is iad cearta na dtomhaltóirí a gcúram.

An Oifig Chóir-Thrádála

Bíonn cumhacht ag Stiúrtóir Ginearálta na hOifige Cóir-Thrádála fiosrúcháin a dhéanamh ar chleachtais gnólachtaí agus thig leis cosc a chur orthu má bhíonn siad in éadan leas an phobail.



ÁIT

Is dócha nach mbeidh táirge rathúil má bhíonn sé deacair a fháil. Mar sin de, is píosa lárnach den mheascadh margaíochta é ÁIT. Caithfidh táirgeoirí bheith cinnte cad é mar a chuirfidh siad an táirge ar fáil don chustaiméir. Caithfidh na bealaí seo bheith éifeachtach.

ÁIT SA MHEASCADH MARGAÍOCHTA:

Chun táirge a dhíol, caithfidh sé bheith san áit cheart ag an am ceart sa dóigh go dtig le custaiméirí é a cheannach. Ní bhíonn gach táirge ag siopa beag i sráidbhaile mar tá a fhios acu nach bhfuil margadh ann do roinnt earraí. Tá sé seo fíor do sheirbhísí, chomh maith. Ní bhfaighidh leictreoir i gceantar iargúlta mórán oibre mura bhfuil sé sásta taisteal níos faide ná 2 mhíle. Is dócha go mbeadh níos mó custaiméirí ag gruagaire ar phríomhshráid ná duine ar shráid chiúin.

Is mar gheall air sin a bhíonn áit iontach tábhachtach sa mheascadh margaíochta. Má bhíonn cuid mhór fógraíochta déanta i gceantar áirithe beidh díolachán níos airde ann. Mura bhfuil fógraíocht déanta, is beag díolachán a bheidh ann.



Bealaí Dáilte:

Bíonn bealach dáilte ann idir an táirgeoir agus an custaiméir. Is é seo an cosán idir an táirgeoir agus an tomhaltóir.

Díreach chuig an mhiondíoltóir:

Cuireann táirgeoirí earraí chuig na slabhraí móra ollmhargaí cosúil le Tesco nó Morrisons. Bíonn trádstóras acu agus cuireann siadsan na hearraí amach as sin chuig na siopaí difriúla nó chuig na miondíoltóirí.

Tríd an mhórdhíoltóir

Is dócha go n-úsáidfidh siopaí beaga mórdhíoltóir. Is cineál gnólachta é seo a dhíolann earraí chuig siopaí beaga. Ní thig leis na siopaí beaga earraí a ordú má bhíonn an t-ordú róbheag. Ceannaíonn an mórdhíoltóir cuid mhór earraí agus díolann siad arís iad leis na miondíoltóirí.

Tríd an ghníomhaire

Úsáideann gnólachtaí gníomhairí chun earraí a dhíol thar lear. Is daoine nó gnólachtaí iad seo a ghlacann na ceannaitheoirí agus na díoltóirí le chéile. Faigheann an ghníomhaire méid áirithe faoin gcéad den mhéid a fhaigheann an comhlacht as an díolachán. Bíonn gníomhairí ag comhlachtaí, mar shampla, Avon do smideadh srl. agus Betterware a dhíolann earraí tí. Téann na gníomhairí ó theach go teach ag bailiú orduithe. Faigheann siad méid áirithe faoin gcéad den airgead a fhaigheann siad.

Díreach chuig an tomhaltóir:



Díoltar roinnt earraí díreach leis an tomhaltóir. In amanna bíonn siopa feirme ar fheirm. B'fhéidir go mbeadh siopa bróg ag monarcha bróg. Bíonn árachas á dhiol ag lucht árachais i dtithe daoine in amanna. In amanna, ceannaíonn tomhaltóirí earraí tríd an phost.





Buntáistí agus Míbhuntáistí a bhaineann le **Margaíocht thar lear:**

- ☺ Díolann gnólachtaí níos mó earraí agus seirbhísí má dhéanann siad margaíocht thar lear.
- ☺ Bíonn siad ábalta réimse níos leithne a chur ar fáil má bhíonn siad ag díol go hidirnáisiúnta.
- ☺ Bíonn sé níos fusa earraí agus seirbhísí a dhíol i dtíortha difriúla sa lá atá inniu ann mar gheall ar an idirlíon.
- ☹ Cosnaíonn sé cuid mhór airgid chun taighde a dhéanamh i dtíortha eile.
- ☹ In amanna ní bhíonn gnólachtaí ábalta earraí s'acu a dhíol ar an mhargadh idirnáisiúnta – bíonn difríochtaí idir tíortha, daoine agus cultúir.
- ☹ Bíonn teicneolaíocht agus meaisíní níos fearr ag tíortha áirithe. Díolann siad earraí níos saoire ná tíortha eile – mar sin de, bíonn sé iontach deacair dul in iomaíocht leo.




Airgeadas & Cuntasaíocht



Airgeadas & Cuntasaíocht

Mar is eol dúinn, teipeann ar chuid mhór gnólachtaí i ndiaidh dóibh tús a chur le trádáil. Tarlaíonn sé sin mar gheall ar easpa pleanála cuid mhaith den am. Mar sin de, ba chóir go gcaithfeadh gnólachtaí go leor ama ag ullmhú plean maith.



Riachtanais Airgeadais an Ghnólachta:


Caithfidh gnólachtaí brabús a dhéanamh má tá siad ag dul a mhaireachtáil go fadtréimhseach. Caithfidh siad bheith ábalta an t-airgead a láimhseáil ó lá go lá go gearrthréimhseach. Caithfidh siad go leor airgid a choinneáil chun na billí a íoc agus pleanáil a dhéanamh don todhchaí. Bíonn airgead de dhíth chun an gnólacht a bhunú.

Cineálacha difriúla caipitil - caipiteal tionscnaimh

- caipiteal breise
- caipiteal oibre



Ag cruinniú airgeadais trí chaipiteal



SCÉAL MHICHÍL

Ba mhaith le Micheál óstán a cheannach. D'oibrigh sé mar bhainisteoir in óstán mór idirnáisiúnta ar feadh na mblianta. Tá óstán feicthe aige atá le díol agus tá cuma mhaith air. Tá £250,000 air agus síleann sé gur praghas réasúnta é seo.

Ag tosú:

Tá plan gnó ag Micheál. Beidh £60,000 (**caipiteal breise**) eile de dhíth chun feabhas a chur ar an óstán chomh maith leis an £250,000 (**caipiteal tionscnaimh**) atá air. Tá £15,000 (**caipiteal oibre**) eile de dhíth chun na costais laethúla a chlúdach – bia, leictreachas agus billí níos álainn.

Tá sé ar intinn ag Micheál £100,000 den airgead seo a fháil ar iasacht ón bhanc. Tá súil aige go bhfaighidh sé an £150,000 eile as bheith ag cruinniú caipitil don ghnólacht. Ciallaíonn sé sin:

- go gcuirfidh Micheál airgead s'aige féin isteach sa ghnó.
- go ndéanfaidh sé iarracht daoine eile a fháil le bheith mar chomhúinéirí leis. Thiocfadh leis comhpháirtí nó scairshealbhóirí a fháil (i gcomhlacht teoranta).


Ag cruinniú caipitil do ghnólacht beag:

Bíonn sé iontach deacair daoine a fháil chun infheistíocht a chur isteach i ghnólacht úr. De ghnáth, faigheann fir agus mná gnó ó:

- daoine ón chlann
- cairde
- daoine a oibríonn leo
- daoine atá ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh ach nach bhfuil an t-airgead iomlán acu ach oiread.

Bhí uncail ag Micheál a dúirt go mbeadh sé sásta £30,000 a chur isteach sa ghnó. Bhí teach £120,000 ag Micheál é féin a thiocfadh leis a dhíol chun airgead a chruinniú le hinfeistiú san óstán. Bheadh 80% den ghnó ag Micheál agus 20% ag a uncail. Bheadh Micheál ábalta na roghanna uile a dhéanamh as siocair go mbeadh níos mó ná leath den ghnólacht aige. Bheadh an brabús roinnte sa chóimheas 80:20 nó 4:1 agus an chuid is mó á fáil ag Micheál.

Sa deireadh, ní thiocfadh le Micheál agus a uncail aontú faoi seo. Ní raibh a uncail sásta le fiachas neamhtheoranta a bheith air dá mbeadh comhpháirtíocht acu. Ní raibh Micheál ag iarraidh comhlacht teoranta a bhunú mar gheall ar na costais a théann leis sin. Ní raibh an t-uncail sásta go mbeadh an cinneadh deireanach ag Micheál i gcónaí. Bhí sé buartha, chomh maith, go gcaillfeadh sé gach rud dá dteipfeadh ar an ghnólacht.



Sa deireadh, dhíol Micheál an teach agus fuair sé níos mó ná mar a bhí sé ag dúil leis. Mar gheall air sin bhí sé ábalta an £150,000 eile a chur isteach é féin.

Is sampla amháin é sin d'**fhoinse inmheánach airgeadais**. Ciallaíonn sé seo airgead a thagann ó thaobh istigh den ghnó.

Is samplaí iad seo d'fhoinsí eile inmheánacha:

- **caipiteal an úinéara**
- **brabús coinnithe** – brabús a choinnigh an gnó – nár roinn úinéirí an ghnó eatarthu.
- **díol sócmhainní seasta** – mar shampla, teach
- **díol scaireanna**
- **bailiú fiach** – airgead a bhí ‘ina luí amuigh’ agat a fháil ar ais ó fhoinsí eile

Is é **brabús coinnithe** an dóigh is coitianta chun airgeadas a fháil don ghnó. Ciallaíonn sé sin gur choinnigh na húinéirí an brabús agus nár roinn siad eatarthu é mar a tharlaíonn de ghnáth. Tá sé ar intinn ag Micheál an chuid is mó den bhrabús a chur isteach sa ghnó arís – chun níos mó a cheannach nó chun sócmhainn sheasta a chur leis an óstán – tuilleadh seomraí, mar shampla. Is foinse inmheánach é an brabús coinnithe mar go dtagann an t-airgead ó thaobh istigh den ghnó.

Is buntáiste mór é má bhíonn duine ag úsáid brabús coinnithe mar ní bhíonn orthu ús a íoc ar an airgead seo – mar a bheadh i gcás iasachta ón bhanc.

Thig le daoine **sócmhainn sheasta** a dhíol. Mar shampla, tá an t-óstán lonnaithe ar 3 acra talaimh.

Thiocfadh leis acra amháin a dhíol le tógálaí atá ag iarraidh tithe a thógáil sa cheantar.

Thiocfadh le Micheál an t-airgead a úsáid chun an bhialann a fheabhsú nó an foirgneamh a fhorleathnú.

Níl sé seo mar an gcéanna le caipiteal úr – a thagann ón taobh amuigh.



Ag cruinniú airgeadais trí iasachtaí

Thiocfadh leis na foinsí airgeadais teacht ó thaobh amuigh den ghnó – is **foinsí seachtracha** iad sin. Thig le gnólachtaí airgead a fháil ar iasacht. Caithfidh siad a fháil amach cad é an rogha is fearr dóibh – go háirithe cá háit a bhfuil an ráta úis is fearr acu. Caithfidh siad a fháil amach cad é a tharlaíonn má bhíonn deacrachtaí acu ag íoc an airgid ar ais.

Is samplaí iad seo d'airgeadas a thagann ón taobh amuigh:

- iasacht bhainc/rótharraingt (ag dul thar theorainn airgid s'agat sa chuntas)
- páirtí eile sa bhreis
- ag díol scaireanna den ghnó
- sócmhainn sheasta a ligean amach ar cíós
- morgáiste
- creidmheas trádála
- fachtóireacht
- deontais ón rialtas

Iasacht Bhainc

Níl na modhanna thuasluaite fóirsteanach má bhíonn £200,000 de dhíth chun trealamh úr a cheannach, mar shampla. Tá bealach níos fadtréimhsí de dhíth – cosúil le hiasacht bhainc. De ghnáth, faigheann an gnólacht méid áirithe ar iasacht agus íocann siad ar ais é i méideanna rialta seasta. Bíonn an t-ús clúdaithe sna haisíocaíochtaí. In amanna, bíonn ar an gnólacht **urrús** a chur ar fáil. Ciallaíonn sé sin go mbíonn sócmhainn nó sócmhainní ar fáil don bhanc ar eagla nach mbeidh an gnólacht ábalta na haisíocaíochtaí a íoc – an foirgneamh cuid mhaith den am.

Rótharraingt:

Bíonn cuntas reatha ag mórchuid na ngnólachtaí. Úsáideann siad an t-airgead atá istigh sa chuntas seo chun billí laethúla a íoc ag úsáid seiceanna. In amanna bíonn rótharraingt acu – ciallaíonn sé sin go mbíonn cead acu níos mó airgid a ghlacadh amach as an chuntas ná mar atá istigh ann. Bíonn uasmhéid a thig leo a ghlacadh amach - an teorainn rótharraingthe. Bíonn sí seo iontach úsáideach má bhíonn amanna ann sa bhliain nuair a bhíonn an gnólacht ciúin ach billí go fóill le híoc. Bíonn ar chustaiméirí an bhainc íoc as an rótharraingt agus thig leis an bhanc iarraidh ar chustaiméirí s'acu an rótharraingt a thabhairt ar ais láithreach.



Páirtí eile sa bhreis

Thiocfadh le gnólacht duine eile a ghlacadh isteach sa dóigh is go mbeadh níos mó infheistíochta ann.

Ag díol scaireanna den ghnó

Thiocfadh leis an ghnólacht scaireanna a dhíol sa dóigh go mbeadh siad ina gcomhlacht teoranta.

Fruilcheannach (FC)


Is cineál cairde (creidmheas) é seo a ligeann don chustaiméir an t-earra a bheith aige/aici láithreach, agus íoc as ina chodanna beaga ar feadh tréimhse comhaontaithe ina dhiaidh sin.

Bíonn ar an chustaiméir éarlais a íoc ar dtús, agus beagán go rialta ina dhiaidh sin. Ní leis/léi an t-earra go dtí go n-íoctar an tráthchuid dheireanach. Cé go bhfuil an fruilcheannach ar fáil go forleathan is foinse airgeadais an-chostasach í, mar go mbíonn ráta ard úis uirthi.



Léasú

Níl sa léasú, ach sócmhainn a fháil ar cíós. Ní bheidh úinéireacht na sócmhainne go deo ag an duine a bhfuil sí ar cíós aige. Is féidir gur lú i bhfad an costas a bheadh ar an léasú ná ar an fhruilcheannach ach nach tairbhe ar bith é go fadtréimhseach.



Morgáiste

Is cineál d'iasacht fadtréimhseach é an morgáiste. De ghnáth, úsáidtear an t-airgead chun foirgneamh nó talamh a cheannach. Bíonn an foirgneamh nó an talamh mar urrús don iasacht.

Creidmheas trádála

Thig le gnólachtaí creidmheas a fháil ó na soláthraithe atá acu. Ciallaíonn sé seo nach mbeadh orthu íoc as na hearraí a fhaigheann siad ag an am – b'fhéidir go bhfanfadh na soláthraithe mí nó cúpla mí ar an airgead. Má bhíonn siad ábalta táirgíocht a mhéadú, tá seans ann go bhfaighidh siad tuilleadh creidmheasa, ansin tuilleadh táirgthe srl.

Thig le soláthraithe an creidmheas a stopadh má éiríonn siad buartha faoin mhéid atá le haisíoc ag gnólacht agus chiallódh sé sin nach mbeadh an gnólacht ábalta na hearraí riachtanacha atá de dhíth don táirgeadh a fháil.

Fachtóireacht

Thig le gnólachtaí daoine a fhostú chun fiacha a bhailiú. Díolann roinnt gnólachtaí a gcuid fiach le gnólacht fachtóireachta. Má tá airgead le fáil ag gnólacht thig leo fachtóir a úsáid – bailíonn siad an t-airgead agus tugann an gnólacht airgead dóibh chun í seo a dhéanamh.

Thig le gnólachtaí airgead a shábháil óir ní chaithfidh siad daoine a fhostú le dul thart chun airgead a fháil. Tabharfaidh an fachtóir an

t-airgead don ghnólacht fiú nuair nach bhfuil an bille íoctha ag na custaiméirí – tabharfaidh siad 80% de ghnáth agus an 20% eile nuair a fhaigheann an fachtóir an t-airgead ón chustaiméir. An buntáiste is mó a bhaineann leo go gcuidíonn sé le hairgead a choinneáil ag sreabhadh (ag bogadh) tríd an ghnólacht.

Deontais ón rialtas

Tugann an rialtas deontais do ghnólachtaí ar mhaithe le cuspóirí éagsúla: chun cuidiú leo monarchana nua a cheannach; chun trealamh a cheannach; chun oibrithe a oiliúint; agus chun tabhairt faoi thaighde margaidh sa bhaile agus thar lear. Bíonn deontais le fáil as foinsí éagsúla (m.sh. comhlachtaí rialtais nó gníomhaireachtaí de chuid an Aontais Eorpaigh). Is minic a bhíonn coinníollacha áirithe ag dul leo. Mar shampla, is féidir go dtabharfaí suim áirithe airgid do chomhlachtaí ar an choinníoll go bhfostóidís méid áirithe daoine. Mura mbaineann siad na spriocanna amach, b'fhéidir go n-iarrfaí an deontas ar ais.



NA CUNTAIS DEIRIDH

Is iad cuntais deiridh an ghnólachta na gearr-ráitis airgeadais a chuirtear ar fáil ag deireadh gach bliain trádála.


Sna bunchuntais deiridh bíonn:

- **Cuntas trádála**
- **Cuntas brabúis agus caillteanais**
- **Clár comhardaithe**



Thiocfadh leat a rá gur **físeán** de ghníomhaíochtaí an ghnólachta i rith na bliana atá sa chuntas trádála, brabúis agus caillteanais. Is léiriú é ar na rudaí a tharla sa ghnólacht i rith na bliana.

Bíonn an clár comhardaithe mar a bheadh **grianghraf** ann de staid an ghnólachta ar an lá deiridh den bhliain.



Cuntas trádála:

Bíonn trí phíosa eolais sa chuntas seo:


- **díolacháin** – luach na n-earraí a díoladh i rith na bliana.
- **costas na ndíolachán** – seo costas na n-earraí a dhíol an gnólacht i rith na bliana.
- **brabús comhlán** – an difríocht idir an dá fhigiúr thuas. Caithfear costais bhreise, mar shampla, teas agus leictreachas, a íoc as an fhigiúr seo.

$$\text{Céatadán an Bhrabúis chomhlán} = \frac{\text{Brabús comhlán}}{\text{Díolacháin}} \times \frac{100}{1}$$

An cuntas brabúis agus cailteanais:

Bíonn an cuntas brabúis agus cailteanais díreach faoin chuntas trádála. Bíonn ceithre phíosa eolais ann:

- **Brabús comhlán** – an figiúr a bhíonn sa chuntas trádála.
- **Ioncam eile** – mar shampla, ús a tuilleadh ar chuntais bhainc.
- **Costais** – na costais uile ó lá go lá a bhaineann le réachtáil an ghnólachta, mar shampla, cíos, pá, fógraíocht, ús ar iasachtaí.
- **Brabús glan** – an difríocht idir ioncam iomlán agus na costais iomlána. Is le húinéirí an ghnólachta an brabús glan, ach caithfear cáin a bhaint as. Na húinéirí a dhéanfaidh an cinneadh cad é a dhéanfar leis an bhrabús i ndiaidh cáin a íoc air. Más le roinnt daoine an gnólacht, mar a tharlaíonn de ghnáth i gcás comhlachtaí, caithfear a léiriú cad é mar a roinneadh an brabús glan. Bíonn úinéirí áirithe ag iarraidh an brabús glan a fhágáil sa ghnólacht chun cuidiú leis fás agus éirí níos mó agus níos luachmhaire.


$$\text{Céatadán an Bhrabúis ghlain} = \frac{\text{Brabús glan}}{\text{Díolacháin}} \times \frac{100}{1}$$

Clár Comhardaithe:

Ráiteas de na sócmhainní, de na dliteanais agus den chaipiteal atá ag gnólacht ar dháta áirithe is ea an clár comhardaithe. Cineál grianghraif é a thógtar de ghnólacht ar an lá deiridh den bhliain trádála.

Sócmhainní: na rudaí ar leis an ghnólacht iad nó atá dlite dó (le fáil ar ais ó dhaoine eile).

Fiachais: rud ar bith atá le tabhairt ar ais do dhaoine taobh amuigh.

Caipiteal: an t-infheistiú a dhéanann na húinéirí sa ghnólacht.

An Clár Comhardaithe



Caithfidh comhlacht clár comhardaithe a chur ar fáil ag deireadh na bliana a thaispeánfaidh na sócmhainní agus na fiacha atá ag an chomhlacht. Léiríonn sé luach an ghnólachta ag an phointe sin. Thig le gnólachtaí eile, agus daoine eile an clár a úsáid chun cinneadh a dhéanamh faoi iasacht a thabhairt dóibh nó chun scaireanna a cheannach ann, mar shampla. Thig leis an chomhlacht é féin an clár comhardaithe a úsáid chun cinneadh a dhéanamh faoin todhchaí.

Sócmhainní:

Roinntear sócmhainní an ghnólachta ina dhá ngrúpa: sócmhainní seasta agus sócmhainní reatha.

- **Sócmhainní seasta:** sócmhainní a mhaireann níos faide ná bliain. Rudaí iad seo atá le húsáid sa ghnólacht. Samplaí de shócmhainní seasta is ea áitreabh, trealamh, troscán agus córacha iompair. Ní thig leat na sócmhainní seasta a fheiceáil i gcónaí, mar shampla, is sampla de shócmhainní seasta iad infheistíochtaí i ngnólachtaí eile.
- **Sócmhainní reatha:** sócmhainní nach maireann chomh fada le bliain. Ciallaíonn sé sin go dtagann athrú orthu i rith na bliana. Samplaí de shócmhainní reatha is ea stoc, airgead sa bhanc. Tá na sócmhainní reatha ar cheann de na rudaí a thig leis an ghnólacht a athrú go furasta agus go gasta ina airgead tirim.

Chun na sócmhainní seo a cheannach caithfidh gnólachtaí airgead a chruinniú ó fhoinsí difriúla, mar shampla, iasachtaí.

Fiacha:

Ar an dóigh chéanna le sócmhainní, roinntear fiacha an ghnólachta a bhíonn i gclár comhardaithe ina dhá ngrúpa: fiacha reatha agus fiacha fadtréimhseacha.

- **Fiacha reatha:** fiacha a chaithfidh an gnólacht a íoc taobh istigh de bhliain. Mar shampla: creidmheas, rótharraingt bhainc agus díbhinní do scairshealbhóirí. Is é an creidmheas an ceann is tábhachtaí, de ghnáth.
- **Fiacha fadtréimhseacha:** fiacha de chuid an ghnólachta nach gcaithfear a íoc ina n-iomláine go dtí am éigin sa todhchaí (níos faide ná bliain, de ghnáth). Mar shampla, iasachtaí fadtréimhseacha ó aon chineál institiúid airgeadais, morgáiste.

Caipiteal:

Is é caipiteal an ghnólachta an t-airgead a chuireann na húinéirí agus na hiasachtóirí ar fáil. Más comhlacht é an gnólacht, infheistíonn na húinéirí sa chaipiteal trí scaireanna a cheannach.

Caipiteal Oibre = Sócmhainní reatha - Fiacha reatha

Cé chomh rathúil is atá gnólacht?

Tá cuid mhór bealaí difriúla chun an cheist seo a fhreagairt. Thiocfadh leat amharc ar an chuntas brabúis agus cailteanais um thrádáil nó ar an chlár comhardaithe. Is bealach eile é breathnú ar an chóimheas airgeadais. Nuair atá na figiúirí seo oibrithe amach ag úinéirí comhlachta, thig leo cinneadh a dhéanamh faoi athruithe.

Brabús comhlán:

1.

Tá ardú díolacháin ó £170,000 go £295,000 le feiceáil idir 1999 agus 2003. Is ardú mór é seo.

Cuntas Trádála :

	1999 £000	2000 £000	2001 £000	2002 £000	2003 £000
Díolacháin	170	178	210	245	295
Costas na ndíolachán	121	131	158	180	211
	—	—	—	—	—
Brabús Comhlán	49	47	52	65	84
Cóimheas an Bhrabúis Chomhláin	28.8%	26.4%	24.8%	26.5%	28.5%

An dtaispeánann é seo go bhfuil an gnólacht rathúil? Tá ardú i gcostas na ndíolachán chomh maith ó £121,000 go £211,000.

Ar chóir don ghnólacht bheith buartha faoin ardú seo?

- **Níor chóir** – Tá díolacháin chóir a bheith dhá oiread níos mó ná mar a bhí agus, mar sin de, is dócha go mbeadh ardú sna costais díolacháin chomh maith.
- **Ba chóir** – B'fhéidir go raibh costas na ndíolachán ag ardú ag ráta níos gasta ná na díolacháin. Ansin ní bheadh ardú sa **bhrabús comhlán**.

Bealach amháin lena fháil amach cad é atá ag tarlú do dhíolacháin i gcomparáid le costais na ndíolachán **cóimheas an Bhrabúis Chomhláin** a ríomh.

Feicimid ón Chuntas Trádála gur thit cóimheas an Bhrabúis chomhláin idir 1999 agus 2001. Thiocfadh le cuid mhór cúiseanna difriúla a bheith ann.

$$\text{Céatadán an Bhrabúis Chomhláin} = \frac{\text{Brabús comhlán}}{\text{Díolacháin}} \times \frac{100}{1}$$

- B'fhéidir gur ardaigh costais níos mó ná praghsanna. B'fhéidir gur fhorleathnaigh an ghnólacht róghasta agus ní thiocfadh leo an costas aonaid a choinneáil íseal.
- B'fhéidir gur thit díolacháin. Má bhíonn ar ghnólacht na praghsanna a ardú mar gheall ar iomaíocht, thiocfadh le díolacháin laghdú.

D'ardaigh cóimheas an Bhrabúis Chomhláin idir 2001 agus 2003. Is comhartha maith é sin don ghnólacht. B'fhéidir go bhfuil smacht níos fearr acu ar na costais anois nó b'fhéidir go raibh siad ábalta praghsanna a ardú.


2. Bíonn **brabús comhlán** iontach tábhachtach, ach ní chuireann sé na forchostais uile san áireamh. Bíonn an **brabús glan** níos tábhachtaí ag úinéirí an ghnólachta.

Is léir ón Chuntas Brabúis agus Caillteanais gur thit an brabús glan idir 1999 agus 2000.

Cuntas Brabúis agus Caillteanais :

	1999 £000	2000 £000	2001 £000	2002 £000	2003 £000
Brabús comhlán	49	47	52	65	84
Forchostais	40	46	37	41	54
	—	—	—	—	—
Brabús glan	9	1	15	24	30
	—	—	—	—	—
Cóimheas an Bhrabúis ghlain	5.3%	0.9%	7.1%	9.8%	10.2%

Sa bhliain 2000 níor shaothraigh an gnólacht mórán brabúis ghlain. Ach d'éirigh go maith leo idir 2001 agus 2003. Feicimid seo ó chóimheas an bhrabúis ghlain chomh maith. Taispeánann sé an brabús glan atá an gnólacht a shaothrú do gach earra a dhíoltar.



$$\text{Céatadán an Bhrabúis ghlain} = \frac{\text{Brabús glan}}{\text{Díolacháin}} \times \frac{100}{1}$$

Léiríonn cóimheas íseal nach bhfuil an gnólacht chomh rathúil agus ba mhaith leis a bheith. Bhí feabhas air idir 2000 agus 2003 mar bhí an cóimheas chóir a bheith dhá oiread níos mó i 2003 ná mar a bhí i 2000. Níor athraigh an brabús comhlán mórán sa tréimhse seo. Léiríonn sé seo gur ghearr siad na forchostais do gach earra a dhíol siad.

3. Toradh ar Chaipiteal in Úsáid

Baineann an tríú bealach le ráta ‘toradh ar chaipiteal in úsáid’ (TACÚ). Abair gur shaothraigh tú £10 úis ar airgead a chuir tú i gcuntas bainc bliain ó shin. Ní thig leat a rá gur infheistíocht mhaith nó olc a bhí ann go dtí go bhfuil a fhios agat an méid a bhí sa chuntas (do Chaipiteal). Más £20 a bhí ann, ciallaíonn sé sin gur shaothraigh tú 50% den airgead – ráta iontach maith. Más milliún punt a bhí ann, níor éirigh go rómhaith leat.

Ar an dóigh chéanna le gnólachtaí – ní thig leo a rá cé chomh rathúil is a bhí siad go dtí go ndéanann siad comparáid idir an brabús agus an méid caipitil atá sa ghnólacht. Seo an rud a thaispeánann an TACÚ:

$$\text{TACÚ (\%)} = \frac{\text{Brabús Glan}}{\text{Caipiteal in úsáid}} \times \frac{100}{1}$$

Is é atá sa chaipiteal in úsáid na sócmhainní seasta agus an caipiteal oibre le chéile.

Taispeánann an tábla thíos go léiríonn an TACÚ an scéal céanna a bheag nó a mhór leis an dá chóimheas eile.

Toradh ar Chaipiteal in Úsáid:

	1999 £000	2000 £000	2001 £000	2002 £000	2003 £000
Brabús glan	9	1	15	24	30
Caipiteal in Úsáid	72	81	103	93	119
Ráta ar Thoradh ar Chaipiteal in Úsáid	12.5%	1.2%	14.6%	25.8%	25.2%

Níor éirigh go rómhaith leis an ghnólacht idir 1999 agus 2000. Thit an TACÚ go tobann. D'ardaigh sé ina dhiaidh sin, áfach, idir 2001 agus 2002. Tabhair faoi deara gur thit an TACÚ beagán idir 2002 agus 2003. Tá a fhios againn gur ardaigh díolacháin, gur ardaigh brabús comhlán agus gur ardaigh brabús glan. Bheifeá den bharúil gur éirigh go maith leis an ghnólacht. Ach d'ardaigh an caipiteal in úsáid, chomh maith. An toradh a bhí ann gur thit an sochar ar an airgead infheistithe sa ghnólacht – droch-chomhartha don ghnólacht é sin. Beidh orthu úsáid níos fearr a bhaint as an chaipiteal chun an ráta seo a ardú.

Ag déanamh comparáide:

Bíonn sé iontach úsáideach comparáid a dhéanamh idir na blianta. Bíonn gnólachtaí ábalta comparáid a dhéanamh le gnólachtaí cosúla eile – lena fháil amach an bhfuil ag éirí go maith leo sa bhliain nó nach bhfuil.

Caipiteal Oibre

Bíonn sócmhainní de dhíth ar ghnólachtaí chun earraí agus seirbhísí a sholáthar. Bíonn sócmhainní seasta de dhíth ar nós oifigí agus modhanna taistil. Bíonn caipiteal oibre de dhíth, chomh maith – airgead tirim, stoic agus íocaíochtaí atá le híoc gan mhoill. Níor mhaith le gnólacht go mbeadh barraíocht acu sa chaipiteal oibre. Thiocfadh le hairgead atá infheistithe i stoic bheith ag saothrú i bhfad níos mó airgid dá mbeadh sé infheistithe in infheistíocht fhadtréimhseach nó thiocfadh leo a úsáid chun inneallra nua a cheannach. Ar an taobh eile den scéal, mura bhfuil go leor caipiteal oibre acu, tá seans ann nach n-éireoidh leis an ghnó. Níl siopa gan stoc ag dul a shaothrú brabúis. Caithfidh gnólachtaí an méid caipiteal oibre atá de dhíth orthu le bheith rathúil a oibriú amach.

Scéal Max

D'oibrigh Max ar feadh tamaill fhada in ollmhargadh beag sular roghnaigh sé gur mhaith leis a shiopa féin a oscailt. Bhí deis aige siopa a fháil ar cíós i gceantar úr siopadóireachta in aice le heastát tithíochta. Bhí roinnt airgid i dtaisce aige agus thug daoine ón teaghlach airgead dó, chomh maith. Thug an banc rótharraingt dó – bhí sé ábalta £10,000 a fháil ar iasacht óna chuntas reatha.

Bhí a fhios aige go raibh sócmhainní seasta de dhíth ar ollmhargadh beag – an siopa é féin, agus veain. Bheadh caipiteal oibre de dhíth, chomh maith, sa dóigh go dtiocfadh leis íoc as na costais laethúla, mar shampla, tuarastail agus billí.


Ba é a bhí sa chaipiteal oibre:


- ☞ luach an airgid thirim sa ghnólacht
- ☞ stoic atá le díol
- ☞ an t-airgead atá le híoc ar ais ag cuid de na custaiméirí a bhfuil creidmheas acu leis
- ☞ an t-airgead atá le híoc ar ais aige ar an rótharraingt
- ☞ an t-airgead atá le tabhairt ar ais do ghnólachtaí eile.

Caipiteal Oibre = Sócmhainní reatha - Fiacha reatha

Timthriall an Chaipitil Oibre

Tá timthriall an chaipitil oibre ag gach gnólacht.





Bhí ar Max stoc a cheannach chun an t-ollmhargadh a oscailt. Fuair sé sin ón mhórdhíoltóir nó thig leisean cuid mhór a cheannach ar phraghas níos saoire. De bhrí go raibh sé ag tosú go measartha beag, bhí air airgead a thabhairt as an stoc. Sa chéad seachtain den trádáil fuair sé airgead ó na custaiméirí. Bhí sé ábalta níos mó stoic a cheannach. I rith an dara seachtain, dhíol sé an stoc seo agus fuair sé níos mó

airgid arís agus cheannaigh sé níos mó. . . srl. Bhí air cuid den airgead a choinneáil don chíos a bhí le híoc go míosúil. Bhí billí eile ann chomh maith.

Riachtanais Chaipiteal Oibre

Bhí a fhios ag Max go mbeadh go leor caipiteal oibre de dhíth air le maireachtáil. Bhí air go leor sócmhainní reatha a bheith fágtha i ndiaidh na bhfiach reatha chun na billí laethúla a íoc. Deirtear gur rud maith atá ann má bhíonn na sócmhainní reatha idir 1 agus 2 oiread na bhfiach reatha. Ciallaíonn sé sin go mbeidh an gnólacht ábalta maireachtáil má tharlaíonn tubaiste. B'fhéidir go ndéarfadh an banc gur mhaith leo an rótharraingt ar ais go gasta, nó, b'fhéidir go bhfuil Max ag díol le bialann agus go dtéann an bhialann as gnó – bheadh air airgead a bheith aige chun na costais seo a chlúdach.

Thiocfadh le Max a oibriú amach an bhfuil go leor caipiteal oibre aige tríd an chóimheas reatha a oibriú amach. Is é seo an cóimheas idir na sócmhainní reatha agus na fiacha reatha.

$$\text{CÓIMHEAS REATHA} = \frac{\text{SÓCMHAINNÍ REATHA}}{\text{FIACHA REATHA}}$$

Má bhíonn an figiúr seo ard, ciallaíonn sé go bhfuil cuid mhór caipiteal oibre sa ghnólacht agus bíonn an gnólacht níos sábháilte.

Caipiteal Oibre an ollmhargaidh ag deireadh na chéad bhliana		
	£	£
Airgead tirim	1500	
Fiacha	0	
Stoc	16000	
Sócmhainní Reatha		17500
Rótharraingt	9000	
Creidmheas	1000	
Fiacha Reatha		<u>10000</u>
Caipiteal Oibre		7500

Ag deireadh na chéad bhliana, bhí cóimheas reatha cothrom le $\pounds 17500 \div \pounds 10000$ atá cothrom le 1.75 le 1. De ghnáth, bíonn an figiúr seo idir 1.5 agus 2 le 1. Má bhíonn an figiúr seo ró-íseal, tá seans ann nach mbeidh an gnólacht ábalta na billí a íoc agus go rachaidh siad as gnó. Ach níor mhaith leo figiúr ró-ard ach oiread mar ní shaothraíonn sócmhainní reatha mórán airgid agus is dócha go mbeadh an t-airgead níos úsáidí áit éigin eile.

CÓIMHEAS FÍORTHÁSTÁLA

Is cuid den chaipiteal oibre é an stoc. I rith na chéad bhliana, bhí Max iontach cóngarach de bheith ag dul as gnó. Bhí an trádáil ag ardú seachtain i ndiaidh seachtaine agus i mí Iúil tharla sé nach raibh go leor stoic aige i gcónaí. Ag deireadh mhí Iúil cheannaigh sé trí oiread an mhéid stoic a bhí sé a cheannach roimhe sin. Shíl sé go ndíolfadh sé sin go gasta. Ní raibh a fhios aige gur drochmhí do shiopaí mí Lúnasa cionn is go mbíonn cuid mhór daoine ar laethanta saoire. Bhí cuid mhór caipiteal oibre aige ach bhí i bhfad barraíocht stoic aige agus gan go leor airgid.

Thig le gnólachtaí súil a choinneáil ar an chineál faidhbe seo ag ríomh cóimheasa eile, an cóimheas fíorthástála.

Ní bhíonn stoc san áireamh sna sócmhainní reatha agus tú ag ríomh chóimheas na sócmhainní reatha leis na fiacha reatha.

$$\text{CÓIMHEAS REATHA} = \frac{\text{SÓCMHAINNÍ REATHA}}{\text{FIACHA REATHA}}$$

Ar nós an chóimheasa reatha, bíonn an gnólacht níos sábháilte má bhíonn an cóimheas fíorthástála níos airde. Ag deireadh na chéad bhliana bhí sócmhainní reatha lúide stoc cothrom le £17500-£16000 = £1500. Mar sin de tá an cóimheas fíorthástála cothrom le $\frac{£1500}{£10000} = 0.15$ le 1. Tá sé seo go hiomlán difriúil ón 1.75 le 1 sa chóimheas reatha. De ghnáth, bheadh an cóimheas fíorthástála idir 0.5 : 1 agus 1 : 1. Tá figiúr Max i bhfad níos ísle ná é sin agus taispeánann sé go bhfuil seans mór ann go mbeadh fadhbanna aige ag aisíoc cuid dá fhiacha dá mbeadh drochmhí aige.

Costais

Ioncam agus Costais:

Braitheann brabús an ghnólachta ar ioncam agus costais s'aige. Má tá gnólacht ag iarraidh an brabús is airde a fháil, caithfidh siad an t-ioncam is airde a fháil a dtig leo agus na costais is ísle. Chun é seo a dhéanamh, caithfidh siad a fháil amach cá as a dtagann an t-ioncam agus cad iad na costais atá acu.

BRABÚS:

Is é an brabús an difríocht idir luach an mhéid a dhíoltar agus na costais táirgthe. Oibrítear é seo amach thar thréimhse áirithe, mar shampla sé mhí nó bliain.

BRABÚS = IONCAM DÍOLACHÁIN - COSTAIS

Bíonn gnólachtaí ag iarraidh an méid a dhíolann siad a ardú i gcónaí. Taispeánann ardú díolacháin go bhfuil gnólacht rathúil. De ghnáth, bíonn réimse earraí ag gnólachtaí – méideanna difriúla, dathanna difriúla.

Cuireann gnólachtaí an láimhdeachas ó gach earra le chéile chun an t-ioncam a oibriú amach.


- Iolraíonn siad an meánchostas faoin mhéid a dhíolann siad chun an t-ioncam a fháil.
- Thig leo ioncam sa todhchaí a oibriú amach – ag oibriú amach cá mhéad a bheadh orthu a dhíol chun brabús áirithe a bhaint amach.

COSTAIS DHIFRIÚLA

Bíonn costais dhifriúla ag gnólachtaí – na hamhábhair, pá na n-oibrithe, cíos, leictreachas, guthán, billí eile srl.

Fanann roinnt costas mar an gcéanna – is cuma faoin mhéid a dhéantar. Is é cíos an sampla is coitianta. Is **buanchostais nó costais sheasta** iad seo.

Caithfidh gnólachtaí a chuimhneamh go mbeidh na costais seo ann – fiú mura bhfuil earraí ar bith á dtáirgeadh sa mhonarcha. Taispeánann an graf thíos na costais sheasta. Feicimid go mbeidh £50,000 le híoc ag an ghnólacht gach bliain, is cuma faoin mhéid a tháirgtear.




Athraíonn roinnt costas eile de réir mar a athraíonn an táirgeadh. Costais na n-amhábhar, mar shampla, is costais athraitheacha iad.


Costais Athraitheacha:

Is iad seo na costais a athraíonn de réir táirgthe. Is iad na hamhábhair an sampla is coitianta. Athraíonn an costas seo ag brath ar an mhéid a dhéantar a tháirgeadh. Féach an graf thíos.


Costais
(£)



Is iad na costais iomlána na costais sheasta móide na costais athraitheacha. Bíonn an graf do na costais iomlána mar seo:



POINTE MEÁ AR MHEÁ



Caithfidh gnólachtaí cinneadh a dhéanamh faoin mhéid atá siad ag dul a tháirgeadh. Oibríonn bainisteoirí amach na costais sheasta agus na costais athraitheacha agus, chomh maith leis sin, oibríonn siad amach an t-ioncam ó dhíolacháin. Caithfidh siad a fháil amach an bhfaighidh siad brabús ar bith, an gcaillfidh siad airgead nó an mbeidh costais agus ioncam cothrom lena chéile. Is é an pointe meá ar mheá nuair a chlúdaíonn an t-airgead atá ag teacht isteach costais an táirgthe. Ní bhíonn brabús ann ag an phointe meá ar mheá.

Buiséad – Is réamhaisnéis é seo ar cad é a d’fhéadfadh a tharlú. Ní bhíonn na figiúirí seo beacht – bíonn gnólachtaí ag tomhas an mhéid a bheidh ag teacht isteach. Cé nach mbíonn siad cruinn i gcónaí, bíonn siad úsáideach agus gnólacht ag pleanáil don todhchaí.

Ríomhann siad an pointe meá ar mheá – áit a bhfuil gach rud cothrom agus nach bhfuil brabús ag teacht isteach – ag úsáid na modhanna seo:


1. AN MODH RANNÍOCAÍOCHTA

Is í an ranníocaíocht:
praghas an aonaid - costas athraitheach an aonaid.

Má tá freagra deimhneach air seo bíonn brabús agat. Chun an pointe meá ar mheá a oibriú amach úsáidtear an fhoirmle thíos:

$$\text{Pointe meá ar mheá} = \frac{\text{costais sheasta}}{\text{ranníocaíocht}}$$

ANAILÍS MHEÁ AR MHEÁ DO PHICTIÚRLANN




2. GRAF



Oibríonn gnólachtaí amach na **costais iomlána** ag iolrú na meánchostas faoin chainníocht. Cuirtear na costais athraitheacha iomlána agus na costais sheasta iomlána le chéile chun na costais iomlána a oibriú amach.

Is é an pointe meá ar mheá an áit a mbuaileann costais iomlána leis an ioncam iomlán.



Tá an pointe meá ar mheá ann nuair atá an méid daoine = 50000 agus ioncam agus costais = £300000 ag trasnú a chéile. Ar an taobh deas den phointe seo beidh brabús ag an phictiúrlann agus ar an taobh clé caillfidh siad airgead.

Is í an chainníocht ar bharr an phointe meá ar mheá (níos mó ná 50000 sa chás seo) **an lámháil sábháilteachta**. Is é sin an réimse aschuir a bhfuil brabús ann.

Bíonn an pointe meá ar mheá iontach úsáideach chun pleanáil agus réamhaisnéis a dhéanamh.

Réamhaisnéis

Tá sé tábhachtach go mbeadh gnólachtaí ag smaoineamh ar an todhchaí. Caithfidh siad pleanáil sa dóigh go mbeidh siad ullmhaithe. Caithfidh siad go leor airgid thirim a choinneáil sa dóigh go dtig leo íoc as billí agus amhábhair a cheannach.